



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

2021

Comhairle Contae
Chorcaí

Tuarascáil Bhliantúil

2021

Comhairle Contae Chorcaí Tuarascáil Bhliantúil



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

Clár an ábhar

Teachtaireacht ón gComhairleoir Gillian Coughlan, Méara Chontae Chorcaí & Tim Lucey, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Chorcaí	3
Comhaltaí Tofa na Comhairle	4
Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair	9
Bóithre, Iompar agus Sábháilteacht	12
Seirbhísí Uisce agus Rannóg Innealtóir an Chontae	16
Tithíocht	18
Comhshaol	23
Rialú Dóiteáin & Foirgnimh	28
Pleanáil agus Forbairt	33
Forbairt Gheilleagrach, Fiontraíocht agus Turasóireacht	40
Airgeadas	51
Oibríochtaí Ceantar Bardasacha agus Forbairt Tuaithe	54
Teicneolaíocht Faisnéise agus Chumarsáide	72
Seirbhísí Corparáideacha	74
Coistí um Beartais Straitéiseacha (CBSanna)	81
Aguisíní	86

Teachtaireacht ó



Méara Chontae Chorcaí,
An Comhairleoir, Gillian Coughlan



& Tim Lucey,
Príomhfheidhmeannach,
Chomhairle Contae Chorcaí

Is údar áthais dúinn Tuarascáil Bhliantúil Chomhairle Contae Chorcaí don bhliain 2021 a chur i láthair leis seo, ina dtugtar breac-chuntas ar scóip ollmhór na ngníomhaíochtaí, na seirbhísí agus na dtacaíochtaí faoina dtugann Comhairle Contae Chorcaí chun tacú leis na pobail ar a bhfreastalaímid. Bliain shuntasach ab ea 2021; ráinig don tréimhse dhianghlása d'heireanach - agus an ceann ab fhaide - a bheith ann ag tús na bliana ach léiríodh teacht aniar freisin sa chaoi ar tacaíodh leis an saol sóisialta agus le pobail a thabhairt ar ais inár spásanna poiblí.

Tar éis bli ain a chaitheamh ag freagairt do dhúshlán na paidéime, bhí teacht aniar an phobail áitiúil ní b'airde ná riamh; bhí gnólachtaí agus grúpaí pobail ar bís le glacadh leis an réimse ollmhór maoinithe agus tacaíochta agus nuair a leathadh amach an vacsaín léirigh siad athnuachan i ngach gné de shaol Chorcaí.

Chuireamar cistiú €1.8 milliún ar fáil don eanáil dheonach a rinne obair thar na bearta ina bpobail ó bhí Covid-19 ina thús in Éirinn. Ceadaíodh cistiú éigeandála €65,000 sa bhreis chun cuidiú le grúpaí pobail agus dheonacha le costais oibríochtúla. Níl aon amhras ach go bhfuil an obair dheonach de dhlúth agus d'inneach phobal Chontae Chorcaí. Déantar comóradh ar a gcuid iarrachtaí, agus ar an tacaíocht phobail a chuireann daoine ar fáil do dhaoine eile i ngach gné de shaol an chontae ar fad, i leacht Meitheal ar an bplás sa Ráth a ainmníodh as traidisiún ársa an chomhair ar son riachtanais shóisialta.

Bronnadh cistiú Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte ar shé bhaile i gContae Chorcaí. Bronnadh cistiú €3.2 milliún ar Chontae Chorcaí le haghaidh Aeraíochta freisin agus leithdháileadh €15 milliún i gcomhair tionscadail taistil inbhuanaithe. B'údar áthais linn freisin an méadú 42% sa Leithdháileadh Bóithre Náisiúnta, agus tá tionchar dearfach tar éis a bheith imeartha - agus fós á imirt - ag na bearta seo ar fad ar an nascacht inár mbailte agus inár sráidbhailte.

De réir mar a maolaíodh na srianta, chonaiceamar borradh faoi ghníomhaíochtaí sóisialta, cultúrtha agus geilleagracha nuair a tháinig daoine le chéile agus iad ag tabhairt airde mar ba chúil do shábháilteacht a chéile. Thacaigh an Chomhairle lena sraith ceolchoirmeacha agus taibhithe Cork Co Co Pops agus leis an aip iontach thurasóireachta Explore Cork chun na conláistí áille agus na gnólachtaí atá ar fáil do mhuintir na háite agus do chuariteoirí araon a chur os comhair an phobail.

Coinníodh muintir Chontae Chorcaí agus cuairteoirí ar an eolas maidir leis an líon mór forbairtí dearfacha agus maidir leis na gníomhaíochtaí ar fad ar tacaíodh leo trí shuíomh gréasáin agus cuntais meán sóisialta corparáideach na Comhairle, lena freastalaíodh ar réimse ábhar spéise amhail feasacht comhshaoil, cultúr agus oidhreacht, feabhsuithe áitiúla agus tacaíochtaí pobail.

Rinneadh méid iontach feabhsuithe ar an ríocht phoiblí agus ar chonláistí mar fhreagairt ar an spéis athnuaithe inár gconláistí a léiríodh ar fud an chontae nuair a maolaíodh na srianta taistil - áiteanna súgartha, páirceanna, cosáin, clárchosáin agus múrphictiúir – agus oscailt Pháirc an Phobail, Inis Sionnach, cor cinniúnach don chontae.

Tá buaicphointí ó gach cearn den chontae inár dtuarascáil bhliantúil lena léirítear an iliomad rudaí is féidir a bhaint amach nuair a oibríonn pobail, gnólachtaí agus údarás áitiúla as lámha a chéile. Tá an dul chun cinn a d'fhorbraíomar in 2021 fós ann inniu agus tá feabhsuithe suntasacha á ndéanamh do dhaoine aonair agus do phobail dá bharr. I bhfianaise na ndúshlán a bhí romhainn, is údar mór spreagtha dúinn breathnú ar an méid is féidir a bhaint amach anseo i gCorcaigh agus táimid muiníneach go ndéanfar ceiliúradh ar 2021 mar gheall ar an méid a baineadh amach ar son ár gcuid pobal.



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

Comhaltaí Tofa na Comhairle



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

Ceantar Bardasach Charraig Uí Leighin

Clr Audrey Buckley
Clr Ben Dalton O'Sullivan
Clr Jack White
Clr Marcia D'Alton
Clr Seamus McGrath
Clr Michael Paul Murtagh

Ceantar Bardasach Mhaigh Chromtha:

Clr Eileen Lynch
Clr Gobnait Moynihan
Clr Martin Coughlan
Clr Michael Creed
Clr Michael Looney
Clr Ted Lucey

Ceantar Bardasach an Chóibh

Clr Alan O'Connor
Clr Anthony Barry
Clr Cathal Rasmussen
Clr Sean O'Connor
Clr Sheila O'Callaghan
Clr Sinead Sheppard

Ceantar Bardasach Dhroichead na Bandan-Chionn tSáile

Clr Alan Coleman
Clr Gillian Coughlan
Clr John O'Sullivan
Clr Kevin Murphy
Clr Marie O'Sullivan
Clr Sean O'Donovan

Ceantar Bardasach Mhainistir Fhear Maí

Clr Deirdre O'Brien
Clr Frank O'Flynn
Clr Frank Roche
Clr Kay Dawson
Clr Noel McCarthy
Clr William O'Leary

Ceantar Bardasach Cheann Toirc-Mhala

Clr Bernard Moynihan
Clr Gearóid Murphy
Clr Gerard Murphy
Clr Ian Doyle
Clr James Kennedy
Clr John Paul O'Shea
Clr Liam Madden
Clr Pat Hayes
Clr Tony O'Shea

Ceantar Bardasach Chorcaigh Thoir

Clr Ann Marie Ahern
Clr Danielle Twomey
Clr Liam Quaide
Clr Mary Linehan Foley
Clr Michael Hegarty
Clr Noel Collins
Clr Susan McCarthy

Ceantar Bardasach Chorcaigh Thiar

Clr Danny Collins
Clr Declan Hurley
Clr Deirdre Kelly
Clr Joe Carroll
Clr Karen Coakley
Clr Katie Murphy
Clr Patrick Gerard Murphy
Clr Paul Hayes
Clr Ross O'Connell

Sonraí na gCeantar Bardasach

Ceantar Bardasach Charraig Uí Leighin

Oifigeach Ceantair Bhardasaigh:
Carol Conway
Cathaoirleach:
Clr Marcia D'Alton

Ceantar Bardasach an Chóibh

Oifigeach Ceantair Bhardasaigh:
Padraig Lynch
Cathaoirleach:
Clr Cathal Rasmussen

Ceantar Bardasach Dhroichead na Bandan-Chionn tSáile

Oifigeach Ceantair Bhardasaigh:
Paul Barry
Cathaoirleach:
Clr John O'Sullivan

Ceantar Bardasach Chorcaigh Thoir

Oifigeach Ceantair Bhardasaigh:
Joe McCarthy
Cathaoirleach:
Clr Susan McCarthy

Ceantar Bardasach Mhainistir Fhear Maí

Oifigeach Ceantair Bhardasaigh:
Pauline Moriarty
Cathaoirleach:
Clr Deirdre O'Brien

Ceantar Bardasach Cheann Toirc-Mhala

Oifigeach Ceantair Bhardasaigh:
Matthew Farrell
Cathaoirleach:
Clr Gearóid Murphy

Ceantar Bardasach Mhaigh Chromtha

Oifigeach Ceantair Bhardasaigh:
Marie O'Leary
Cathaoirleach:
Clr Michael Creed

Ceantar Bardasach Chorcaigh Thiar

Oifigeach Ceantair Bhardasaigh:
Clare Zuk
Cathaoirleach:
Clr Patrick Gerard Murphy



Ballraíocht an Choiste & an Fhochomhlachta

An Coiste Tuisceartach

Clr Kay Dawson	Clr Ian Doyle	Clr Pat Hayes	Clr James Kennedy
Clr Liam Madden	Clr Noel McCarthy	Clr Bernard Moynihan	Clr Gearóid Murphy
Clr Gerard Murphy	Clr Deirdre O'Brien	Clr Frank O'Flynn	Clr William O'Leary
Clr John Paul O'Shea	Clr Tony O'Shea	Clr Frank Roche	

An Coiste Deisceartach

Clr Anthony Barry	Clr Audrey Buckley	Clr Noel Collins	Clr Martin Coughlan
Clr Michael Creed	Clr Marcia D'Alton	Clr Ben Dalton O'Sullivan	Clr Michael Hegarty
Clr Mary Linehan Foley	Clr Michael Paul Murtagh	Clr Michael Looney	Clr Ted Lucey
Clr Eileen Lynch	Clr Susan McCarthy	Clr Seamus McGrath	Clr Gobnait Moynihan
Clr Alan O'Connor	Clr Ann Marie Ahern	Clr Jack White	Clr Seán O'Connor
Clr Sheila O'Callaghan	Clr Liam Quaide	Clr Cathal Rasmussen	Clr Sinéad Sheppard
Clr Danielle Twomey			

An Coiste Iartharach

Clr Deirdre Kelly	Clr Joe Carroll	Clr Karen Coakley	Clr Alan Coleman
Clr Danny Collins	Clr Gillian Coughlan	Clr Paul Hayes	Clr Declan Hurley
Clr Katie Murphy	Clr Kevin Murphy	Clr Patrick Gerard Murphy	Clr Seán O'Donovan
Clr Ross O'Connell	Clr John O'Sullivan	Clr Marie O'Sullivan	

Grúpa Beartais Chorpáraidigh

Méara Gillian Coughlan	Clr Anthony Barry	Clr Alan Coleman	Clr Declan Hurley
Clr Seamus McGrath	Clr Gobnait Moynihan	Clr Michael Hegarty	Clr Frank O'Flynn
Clr John Paul O'Shea		Clr Patrick Gerard Murphy	

Coiste um Beartais Straitéiseacha Uimh. 1 – Pleanáil & Forbairt Straitéiseach

Clr Joe Carroll	Clr Alan Coleman	Clr Noel Collins	Clr Michael Hegarty
Clr James Kennedy	Clr Michael Paul Murtagh	Clr Ted Lucey	Clr Liam Madden
Clr Séamus McGrath	Clr Bernard Moynihan	Clr Frank O'Flynn	Clr Tony O'Shea
Clr Frank Roche	Clr Sheila O'Callaghan		

Ionadaithe Neamhthofa

An tOll. Donagh Berry	Billy Cotter	Michael O'Flynn	Aiden O'Neill
Bernadette Connolly	Carol Harpur	Tadgh Quill-Manley	

CBS Uimh. 2 – Comhshaol, Gníomhú ar son na hAeráide & Bithéagsúlacht

Clr Anthony Barry	Clr Audrey Buckley	Clr Deirdre Kelly	Clr Marcia D'Alton
Clr Liam Quaide	Clr Cathal Rasmussen		

Ionadaithe Neamhthofa

Chris Hayes	Cian Murphy	Madeleine Murray	Raffaella Valenti
Michael O'Shea	Caitriona Courtney	Conor O'Brien	Proinsias O'Tuama

CBS Uimh. 3 – Forbairt Gheilleagrach & Fiontraíocht

Clr Martin Coughlan	Clr Kay Dawson	Clr Pat Hayes	Clr Paul Hayes
Clr Michael Hegarty	Clr James Kennedy	Clr Noel McCarthy	Clr Susan McCarthy
Clr Gearóid Murphy	Clr Gerard Murphy	Clr Ann Marie Ahern	Clr Frank O'Flynn
Clr John Paul O'Shea	Clr John O'Sullivan		

Ionadaithe Neamhthofa

Michael Delargey	Jimmy Hosford	Aidan Mangan	Bryan O'Donnell
An Dr John Hobbs	Seamus Coffee	Martin Corkery	Owen Hurley

CBS Uimh. 4 – Turasóireacht

Clr Joe Carroll	Clr Karen Coakley	Clr Alan Coleman	Clr Danny Collins
Clr Pat Hayes	Clr Paul Hayes	Clr Declan Hurley	Clr Mary Linehan Foley
Clr Susan McCarthy	Clr Seán O'Connor	Clr Seán O'Donovan	Clr Deirdre Kelly
Clr John O'Sullivan	Clr Marie O'Sullivan		

Ionadaithe Neamhthofa

Derry Cronin	Clayton Love	Aaron Mansworth	Valerie Murphy
Josephine O'Driscoll	Eileen O'Shea	Doug Lucey	

CBS Uimh. 5 – Tithíocht

Clr Anthony Barry	Clr Danny Collins	Clr Noel Collins	Clr Gillian Coughlan
Clr Ben Dalton O'Sullivan	Clr Mary Linehan Foley	Clr Liam Madden	Clr Noel McCarthy
Clr Séamus McGrath	Clr Patrick Gerard Murphy	Clr Seán O'Connor	Clr Cathal Rasmussen
Clr Sinead Sheppard	Clr Danielle Twomey		

Ionadaithe Neamhthofa

Colm J. Cronin	Susan R. Cullen	Stephen McCarthy
Eileen Kelly McCarthy	Jose Ospina	Margarita O'Driscoll

CBS Uimh. 6 – Bóithre & Iompar

Clr Gillian Coughlan	Clr Michael Creed	Clr Ben Dalton O'Sullivan	Clr Declan Hurley
Clr Michael Paul Murtagh	Clr Michael Looney	Clr Ted Lucey	Clr Eileen Lynch
Clr Kevin Murphy	Clr Deirdre O'Brien	Clr Ann Marie Ahern	Clr William O'Leary
Clr Tony O'Shea	Clr Frank Roche	Clr Ann Marie Ahern	Clr William O'Leary

Ionadaithe Neamhthofa

John Bowen	Seán Carrigy	Supt. Brendan Fogarty	Seán Twohig
Dr Darren McAdam-O'Connell	Brid Coakley	Tim Hanley	Aled S Williams
Clr Michael Looney	Clr Gerard Murphy	Clr Kevin Murphy	Clr Deirdre O'Brien
Clr Alan O'Connor	Clr Liam O'Connor	Clr Seán O'Donovan	Clr Ross O'Connell

CBS Uimh. 7 – Ionchuimsiú Sóisialta, Pobal & Forbairt Tuaithe

Clr Audrey Buckley	Clr Michael Creed	Clr Marcia D’Alton	Clr Kay Dawson
Clr Ian Doyle	Clr Eileen Lynch	Clr Bernard Moynihan	Clr Gobnait Moynihan
Clr Katie Murphy	Clr John Paul O’Shea	Clr Marie O’Sullivan	Clr Liam Quaide
Clr Danielle Twomey			

Ionadaithe Neamhthofa

Eddie Mullins	Ana Ospina	Mair Kelly	Pauline O’Dwyer
Gavin Falk	Pat Dooley		

CBS Uimh. 8 – Na hEalaíona, Cultúr & Teanga

Clr Ross O’Connell	Clr Karen Coakley	Clr Martin Coughlan	Clr Ian Doyle
Clr Gobnait Moynihan	Clr Gearóid Murphy	Clr Katie Murphy	Clr Patrick Gerard Murphy
Clr Alan O’Connor	Clr Jack White	Clr William O’Leary	Clr Sheila O’Callaghan
Clr Sinead Sheppard			

Ionadaithe Neamhthofa

Kenneth Buckley	Ann Davoren	Geoff Gould	Mary Hegarty
Eamon Lankford	Colum Cronin	Micheal De Buitléir	Judith Gilbert

CFPÁ (Coiste Forbartha Pobail Áitiúil) an Deiscirt

Clr Marcia D’Alton	Clr Michael Hegarty	Clr Séamus McGrath	Clr Cathal Rasmussen
--------------------	---------------------	--------------------	----------------------

CFPÁ an Iarthair

Clr Alan Coleman	Clr Declan Hurley	Clr Patrick Gerard Murphy	Clr John O’Sullivan
------------------	-------------------	---------------------------	---------------------

An Coiste Iniúcháireachta

Clr Declan Hurley	Clr James Kennedy	Clr John O’Sullivan
-------------------	-------------------	---------------------

Ionadaithe Neamhthofa

An Dr Philip Byrne	An Dr Michelle Carr	Edel Clancy	Eileen O’Shea
--------------------	---------------------	-------------	---------------

An Coiste um Bainistíocht Cósta

Clr Audrey Buckley	Clr Ross O’Connell	Clr Joe Carroll	Clr Karen Coakley
Clr Danny Collins	Clr Marcia D’Alton	Clr Michael Hegarty	Clr Mary Linehan Foley
Clr Kevin Murphy	Clr Ann Marie Ahern	Clr Jack White	Clr Deirdre Kelly
Clr Cathal Rasmussen	Clr Sinead Sheppard		

An Coiste um Bainistíocht Leabharlann

Clr Anthony Barry	Clr Noel Collins	Clr Martin Coughlan	Clr Marcia D’Alton
Clr Ian Doyle	Clr Noel McCarthy	Clr Ann Marie Ahern	

An Coiste um Ghnóthaí Idirnáisiúnta & Eorpacha

Clr Audrey Buckley	Clr Joe Carroll	Clr Alan Coleman	Clr Ben Dalton O’Sullivan
Clr Kay Dawson	Clr Ian Doyle	Clr Eileen Lynch	Clr Susan McCarthy
Clr Gerard Murphy	Clr Deirdre O’Brien	Clr Alan O’Connor	Clr Frank O’Flynn
Clr William O’Leary			

An Coiste um Leachtanna Náisiúnta

Clr Audrey Buckley	Clr Danny Collins	Clr Michael Looney	Clr Liam Madden
Clr Susan McCarthy	Clr Kevin Murphy	Clr Deirdre O’Brien	Clr Alan O’Connor

An Coiste Cuimhneachán

Clr Anthony Barry	Clr Alan Coleman	Clr Ian Doyle	Clr Paul Hayes
Clr Declan Hurley	Clr Eileen Lynch	Clr Noel McCarthy	Clr Susan McCarthy
Clr Gobnait Moynihan	Clr Deirdre O’Brien	Clr Frank O’Flynn	

An Coiste Monatóireachta ar Uisce Tuaithe

Clr Anthony Barry	Clr Ben Dalton O’Sullivan	Clr Kay Dawson	Clr Ian Doyle
Clr Paul Hayes	Clr Eileen Lynch	Clr John O’Sullivan	

An Coiste Comhairliúcháin um Chóiríocht do Thaistealaithe Áitiúla

Clr Gillian Coughlan	Clr Ian Doyle	Clr Paul Hayes	Clr Michael Hegarty
Clr Ted Lucey	Clr Michael Paul Murtagh	Clr Cathal Rasmussen	Clr Deirdre O’Brien

An Comhchoiste Póilíneachta

Clr Joe Carroll	Clr Karen Coakley	Clr Ben Dalton O’Sullivan	Clr Kay Dawson
Clr Ian Doyle	Clr Michael Paul Murphy	Clr Michael Looney	Clr Ted Lucey
Clr Gearóid Murphy	Clr Kevin Murphy	Clr Deirdre O’Brien	Clr Seán O’Donovan
Clr Cathal Rasmussen	Clr Frank Roche	Clr Danielle Twomey	

Coiste Beartais um Phlean Straitéiseach Limistéar Chorcaí

Clr Marcia D’Alton	Clr Pat Hayes	Clr Liam Madden	Clr Noel McCarthy
Clr Susan McCarthy	Clr Séamus McGrath	Clr Gearóid Murphy	Clr Sheila O’Callaghan
Clr Ann Marie Ahern	Clr Liam Quaide		

Tascfhórsa Réigiúnach an Deiscirt ar Dhrugaí & Alcól

Clr Ian Doyle

Comhpháirtíocht Spórt Chontae Chorcaí

Clr Kay Dawson Clr Declan Hurley Clr Gobnait Moynihan

Comhlachtaí Poiblí na hÉireann

Clr James Kennedy

Iontaobhas Oidhreachta an Chóibh, (CTR) Cuideachta faoi Theorainn

Clr Seán O'Connor

Bord Oideachais agus Oiliúna Chorcaí

Clr Karen Coakley	Clr Martin Coughlan	Clr Ben Dalton O'Sullivan	Clr Kay Dawson
Clr James Kennedy	Clr Noel McCarthy	Clr Patrick Gerard Murphy	

Tionól Réigiúnach

Clr Joe Carroll	Clr Gerard Murphy	Clr Deirdre O'Brien	Clr Seán O'Connor
Clr Sheila O'Callaghan			

Fóram Sláinte Réigiúnach

Clr Audrey Buckley	Clr Danny Collins	Clr Pat Hayes	Clr Mary Linehan Foley
Clr Eileen Lynch	Clr Susan McCarthy	Clr Gearóid Murphy	Clr Katie Murphy
Clr Seán O'Donovan			

LAMA

Clr Bernard Moynihan

AILG

Clr Bernard Moynihan	Gobnait Moynihan	Kevin Murphy	Clr Ann Marie Ahern
----------------------	------------------	--------------	---------------------

Coiste Idirchaidrimh Chnocán an Bhuidéil

Clr Pat Hayes	Clr Noel McCarthy	Clr Sheila O'Callaghan
---------------	-------------------	------------------------

Bord Aras Ceoldrámaíochta Chorcaí

Clr Gearóid Murphy

Bord Visit Cork

Clr Alan Coleman

Bord Leisure World

Clr Audrey Buckley

Bord Ghailearaí Crawford

Clr Susan McCarthy



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

Sábháilteacht, Sláinte & Leas ag an Obair



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

SÁBHÁILTEACHT, SLÁINTE AGUS LEAS AG AN OBAIR

Sábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair

Tá Rannóg Sábháilteachta Chomhairle Contae Chorcaí fós ag cur leis an ngaisce atá déanta aici mar an chéad Údarás Áitiúil ag a bhfuil Córas Bainistíochta Sábháilteachta lánchreidiúnaithe de réir Chaighdeán Sábháilteachta Idirnáisiúnta ISO450001 trí chur i bhfeidhm dea-chleachtais a chinntiú i dtaca le bainistiú sábháilteachta ag an obair. Cinnteofar mar thoradh air seo go mbeidh an Chomhairle, mar phríomhpháirtí leasmhar, ina heiseamláir do na tríú páirtithe éagsúla lena n-oibríonn sí, e.g. comhairleoirí, conraitheoirí, etc.


Comhtháthaítear an tsábháilteacht le gach oibríocht agus gníomhaíocht de chuid na Comhairle, agus aithníodh é seo in 2021 nuair a bhuaigh sí dhá ghradam, Sárghnóthachtálaí Leanúnach agus Ardghradam, ag Gradaim Shábháilteachta Bhliantúla Eagraíocht Náisiúnta Shábháilteacht na hÉireann. Bhí tionchar ollmhór ag an bpaindéim Covid-19 ar an tsábháilteacht ag an obair agus rinne an Chomhairle méid mór oibre dá bharr chun sábháilteacht ball foirne agus cliant a chinntiú agus í ag leanúint de sheirbhísí a sholáthar. Forbraíodh go leor nósanna imeachta caighdeánacha oibriúcháin, tugadh treoir chun an baol traséilithe a mhaolú agus cuireadh comhairle ar an bhfoireann maidir le conas seirbhísí a sholáthar ar bhealach sábháilte le linn leibhéil éagsúla dianghlása agus srianta.

Cur chun cinn na Sláinte

Tá an Rannóg um Chur Chun Cinn na Sláinte ag leanúint d'fhorbairt a dhéanamh ar a creidiúnú le KeepWell Mark Chónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann i gcomhair clár folláine fostaithe agus tá sí ag leathnú lena chinntiú go bpléifear sláinte fostaithe go hoscailte agus go macánta. Cheap an Coiste um Fholláine Fostaithe Curaidh Folláine a dhéanann ionadaíocht do gach Rannóg. Cinntítear dá bharr go dtarraingítear aird ar shláinte agus ar fholláine fostaithe agus go bpléitear iad go hoscailte le linn cruinnithe foirne. Déantar neartú breise ar thiomantas na Comhairle d'fholláine fostaithe dá bharr sin.

Cur chun cinn na Sábháilteachta Uisce

Bhí an bhliain seo caite ar cheann de na blianta ba ghnóthaí don Rannóg um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta Uisce toisc go ndeachaigh na mílte duine ina sluaite go dtí na tránna brataí goirme mar gheall ar an méadú ar shaoirí sabhaile. Is iad na príomhtheachtaireachtaí ná Bain Taitneamh as an Uisce go Sábháilte, Bí Sábháilte, Coinnigh Súil ar Leanaí i gcónaí san Uisce agus Cois Uisce agus ná hÚsáid Inséidigh riamh san Uisce Oscailte. Bhí an tSeirbhís Gardaí Trá ar fáil ar thránna Chontae Chorcaí chun sábháilteacht líon mór úsáideoirí trá a chosaint. Is iad seo a leanas staitisticí na nGardaí Trá don bhliain 2021:



Fuair Comhairle Contae Chorcaí gradam i mí na Nollag 2021 ó Sábháilteacht Uisce na hÉireann: Community and Social Responsibility Award (Gradam Pobail agus Freagrachta Sóisialta) mar gheall ar fhiseán faoi "Dangers of Using Inflatable Toys in Open Water" ("Contúirtí a bhaineann le Bréagáin Inséidte a Úsáid san Uisce Oscailte"). I gcomhar le Garda Cóta na hÉireann, Institiúid Náisiúnta Ríoga na mBád Tarrthála, Sábháilteacht Uisce na hÉireann agus roinnt Údarás Áitiúla eile, léirigh Comhairle Contae Chorcaí dhá ghearrscannán oideachasúla 6 nóiméad faoi na contúirtí a bhaineann le bréagáin inséidte a úsáid san uisce oscailte.



Rinneadh iniúchadh ar an tSeirbhís Gardaí Trá agus cuireadh moltaí i gcomhair feabhsuithe i bhfeidhm.

Cur chun cinn na Sábháilteachta ar Bhóithre

Fuair Comhairle Contae Chorcaí gradam ón gCairt Eorpach um Shábháilteacht ar Bhóithre in 2021 sa chatagóir Sármhaitheas ag na Gradaim um Shábháilteacht ar Bhóithre. Ba í Comhairle Contae Chorcaí an buaiteoir san Earnáil Phoiblí don Oideachas Réaltachta Fíorúla le "Your Life Your Choice" ("Do Shaolsa Do Roghasa"). Sa tionscnamh seo téitear i ngleic le sábháilteacht ar bhóithre i measc tiománaithe óga ó 15 bliana d'aois ar aghaidh nach bhfuil taithí acu fós ar an tiomáint. Sa tsamhail Réaltachta Fíorúla um Shábháilteacht ar Bhóithre tugtar eispéireas don fhoghlaimoír ar conas atá sé a bheith i dtimpiste bhóthair, an t-iompar i ngluaisteán a bhféadann timpiste tarlú dá bharr agus conas freagairt do thimpiste go sábháilte. Is é seo a leanas príomhtheachtaireacht an tionscnaimh seo:

'Is spás comhroinnte é an Bóthar; mar sin, bímis ag obair as lámha a chéile lena roinnt go sábháilte. Cuir do Chrios ort, Moilligh, Cuir do Ghuthán i Leataobh agus Bí ag Faire Amach d'Úsáideoirí Soghonta Bóithre'

Tá an Rannóg um Chur Chun Cinn na Sábháilteachta ar Bhóithre ag leanúint de theagmháil agus obair a dhéanamh le páirtithe leasmhara ábhartha amhail an Garda Síochána, an tÚdarás um Shábháilteacht ar Bhóithre agus cinn eile chun feachtas ar an tsábháilteacht ar bhóithre a chur chun cinn. Reáchtáladh feachtais éagsúla um shábháilteacht ar bhóithre le scoileanna i gContae Chorcaí agus cuireadh béim mhór ar úsáideoirí soghonta bóithre in 2021, coisithe go háirithe, mar gheall ar an ardú sa líon daoine ag siúl le linn na srianta.

Oiliúint sa tSábháilteacht

Tá an Rannóg um Oiliúint sa tSábháilteacht ag leanúint den chlár bliantúil um oiliúint sa tsábháilteacht a leathadh amach chun inniúlacht leanúnach agus forbairt ghairmiúil leanúnach fhostaithe na Comhairle a chinntiú. Deimhníodh san fhoghlaim ar líne agus ó chian go gcomhlíonfar treoir FSS agus treoir náisiúnta chun cuidiú leis an líon daoine ag freastal ar an láthair a laghdú. Reáchtáladh 382 cúrsa Oiliúna sa tSábháilteacht in 2021 agus d'fhreastail 4089 duine orthu thar 2780 lá oiliúna.



Bliain dhúshlánach ab ea 2021 ó thaobh na sábháilteachta de i gComhairle Contae Chorcaí ach tá an Chomhairle tiomanta d'fheabhsú leanúnach agus creidiúnú lena chinntiú go bhfuil caighdeáin dea-cheleachtais i bhfeidhm.

Lárionad Oiliúna Réigiúnach Bhaile an Chollaigh

Bhí tionchar fós ag an bpaindéim dhomhanda ar sholáthar oiliúna Lárionad Oiliúna Réigiúnach Bhaile an Chollaigh in 2021. Lean an Lárionad de thacaíocht a thabhairt do na húdaráis áitiúla chleamhnaithe, áfach, agus reáchtáil Comhairle Contae Chorcaí, Comhairle Chontae Chiarraí, agus Comhairle Cathrach Chorcaí beagnach 3,500 lá oiliúna do bhail foirne a ceadaíodh de réir na srianta. Is ar oiliúint riachtanach Sláinte agus Sábháilteachta a cuireadh an bhéim lena chinntiú go bhféadfadh Údaráis Áitiúla leanúint de sheirbhísí a sholáthar de réir na rialachán Sláinte agus Sábháilteachta. Tá cur chuige ar líne agus cumaisc á úsáid go fóill i gcúrsaí áirithe.

Agus é ag obair i gcomhar le hInstitiúid Teicneolaíochta Cheatharlach, lean Lárionad Oiliúna Réigiúnach Bhaile an Chollaigh de na cúrsaí seo a leanas a bhfuil an-tóir orthu i measc na foirne a sholáthar:

- Teastas sa Rialú Tógála,
- Teastas sa Chlár um Bainistíocht Bóithre,
- Teastas sa Cheannaireacht i gcomhair Feidhmíochta agus Athraithe
- Teastas sa Reachtaíocht Chomhshaoil agus Pleanála

Leanadh den oiliúint do na Seirbhísí Dóiteáin in 2021 agus soláthraíodh 610 lá oiliúna trí na cúrsaí i Scileanna Comhraicthe Dóiteáin, Gaireas Análaithe, Ábhair Ghuaiseacha agus Teagmhais Iompair.

D'éirigh leis an Lárionad lena iarratas chuig SOLAS freisin mar Eagraíocht Oiliúna Fhaofa agus tá deimhniú aige fós do na ceithre Ionad Oiliúna fhaofa don Teastas Inniúlachta Gairmiúla.



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

Bóithre, Iompar & Sábháilteacht



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

BÓITHRE, IOMPAR & SÁBHÁILTEACHT

BÓITHRE NÁISIÚNTA

Thart ar €86.9m a bhí i leithdháileadh foriomlán Bhoneagar Iompair Éireann do Chomhairle Contae Chorcaí don bhliain 2021 le haghaidh oibreacha feabhsúcháin agus cothabhála. Rinne dul chun cinn leis na scéimeanna seo a leanas a sainaitníodh sa Phlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 (Tionscadal 2040) le linn 2020:

An bóthar N22 ó Bhaile Bhuirne go Maigh Chromtha a fhorbairt:

Ceapadh JONS Civil Engineering Ltd/John Craddock JV mar an Príomhchonraitheoir Tógála i mí Dheireadh Fómhair 2019. Is é €280m an buiséad iomlán don scéim agus táthar ag súil go gcuirfear críoch leis an tógáil i Ráithe 4 den bhliain 2023. Rinne dul chun cinn maith leis an ngníomhaíocht tógála ar an láithreán le linn 2021 agus rinneadh dul chun cinn suntasach ar fhormhór na struchtúr agus na n-oibreacha créafóige le linn na bliana. Bhí timpeall 60% den tionscadal críochnaithe faoi dheireadh na bliana 2021.

Tionscadal an M28 ó Chorcaigh go Rinn an Scidígh:

D’fhaomh an Bord Pleanála an Tionscadal ar an 29 Meitheamh 2018. Rinneadh agóid in aghaidh an tionscadail agus ar an 1 Márta 2021 cuireadh deireadh, a bheag nó a mhór, leis an agóid dhlíthiúil in aghaidh na scéime nuair a chinn an Ard-Chúirt chead achomhairc a dhiúltú don Chúirt Uachtarach, rud a d’fhág gurbh fhéidir leanúint leis an tionscadal. Eisíodh Fógraí Gnóthaíochta i mí an Mhárta agus eisíodh Fógraí maidir le Dul Isteach i mí Iúil. Rinneadh dul chun cinn le roinnt gnéithe de na hoibreacha roimh ré ina dhiaidh sin le linn 2021, lena n-áirítear láithreáin a ghlanadh, fálú, fóntais a atreorú agus seandálaíocht.

Scéim Uasghrádaithe an Bhóthair N25 idir Carraig Thuathail agus Mainistir na Corann:

Ceapadh SWECO UK Ltd mar Chomhairleoir Teicniúil i mí na Nollag 2019. Cuireadh Anailís Ilchritéar agus meastóireacht ar na roghanna bealaigh i gcrích in 2021. Cuireadh tús le Comhairliúchán Pobail Uimh. 1 ar na Roghanna Bealaigh i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus cuireadh críoch leis i mí na Samhna 2020. Rinne measúnú ar na torthaí air seo agus cuireadh tuarascáil le chéile. Cuireadh staidéar ar shriantachtaí i gcrích agus tugadh faoi obair um shamhaltú tráchta. Sainaitníodh Rogha Bealaigh Tosaíochta i lár 2021. Cuireadh Tuarascáil ar roghnúchán roghanna i gcrích sa tríú ráithe den bhliain 2021 agus tugadh faoi phiarmheasúnú ar an Tuarascáil ar Roghnúchán Roghanna a cuireadh i gcrích ag deireadh 2021.

Bóthar Faoisimh N72/N73 Mhala:

Ceapadh Barry Transportation mar Chomhairleoir Teicniúil ar an scéim seo i mí na Nollag 2019. Cuireadh Céim 1, Coincheap agus Féidearthacht, i gcrích i mí na Bealtaine 2020 agus rinneadh dul chun cinn le Céim 2, Sriantachtaí a Shainaithint, agus Céim 1, próiseas um Réamh-mheasúnú ar Roghanna, freisin le linn 2020. Rinneadh measúnú ar na roghanna tosaigh le linn na chéad chomhairliúchán poiblí i mí Iúil/mí Lúnasa 2020 agus cuireadh na roghanna ar ghearrliosta i mí na Nollag 2020. Rinneadh measúnú breise ar na Roghanna ar an ngearrliostú faoi Chéim 2 de Phróiseas Roghnúcháin Roghanna Bhoneagar Iompair Éireann le linn 2021. Cuireadh an bealach ba dhealraithe a roghnófai (Rogha C) i láthair an Choiste Thuaisceartaigh i mí an Mheithimh 2021. Tugadh an Tuarascáil um Roghnúchán Roghanna chun críche le linn 2021 agus críochnaíodh piarmheasúnú Bhoneagar Iompair Éireann ag deireadh 2021.

Faoin gceannteideal Mionoibreacha, rinneadh dul chun cinn leis na scéimeanna seo a leanas le linn 2021:

- Bóthar Faoisimh N25 Bhaile na Martra:** cuireadh Réamhthuarascáil Féidearthachta faoi bhráid Bhoneagar Iompair Éireann i mí Mheán Fómhair 2020. Seoladh Achoimre Neamhtheicniúil chuig comhaltaí Cheantar Bardasach Chorcaigh Thoir agus Ceantar Bardasach an Chóibh agus Comhaltaí Oireachtais ChorcaighThoir chun críocha faisnéise i mí Mheán Fómhair 2020. Cuireadh grúpa oibre teicniúil ar bun chun athbhreithniú a dhéanamh ar thorthaí na Réamhthuarascála Féidearthachta arna heisiúint chuig Bonneagar Iompair Éireann agus é ar intinn an Tuarascáil um Measúnú Straitéiseach a chur chun cinn in 2021 mar an chéad ghné insoláthartha i Saolré Thionscadail an Chóid Caiteachais Phoiblí.

- Scéim Feabhsúcháin N73 Áth na Cise Theas:** Ceapadh RPS go dtí deireadh Chéim 5 don scéim athailínithe 3.5km seo. Críochnaíodh na tochairtí seandálaíochta agus glactar leis an Tuarascáil larsheandálaíochta. Críochnaíodh imscrúdú láithreáin in 2020. Nuashonraíodh an dearadh mionsonraithe chun rotharbhealach a áireamh agus rinneadh dul chun cinn leis in 2021. Tá Fáil Talún fós ag dul ar aghaidh.

- Scéim athailínithe an N73 ó Chrois an Chlochair go Coill Chlaí an Uisce:** Ceapadh Roughan & O’Donovan (RO’D) go dtí deireadh Chéim 5 don scéim 2.7km seo. Críochnaíodh ullmhúchán na nDoiciméad Tairisceana don Phríomhchonradh Tógála. Táthar ag fanacht le faomhadh Bhoneagar Iompair Éireann chun na Doiciméid Tairisceana a Fhoilsiú don Phríomhchonradh Tógála. Tá Fáil Talún fós ag dul ar aghaidh.

- N71 Newmills/Abha na hInse:** D’fhaomh Bonneagar Iompair Éireann iarratas formheasa ar an Ráiteas um Athbhreithniú Geata (Céim 0 go Céim 1) i mí na Samhna 2020. Críochnaíodh gnéithe insoláthartha Chéim 1 agus cuireadh faoi bhráid Bhoneagar Iompair Éireann iad le faomhadh sa cheathrú ráithe den bhliain 2021. Cuireadh tús le roghnúchán agus

breithmheas roghanna sa cheathrú ráithe den bhliain 2021.

- Síneadh Sheachbhóthar N71 Dhroichead na Bandan:** D’fhaomh Bonneagar Iompair Éireann iarratas formheasa ar an Ráiteas um Athbhreithniú Geata (Céim 0 go Céim 1) i mí na Samhna 2020. Críochnaíodh gnéithe insoláthartha Chéim 1 agus cuireadh faoi bhráid Bhoneagar Iompair Éireann iad le faomhadh sa cheathrú ráithe den bhliain 2021. Cuireadh tús le roghnúchán agus breithmheas roghanna sa cheathrú ráithe den bhliain 2021.

- An N72 ag Acomhal Bhaile Mhic Cuirc:** Bíonn an líon timpistí ag an suíomh seo an-ard. Ainmníodh é mar shuíomh HD15 le feabhsú mar scéim sábháilteachta bóthair ag Bonneagar Iompair Éireann. Rinneadh cur i láthair do chomhairleoirí áitiúla Dé hAoine, 7 Bealtaine 2021. Foilsíodh an t-ordú ceannaigh éigeantaigh ar an 3 Meitheamh 2021. Dheimhnigh an Bord Pleanála nach bhfuarthas aon agóidí agus go bhféadfadh Comhairle Contae Chorcaí an t-ordú ceannaigh éigeantaigh a fhaomhadh. Foilsíodh Ráiteas Tionchair Natura ar an 17 Meitheamh 2021 agus tháinig an tréimhse chomhairliúcháin chun críche sa tríú ráithe den bhliain 2023. Bhí cinneadh ón mBord Pleanála fós ar feitheamh ag deireadh 2021.

Rinneadh dul chun cinn le roinnt Mionoibreacha Feabhsúcháin le linn 2021. Tugtar breac-chuntas ar scéimeanna roghnaithe thíos:

- Rochtain ó dheas ar an N20 i Mala: D’atosaigh Martin O’Callaghan Ltd., conraitheoir na scéime, oibreacha ar an láthair ar an 18 Bealtaine 2020 tar éis an dúnta i mí an Mhárta mar gheall ar COVID-19. Bhí formhór nanOibreacha Cosáin críochnaithe faoi dheireadh 2020 agus cuireadh tús le hOibreacha Droichid le linn 2020. Cuireadh na hoibreacha i gcrích i lár na bliana 2021.
- N71 ó Ghort na Mara go dtí an Cnoc Rua, Céim 2: Chuir McSweeney Bros. Ltd. tús leis an gconradh i míDheireadh Fómhair 2020 don scéim 1.8km seo. Bhí formhór na n-oibreacha críochnaithe i ráithe 2 den bhliain 2021.
- Neartú Cosáin ar an N73 idir Annabella agus Leaca na Móna: Eisíodh Litir Ghlactha chuig MartinO’Callaghan Ltd. agus chríochnaigh siad stráice den bhóthar seo i ráithe 3 den bhliain 2021.
- An N22 i gCúil Chomhair: bhí formhór na n-oibreacha críochnaithe ag deireadh 2021.
- An N71, Bóthar Glasslinn, Droichead na Bandan: Bronnadh an conradh i ráithe 3 den bhliain 2021 agus tá sé á thógáil.
- An N71, Beantraí go Dún na mBárc: Bronnadh an conradh i ráithe 3 den bhliain 2021 agus tá sé á thógáil.

Tionscadail Bóithre Náisiúnta arna mbainistiú agus Údaráis eile

- Scéim Uasghrádaithe Acomhal an N8/N40 i nDún Citil: Eisíodh an Litir Ghlactha don Phríomhchonradh Tógála do John Sisk & Son Ltd i lár mhí Dheireadh Fómhair 2020. Rinneadh dul chun cinn suntasach le linn 2021 le gnéithe éagsúla de na hoibreacha créafóige, lena n-áirítear oibreacha feabhsaithe talún, agus cuireadh roinnt mórstruchtúr chun cinn le linn na bliana. Tá an scéim sceidealaithe le bheith críochnaithe i ráithe 2 den bhliain 2024.**

Is iad Barry Transportation, SWECO & WSP na Comhairleoirí Teicniúla a ceapadh don scéim. D’fhaomh Bonneagar Iompair Éireann an Ráiteas um Athbhreithniú Geata, Céim 1, in 2020. Foilsíodh an limistéar staidéir don scéim agus cuireadh tús leis an gcéad Chomhairliúchán Poiblí maidir le Roghanna Bealaigh i mí na Samhna 2020, nuair a tugadh faisnéis d'Ionadaithe Tofa, agus cuireadh síneadh ama leis go dtí mí Eanáir 2021. Mar gheall ar shrianta COVID-19, chuathas ar aghaidh le Comhairliúchán Poiblí fíorúil bunaithe ar an ngréasán. Rinneadh dul chun cinn in 2021 leis an Tuarascáil um Shriantachtaí, le féidearthacht na Roghanna Iarnróid, le liosta Meastachán Comparáide Roghanna don Scéim, agus le Straitéis Soláthair. Sa cheathrú ráithe den bhliain 2021 chuir an fhoireann tionscadail a breithmheas ar na roghanna gearrliostaithe le taobh nuashonruithe beartais an Rialtais maidir leis an athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus bonneagar iompair inbhuanaithe amhail Tuarascáil an Dréachtchreata Náisiúnta Infheistíochta um Iompar in Éirinn. Táthar ag súil go bhfoilseofar agus go gcuirfear ar taispeáint an rogha is dealraithe don Tionscadal N/M20 idir Corcaigh agus Luimneach le linn na chéad ráithe den bhliain 2022.

BÓITHRE RÉIGIÚNACHA & ÁITIÚLA

Ba é timpeall €66.4m an leithdháileadh deontais foriomlán don bhliain 2021 ón Roinn Iompair. D’fhág sé seo go rabhthas in ann:

- 298km de Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla a neartú i 334 suíomh faoi na cláir seo a leanas: Feabhsúchán Athchóirithe, Deontas Lánroghnach, Seamhacht i gcoinne Athrú Aeráide agus Oiriúnithe, Iardheontas Bóithre Náisiúnta agus Scéim Páirtíochta Pobail, trí thógáil dhíreach ag baill foirne allamuigh agus flít na Comhairleagus trí chonarthaí athdhromchlaithe.
- Rinne baill foirne allamuigh agus flít na Comhairle cóiriú dromchla ar 431km de Bhóithre Réigiúnacha agus Áitiúla i 271 suíomh faoin gClár um Chothabháil Athchóirithe agus faoin gClár CCAR.
- Críochnaíodh 34 Scéim Feabhsúcháin Sábháilteachta ar Bhóithre ina n-iomláine nó go pointe áirithe in 2021.
- Deisíodh nó athsholáthraíodh 29 struchtúr san iomlán (droichid, ballaí coinneála nó claifoir) in 2021.
- Rinneadh dul chun cinn le roinnt Scéim Feabhsúcháin Bóthair Straitéiseacha in 2021. Tugtar breac-chuntas ar chuidacu thíos:

- Bóthar Faoisimh Iartharach Charraig Uí Leighin** Mar gheall ar an mbóthar seo, fuasclófar plódú tráchta sa Phríomhshráid agus soláthrófar an bonneagar chun athfhorbairt lár an bhaile a éascú. Ceapadh conraitheoir sa chéad ráithe den bhliain 2021 agus cuireadh tús leis na príomhoibreacha i mí Aibreáin 2021; clár seachadta 18 mí a bhí i gceist. Rinneadh dul chun cinn leis na hoibreacha sa mhéid gur giorraíodh an clár ó 18 mí go 15 mhí agus is í mí Iúil 2022 an sprioc lena chríochnú.

- Uasghrádú Thimpeallán Ashgrove & Bhóthar Bhaile an Réithigh, Carraig Uí Leighin** Mar gheall ar an scéim uasghrádaithe seo, soláthrófar bonneagar feabhsaithe taistil ghníomhaigh i gcóngar campas oideachais 1,600 dalta. Ceapadh conraitheoir sa chéad ráithe den bhliain 2021 agus cuireadh tús leis na hoibreacha i mí Aibreáin 2021; clár seachadta 9 mí a bhí i gceist. Cuireadh na hoibreacha i gcrích roimh an gclár i mí na Samhna 2021.

- Staidéar Iompair an Oileáin Mhóir** Teastaíonn uasghrádú sna naisc iompair idir an N25, Pointe Marino agus an Cóbh. Tacófar le forbairt leanúnach an Chóibh, agus le forbairt cónaithe an bhaile go háirithe, mar thoradh ar an mbonneagar feabhsaithe agus tacófar le forbairt tráchtála ag Pointe Marino freisin. D'aontaigh an Roinn Iompair Tuarascáil um Measúnú Straitéiseach a chistiú in 2021.

- Bóthar Faoisimh Tuaisceartach Mhainistir na Corann, Céim 3** Seo í an tríú céim de bhóthar faoisimh a dearadh chun trácht i lár an bhaile a mhaolú agus chun forbairt tráchtála an bhaile a chur chun cinn. Rinneadh forbairt bhreise ar réamhdhearadh na scéime in 2021 trí rannpháirtíocht fhorleathan le príomhpháirtithe leasmhara, lena n-áirítear Bonneagar Iompair Éireann, Oifig na nOibreacha Poiblí agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair. Cuirfear an réamhdhearadh den scéim i gcrích in 2022.

- Bóthar Faoisimh Cheann Toirc** Mar gheall ar an mbóthar seo, fuasclófar plódú tráchta agus beifear in ann Ceann Toirc a fhorbairt ar bhonn leanúnach. Dearbhaíodh cúnamh deontais um Athghiniúint & Forbairt Tuaithe sa cheathrú ráithe den bhliain 2020. Ceapadh conraitheoir sa cheathrú ráithe den bhliain 2020 agus cuireadh tús leis na hoibreacha i mí Eanáir 2021; clár seachadta 9 mí a bhí i gceist. Cuireadh na hoibreacha i gcrích i mí na Samhna 2021.

- Athailíniú an R572 ag Eadargóil** Ní mór go gcinnteofar sábháilteacht ar an mbóthar agus go gcuirfear nascacht réigiúnach agus forbairt gheilleagrach mar thoradh ar an athailíniú seo. Rinneadh dul chun cinn le measúnú féidearthachta na scéime in 2021.

- Athailíniú an R595 ag an tSeanchúirt sa Sciobairín** Ní mór go gcinnteofar sábháilteacht ar an mbóthar agus go gcuirfear nascacht réigiúnach agus forbairt gheilleagrach mar thoradh ar an athailíniú seo. Tugadh faoi fháil talún agus réamhoibreacha in 2021.

- Athailíniú an R586 ag Droichead Ilen** Ní mór go gcinnteofar sábháilteacht ar an mbóthar agus go gcuirfear nascacht réigiúnach agus forbairt gheilleagrach mar thoradh ar an athailíniú seo. Rinneadh dul chun cinn le fáil talún in 2021.

- Bóthar Faoisimh Bheanntraí, Céimeanna 1 & 2** Chuir Comhairle Contae Chorcaí cistiú ar fáil don scéim seo tríd an SSIP (Scéimeanna Sábháilteachta i Soláthair). Rinneadh dul chun cinn le fáil talún i gcomhair Chéim 1 in 2021. Rinneadh dul chun cinn le measúnú féidearthachta Chéim 2 den scéim in 2021.

Rinneadh oibreacha ar 33 bóithre príobháideacha faoin Scéim Feabhsúcháin Áitiúil agus fuarthas cistiú €1.46m ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail mar aon le deonacháin áitiúla.

SOILSIÚ POIBLÍ

Oibríochtaí

Bhí baint ag an Aonad um Shoilsiú Poiblí le soilsiú nua agus feabhsaithe a sholáthar faoi scéimeanna arna gcistiú ó fhoinsí amhail an tÚdarás Náisiúnta Iompair, tionscadail bóithre nua, Athnuachan Bailte agus Sráidbhailte, etc. Faoi na scéimeanna seo, cuireadh suas 305 solas nua agus uasghrádaíodh 63 solas. Ina theannta sin, cuireadh suas 107 solas poiblí nua san iomlán agus uasghrádaíodh 28 solas eile faoin gClár um Shoilsiú Poiblí, 2021 ar chostas timpeall €350,000.

Fuair an tAonad um Shoilsiú Poiblí cistiú ón Údarás Náisiúnta Iompair in 2021 chun soilsiú a uasghrádú agtrasrianta síogacha ar chaighdeán ar a dtugtar TR12 agus uasghrádaíodh 97 suíomh ina bhfuil trasrianta síogacha a d'fhág go bhfuil soilsiú uasghrádaithe ag nach mór gach trasrian síogach i gCorcaigh anois agus go bhfuil sé níos sábháilte do choisithe iad a úsáid san oíche dá bharr.

An Tionscadal Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh maidir le Soilsiú Poiblí (PLEEP) - Réigiún an Iardheiscirt

Is í Comhairle Contae Chorcaí an tÚdarás Treorach (Comhaontú Alt 85) atá freagrach as an Tionscadal Náisiúnta um Éifeachtúlacht Fuinnimh maidir le Soilsiú Poiblí a riar, a bhainistiú agus a sholáthar i Réigiún an Iardheiscirt. Áirítear leis na hÚdaráis rannpháirteacha Comhairle Contae an Chláir, Comhairle Contae Chiarraí, Comhairle Cathrach Luimnigh, Comhairle Contae Luimnigh, Comhairle Cathrach Phort Láirge agus Comhairle Contae Phort Láirge. Tá iarfheistiú timpeall 77,000 luminaire ar fud 24

Ceantar Bhardasacha i 5 Údarás Áitiúla i Réigiún an Iardheiscirt mar chuid de scóip na hoibre seo, lena n-áirítear sócmhainní soilsithe phoiblí Bhoneagar Iompair Éireann laistigh de na 5 cheantar Údaráis Áitiúil seo.

Bhronn Comhairle Contae Chorcaí an Conradh i gcomhair Seirbhísí Sainchomhairleachta agus an Conradh i gcomhair Oibreacha a Dhearadh agus a Thógáil araon ar Arup RPS agus Le Chéile Consortium (lena gcuimsítear Enerveo Ireland Ltd, Al Read Ltd agus Electric Skyline Ltd) faoi seach i mí na Nollag 2021.

Is é €54m an meastachán ar an tionscadal foriomlán agus tógfaidh sé 30 mí é a sholáthar. Is é an 31 Iúil 2024 an dáta críochnaithe atá beartaithe.

SÁBHÁILTEACHT AR BHÓITHRE

Bhuail an grúpa oibre Sábháilteacht ar Bhóithre Chorcaí le Chéile (Cork Road Safety Together) go tréimhsiúil le linn na bliana agus pléigh siad bearta chun sábháilteacht ar bhóithre a fheabhsú. Chuir Oifigeach Chontae Chorcaí um Shábháilteacht ar Bhóithre cláir um shábháilteacht ar bhóithre i bhfeidhm i scoileanna agus i suíomhanna eile pobail agus cuireadh cistiú forlíontach ar fáil do Chomhpháirtíocht Spórt Chorcaí chun oiliúint a chur ar 1,000 sa rothaíocht shábháilte.

Ochtar san iomlán a fuair bás ar Ghréasán Bóithre Chontae Chorcaí in 2021, taobh le 20 san iomlán a fuair bás in 2020. Rinneadh seiceáil ar gach ceann de na suíomhanna seo le haon tosca bóthair a d'fhéadfadh a bheith ina gcúiseanna le timpiste a fháil amach.

TEORAINNEACHA LUAIS

Tionscnaíodh athbhreithniú ar fhodhlíthe Luasteorann in 2021 agus tá sé le bheith críochnaithe in 2022.

BAINISTÍOCHT FLÍT

Bíonn 700 earra flít ag oibriú i gComhairle Contae Chorcaí i rith na bliana. Mar gheall ar infheistíocht in innealranua, tá an Chomhairle in ann a gréasán bóithre fairsing a chothabháil ar chaighdeán sábháilte agus ard agus tá sé seo ar cheann de na príomhsheirbhísí a sholáthraíonn sí.

Le linn 2021, mar chuid dá clár athsholáthair flít, soláthraíodh dhá inneall mearphaisteála 26 tona chuig an gComhairle. Féadann an t-inneall mearphaisteála réimse lochtanna bóthair a dheisiú, lena n-áirítear poill sa bhóthar, meathlú ciumhaiseanna, ailt lárlíne, scoilteanna agus mionscoilteanna, dífhoirmiú agus paisteáil chóirithe réamhdhromchla. Déantar poill sa bhóthar a ghlanadh amach, a phrímeáil, a líonadh, a shéalú agus a bhalcadh le haon mheaisín amháin.

In 2021, chuaigh an Chomhairle i mbun conarthaí chun 3 leatóir sliseanna a cheannach lena n-úsáid in oibríochtaí tógála bóthair na Comhairle in ionad seanmheaisíní a bhí idir 15 bliana agus 21 bliain d'aois. Tá sé i gceist go seachadfar na leatóirí sliseanna nua seo in 2022.

Cheannaigh an Chomhairle scuabadóir suite tromshaothair a sheachadfar go luath in 2022. Úsáidtear scuabadóirí suite chun bóithre a ghlanadh roimh oibreacha cóirithe dromchla agus, nuair a chuirtear na hoibreacha i gcrích ina dhiaidh sin, chun cloichíní scaoilte a scuabadh. Úsáidtear iad freisin chun smionagar breise a scuabadh de na bóithre tar éis teagmhais aimsire déine.

Cheannaigh an Chomhairle dlúthscuabadóir nua freisin a sheachadfar go luath in 2022 agus a úsáidfear i gcomhair glantachán sráide bardasach i gCeantar Bardasach Charraig Uí Leighin. Beidh ceithre dhlúthscuabadóir ag an gComhairle ansin, agus iad á n-úsáid chun an chuma ar bhailte agus bealaí isteach a fheabhsú. Chun tacú le seirbhísí Ionaid Fóntas Poiblí an údaráis áitiúil, cheannaigh an Chomhairle aon trucail chrúca 32 tona amháin.

Chun Flít na Seirbhísí Leabharlainne Taistil a uasghrádú, cheannaigh an Chomhairle trí leabharlann taistil shaintógtha, a soláthraíodh tríd an Aonad Bainistíochta Flít lena n-úsáid in ionad na bhfeithiclí leabharlainne taistil a ceannaíodh 18 mbliana ó shin.

Oibríochtaí Flít

Is é an cóiriú dromchla an teicníc dromchlaithe bóthair is fearr ó thaobh luach ar airgead de ina n-athchóirítear agus ina séalaítear an dromchla in aon phróiseas amháin, agus bíonn an bóthar uiscdhíonach agus cosanta ar dhamáiste de bharr seaca agus uisce dá bharr. Feabhsaítear friotaíocht in aghaidh sciorrtha freisin dá bharr agus bíonn na bóithre níos sábháilte mar gheall air sin. Cuireann Comhairle Contae Chorcaí clár cóirithe dromchla i gcrích gach bliain idir mí Aibreáin agus mí Mheán Fómhair trí shaothar díreach ag baint úsáid as flít na comhairle lena n-áirítear spraeirí tarra, spréiteoir sliseanna, rollóirí, trucaillí agus scuabadóirí.

In 2021, d'eagraigh an tAonad Bainistíochta Flít go ndéanfaí 12,946 tona biotúmain a cheannach, a sheachadadh agus a spraeáil ar fud an chontae.

Práinnfhreagairt agus Cothabháil Gheimhridh

Freagraíonn Comhairle Contae Chorcaí do dhálaí aimsire geimhridh trí fhlít trucaillí a úsáid chun salann a chur ar bhóithre roimh ré mar fhreagairt ar na teochtaí ísle arna dtuar chun an dóchúlacht go mbeidh sioc agus oighear ar na príomhbhealaí a

mhaolú.

Bíonn seirbhís éigeandála glooch amach ar fáil 24/7 ag Comhairle Contae Chorcaí le linn teagmhais aimsire déine, foláireamh agus tarlúintí. Bíonn infheistíocht shuntasach leanúnach riachtanach ionas go mbíonn riachtanais flít leordhóthanacha ag an gComhairle chun freagairt do theagmhais aimsire déine ar bhealach solúbtha.

In 2021, fuair an Chomhairle veain nua éigeandála glooch amach atá lonnaithe i gceantar bardasach Charraig Uí Leighin lena húsáid in ionad veain níos sine ón bhflít veaineanna éigeandála glooch amach.

Athrú Aeráide

Tá sé i gceist ag an gComhairle leanúint d'infheistíocht a dhéanamh ina flít agus i dteicneolaíochtaí nua chun éifeachtúlachtaí a bhaint amach - innill Euro 6 atá tíosach ar fhuinneamh agus cabhlacha éadroma freisin, nuair is féidir - chun críocha éifeachtúlacht breosla chun an flít a uasghrádú lena spriocanna um athrú aeráide don bhliain 2030 a bhaint amach.

Shocraigh an Chomhairle pointe luchtaithe le haghaidh feithiclí leictreacha i gclóis innealra i Mala agus sa Sciobairín agus tá sí ag úsáid veaineanna leictreacha ar bhonn píolótach sna clóis sin sa tsúil go leathfar amach níos mó feithiclí leictreacha sa fhliú de réir mar is féidir sna himthosca.

In 2021, fuair an tAonad um Bainistíocht Flít Iomairí léana do Mhainistir na Corann agus Maigh Chromtha a oirfidh do riachtanais gearrtha féir de réir Pleananna Pailneora.

STATISTICÍ DON BHLIAIN 2021

An líon iarratas a fuarthas:



8511 CEIST AG BAINTE LE BÓITHRE TAIFEADTA AR AN TAIRSEACH AR LÍNE 'YOUR COUNCIL'

COISTE UM BEARTAIS STRAITÉISEACHA

Reáchtáil an Coiste Beartas Straitéiseach um Bóithre agus Iompar ceithre chruinniú in 2021.

- Rinneadh cuir i láthair ar Leithdháiltí Deontas Bóithre don bhliain 2021 agus ar Fheasacht ar Shábháilteacht ar Bhóithre.
- Spásanna páirceála aoisbháúla - soiléiriú tugtha maidir le marcanna bóthair agus comharthaí dátheangacha.
- Faomhadh an Treoirhoiciméad ar Úsáid na Gaeilge i gcomhair Bainistíocht Tráchtá Shealadach ar Bhóithre poiblí - cuireadh leaganacha Gaeilge agus Béarla ar fáil
- Forbraíodh beartas maidir le Cothabháil Fál Sceach agus Ciumhaiseanna cois bóthair. Ullmhaíodh cáipéis ceisteanna coitianta freisin.
- Tugadh breac-chuntas ar an gClár Athbheithnithe um Luasteorainneacha.
- Tugadh faisnéis do chomhaltaí faoi thoscaireacht faoi threoir Chomhairle Contae Chorcaí chuig Bonneagar Iompair Éireann i mí na Samhna chun Mórthionscadail Bóithre a phlé.
- D'fhreastail Nasc Áitiúil Chorcaí ar aon chruinniú amháin.



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

Seirbhísí Uisce agus Rannóg Innealtóir an Chontae



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

SEIRBHÍSÍ UISCE AGUS RANNÓG INNEALTÓIR AN CHONTAE

Tá réimse feidhmeanna ag an Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Uisce agus Rannóg Innealtóir an Chontae, lena n-áirítear Oibríochtaí Uisce Ólacháin agus Fuíolluisce, Tionscadail Chaipitil Uisce agus Uisce faoin Tuath. Áirítear leo Bainistíocht Cósta agus Tionscadail Tuile agus an tAonad Forfheidhmithe Tionscadal Caipitil, a cuireadh ar bun le gairid.

Tá an bhliain a chuaigh thart tar éis a bheith dúshlánach don Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Uisce. Mar sheirbhís riachtanach le linn na paidéime, bhí srianta dochta i bhfeidhm, go háirithe mar gheall ar an mbéim sa tsláinte phoiblí ar dhromchlaí a ghlanadh agus lámha a ní, cuir i gcás. Rinneadh athchumrú ar phróisis agus nósanna imeachta agus cuireadh leo le soláthar leanúnach uisce phoiblí a chinntiú. Tháinig solúbthacht, seiftiúlacht agus tiomantas na foirne ar fad ar fud na Stiúrthóireachta chun cinn agus rinneadh cothabháil ar sheirbhísí uisce agus fuíolluisce araon i rith na tréimhse crua sin.

Oibríochtaí Uisce Ólacháin agus Fuíolluisce

Déanann na Rannóga um Uisce Ólacháin agus Fuíolluisce den Stiúrthóireacht um Sheirbhísí Uisce bainistíocht ar sheirbhísí uisce poiblí agus fuíolluisce a sholáthar faoi Chomhaontú ar Leibhéal na Seirbhíse le Uisce Éireann. Freastalaíonn siad ar 350,000 duine ar fud an chontae cinntíonn siad go soláthraítear uisce ólacháin ardchaighdeáin (ag cur os cionn 150 milliún lítear ar fáil gach lá) agus go gcóireáiltear fuíolluisce ar bhealach sábháilte agus éifeachtúil trí níos mó ná 250 sócmhainn bonneagair Fuíolluisce. Cuireann ár bhFoireann um oibríochtaí Fuíolluisce 74 tuarascáil chomhshaoil bhliantúil ar fáil i gcomhair ceirtleáin arna gceadúnú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil trína réimse feidhme.

Spáráiltear 6 mhilliún lítear in aghaidh an lae trí sceitheadh a laghdú mar thoradh ar an tosaíocht a thugtar do chaomhnú uisce. Is iad na príomhchúiseanna leis an laghdú ar Uisce gan Tásc i gContae Chorcaí go dtí 43.5% ná an tAthsholáthar Príomhlíonra 38km i gceantair amhail Baile Aodha Inis Eonáin (5.1km) Baile Chaisleáin Bhéarra (4.9km), Dún ar Aill (2.5km), Cill Bhrain (4.1km), Baile Uí Choirc (1.9km), Cill Ia (1.9km), Maigh Chromtha Cúil Chomhair (1.5km) mar aon le dul chun cinn leis an gClár Find & Fix (Aimsigh agus Deisigh).

Is léiriú iad na scóir arda sheasta a baineadh amach i réimsí amhail Sláinte agus Sábháilteacht agus Comhlíonadh ar an leibhéal seirbhíse atá á sholáthar.

An Oifig um Thionscadail Chaipitil Uisce

Tá príomhról ag an Oifig um Thionscadail Chaipitil chun feabhsú leanúnach an bhonneagair uisce a chinntiú ar fud Chontae Chorcaí. Cuireann sí Seirbhís Bainistíochta Tionscadal ar feadh saolré iomlán ar fáil chun cur i gcrích Phlean Infheistíochta Caipitil Uisce (RC3) Uisce Éireann a éascú sna blianta 2020-2024, ar clár é ina bhfuil nach lú ná 36 mórthionscadal bonneagair i limistéar Chontae Chorcaí. Tá na tionscadail seo chomh maith le liosta fada tionscadal um fheabhsúchán líonra agus lear mór Cláir Chaipitil á mbainistiú ag an oifig. Baineann na tionscadail leis na hearnálacha Uisce agus Fuíolluisce araon.

Uisce faoin Tuath

Tugann an Rannóg um Uisce faoin Tuath cúnamh suntasach do Ghrúpscéimeanna Uisce a fhreastalaíonn ar 10,000 líon tí ar fud an chontae. Áirítear leo seo an Clár Uisce Tuaithe a bhainistiú agus cúnamh riaracháin agus innealtóireachta a sholáthar. Déanann siad bainistíocht ar dheontais tobair agus tugadh níos mó ná €1,787,482 do líonta tí in 2021 chuige sin (i gcomhair na seanscéimeanna agus na scéimeanna nua araon). Cuireadh clabhsúr ar an tseanscéim in 2021.

Bainistíocht Cósta agus Tionscadail Tuile.

Tionscadail Tuile.

Lean an fhoireann um Thionscadail Tuile dá hobair leanúnach ar roinnt mórscéimeanna agus mionscéimeanna cosanta tuile in 2021 i gcomhar le hOifig na nOibreacha Poiblí. Cuireadh Scéim Tuile Chloich na Coillte i gcrích in 2021, anuas ar dhá mhórscéim tuile eile in iarthar Chorcaí, Droichead na Bandan agus an Sciobairín,a cuireadh i gcrích cúpla bliain ó shin; i measc na Mórscéimeanna atá á gcur chun cinn tá:

Mainistir na Corann (céim na forbartha/roghanna), Beantraí (Forthairgeoir roghnaithe sainaitheanta i gcomhair Seirbhísí Sainchomhairleoireachta don Scéim) agus Comhairle Contae Chorcaí ag glacadh ról an Chliaint agus an Bhainisteora Tionscadail i gcomhair mórscéimeanna i mBaile Mhic Íre agus i mBéal Átha an Cheasaigh - cuireadh tús le hathbhreithnithe ar obair Chéim 1 d’Oifig na nOibreacha Poiblí ar na scéimeanna seo in 2021; Scéim an Bhaile Ghallda: (Tuarascáil Scóipe idir lámha don Scéim arna Comhchistiú ag Oifig na nOibreacha Poiblí/Comhairle Contae Chorcaí). Ról Cliaint i scéimeanna tuile Dhúglais agus na Glaise Buí le Comhairle Cathrach Chorcaí, agus an ról bainistíochta tionscadail coimeádta ag Comhairle Contae Chorcaí. Rinneadh dul chun cinn le Scéim na Laoi Íochtair ina bhfuil ról an Chliaint ag Oifig na nOibreacha Poiblí. Maidir le Clár Mionoibreacha Oifig na nOibreacha Poiblí, bronnadh Pleanáil Chuid 8 i gcomhair tionscadal i mBaile an Tobair agus i mBaile Mhic Íre (Oibreacha Eatramhacha) agus táthar ag súil go gcuirfear tús le hoibreacha tógála in 2022.

Ceapadh Bainisteoir nua Scéimeanna Tuile Oibríochtúla ar an bhFoireann um Thionscadail Tuile i gComhairle Contae Chorcaí in 2021, ag a bhfuil ról tábhachtach maoirseachta i gcomhairle le comhghleacaithe eile sa Chomhairle lena chinntiú go bhfuil córais éifeachtacha leanúnacha bhainistíochta i bhfeidhm chun scéimeanna tuile arna gcríochnú a Oibriú agus a Chothabháil.

Tionscadail Chósta:

- i) Tá Oibreacha i gCionn tSáile, Bréantrá, Baile Choitín, Béal an Churraigh Bháin, Zetland agus Travara imeasc na dtionscadal cósta ar tugadh fúthu in 2021 . Chomhchistigh an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara agus Comhairle Contae Chorcaí na tionscadail thuas ar fad.
- ii) Cuireadh Céim 2 de Chlárchosán Eochaille i gcrích agus osclaíodh go hoifigiúil é in 2021.
- iii) Lean an fhoireann Cósta de thionscadail dreidireachta i gCuan Bhaile Choitín agus tionscadal birt do Chúirt Mhic Shéafraidh don Ghleann Garbh agus don Rinn a chur chun cinn.
- iv) Lean an fhoireann um Thionscadail Chósta dá cuid ról a bhaineann le cothabháil theicniúil ar CharrCábla Oileán Baoi agus le Pleanáil agus Freagairt do Theagmhais maidir le Doirteadh Ola.
- v) Chuaigh an fhoireann um Thionscadail Chósta i gcomhairle le hOifig na nOibreacha Poiblí maidir le hiarrataisfaoi scéimeanna Oifig na nOibreacha Poiblí um Mionoibreacha Cosanta Cósta.

Tionscadail Eile

Rinneadh dul chun cinn le Tionscadal Chora Mhainistir Fhear Maí agus táthar ag súil go gcuirfear an t-iarratas pleanála faoi bhráid an Bhoird Pleanála sa chéad nó sa dara ráithe den bhliain 2022.

An tAonad Forfheidhmithe Tionscadal Caipitil

Tá An tAonad Forfheidhmithe Tionscadal Caipitil freagrach as forbairt agus forfheidhmiú an Chláir Infheistíochta um Inbhuanaitheacht Shóisialta ag Comhairle Contae Chorcaí a chomhordú ar fud Chontae Chorcaí. Oibríonn an fhoireann go dlúth le heití eile um sholáthar caipitil laistigh den Chomhairle agus téann sí i gcomhairle leis na Rannáin agus na Ceantair Bhardasacha i dtaca le scéimeanna a shainaithint agus iad a chur in ord tosaíochta.

Tionscadal Chorcaí

Bhí 32 Tionscadal Bonneagair Caipitil faoi stiúir an Chláir Infheistíochta um Inbhuanaitheacht Shóisialta in 2021 agus iad á gcur chun cinn trí chéimeanna éagsúla d’Fhéidearthacht, Pleanáil, Dearadh, Tairiscint agus Tógáil.

Tionscadal Chorcaí

I measc na Mórthionscadal Caipitil atá á mbainistiú ag an Aonad Forfheidhmithe Tionscadal Caipitil in 2021 tá -

Tionscadal Chorcaí

Glasbhealach Mhainistir na Corann agus Eochaille (Dearadh agus Tógáil): 23km den Ghlasbhealach idir Mainistir na Corann agus Eochail á fhorbairt feadh an iarnróid atá as úsáid. Mar thoradh air seo, cuirfear conláiste saor in aisce ar fáil do gach duine sa réigiún, tiocfaidh ardú ar an turasóireacht agus ar ghníomhaíochtaí geilleagracha eile a bhaineann léi i lonnaíochtaí feadh an Ghlasbhealaigh agus déanfar tairbhe don phobal ó thaobh fóillíochta agus sláinte de. Tá dul chun cinn á dhéanamh le hoibreacha tógála idir Mainistir na Corann agus Maigh Dhíle in 2021.

Tionscadal Chorcaí

Forfheidhmiú Phlean Feabhsúcháin Ríochta Poiblí Tráchta Dhroichead na Bandan (Dearadh agus Pleanáil): Cur i bhfeidhm Iompar Lár an Bhaile agus Plean Feabhsúcháin Ríochta Poiblí lena n-áirítear oibreacha feabhsúcháin acomhal agus bearta um thaisteal gníomhach chun an siúl agus an rothaíocht a cur chun cinn. Baineann an tionscadal le hathruithe claochlaitheacha ar lár bhaile Dhroichead na Bandan agus tograí chun athruithe a dhéanamh ar chúrsaíocht tráchta chun feabhsúchán ríochta poiblí a éascú, lena n-áirítear limistéir nua dochoisithe, tírdhreachadh suntasach agus soilsiú poiblí. Tiocfaidh ardú ar ghníomhaíocht shóisialta agus gheilleagrach i lár bhaile Dhroichead na Bandan mar gheall ar na torthaí agus beidh an ceantar níos fabhraí do choisithe dá bharr, lena n-áirítear daoine lagamhairc agus daoine faoi mhíchumas. Tiocfaidh ardú ar ghníomhaíocht mhiondíola i lár an bhaile freisin dá bharr. Soghluaisteacht agus nascacht do choisithe agus rothaithe a mhéadú, lena n-áirítear rochtain ar scoileanna agus saoráidí pobail. Pleanáil Chuid 8 a fuarthas le linn 2021 i gcomhair Chéim 1 de chur i bhfeidhm Phlean Feabhsúcháin Iompair agus Ríochta Poiblí Dhroichead na Bandan.

Tionscadal Chorcaí

Ríocht Phoiblí an Chóibh (Féidearthacht agus Dearadh): uasghrádú an tsráid-dreacha agus scéim feabhsúcháin an bhaile ag díriú ar fhorbairt imeall an uisce agus na páirce poiblí. An cosán a uasghrádú, spás ar an mbóthar a athdháileadh ar choisithe i lár an bhaile, an bealach do choisithe a fheabhsú agus spásanna oscailte a chruthú lena n-úsáid ag an bpobal. Pleanáil Chuid 8 a fuarthas le linn 2021.

Tionscadal Chorcaí

Is é príomhchuspóir an Chláir Infheistíochta um Inbhuanaitheacht Shóisialta ag Comhairle Contae Chorcaí ná príomhbhailte ar fud an chontae a fheabhsú chun inbhuanaitheacht leanúnach gheilleagrach agus shóisialta na mbailte sin a chinntiú. I measc na gcatagóirí tionscadail atá ann tá tionscnaimh maidir le hathrú aeráide, bearta maidir le fuascailt tráchta i lár an bhaile, spás oscailte agus conláistí, lár an bhaile a fheabhsú, séadchomharthaí náisiúnta/ionaid chultúir a athchóiriú, tionscadail um éifeachtúlacht fuinnimh agus bonneagar a bhaineann le turasóireacht.

Tionscadal Chorcaí

Tá an Clár Infheistíochta um Inbhuanaitheacht Shóisialta ag an gComhairle á chistiú ag meascán de chistiú Rialtais Láir faoi Tionscadal 2040, Cistí Athghiniúna Uirbí Réigiúnaí, Cistí Forbartha Athghiniúna Tuaithe, cúlchistí caipitil Chomhairle Contae Chorcaí agus cistiú iasachta ó Bhainc Eorpacha. Tá comhaontú cónasctha cistithe iasachta suas go dtí €65m curtha i bhfeidhm ag Comhairle Contae Chorcaí in éineacht leis an mBanc Eorpach Infheistíochta agus Banc Forbartha Chomhairle na hEorpa chun tacú lena Clár Infheistíochta um Inbhuanaitheacht Shóisialta.

Tithíocht



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

TÓGÁIL THITHÍOCHT SHÓISIALTA CHOMHAIRLE CONTAE CHORCAÍ



Aonaid Shóisialta Chríochnaithe i gCionn tSáile

Aonaid chríochnaithe do Dhaoine Scothaosta sa Sciobairín



Aonaid Shóisialta Chríochnaithe i gCnocán na Biolraí



Aonaid Lándéanta i mBaile Átha hÚlla



Aonaid Dear & Tóg OPD Chríochnaithe i Mala

TÓGÁIL AONAD TITHÍOCHTA TRÍ CHOMHPHÁIRTÍOCHT PHRÍOBHÁIDEACH PHOIBLÍ



Páirc Uí Thiar, Cloich na Coillte



Páirc Uí Mhuirthe, Maigh Chromtha

Uirill Comhaltaí Tofa

Fuarthas, próiseáladh agus freagraíodh do 2,130 uiríoll in 2021. Tá an Tairseach thiomnaithe ar líne um Uirill ag leanúint de chuíchóiriú a dhéanamh ar eisiúint na bhFreagairtí.

Ligean Bunaithe ar Rogha

Is modh an-rathúil fós é Córas Roghabhunaithe Ligin Chomhairle Contae Chorcaí chun fógraíocht a dhéanamh agus ionaid réadmhaoine fholmha de chuid Chomhairle Contae Chorcaí agus an Chomhlachta Ceadaithe Tithíochta atá réidh lena ligean a leithdháileadh. Glacadh le 2,045 ionad réadmhaoine tríd an gcóras Ligin Bunaithe ar Rogha go nuige seo.

An Coiste um Beartais Straitéiseacha

Bhuail an Coiste um Beartais Straitéiseacha le chéile cúig huairé in 2021. I measc na saincheisteanna a pléadh bhí:

- Athruithe ar Scéim Cíosa Chomhairle Contae Chorcaí 2021
- An Bille um Thithíocht Inacmhainne, 2020
- Torthaí an tSuirbhé ar Ligean Bunaithe ar Rogha
- Comhfhreagras leis an Aire Tithíochta agus Rialtais Áitiúil maidir le bogadóirí uisce chrua a shuiteáil
- Tithíocht do Dhaoine arna scaoileadh amach as príosún
- Lámhleabhar Tionónta Chomhairle Contae Chorcaí agus nuashonrú ar an gcéanna
- Iompraíocht fhrithshóisialta lena n-áirítear an ról atá ag an nGarda Síochána sa phróiseas leithdháilte tithíochta.
- Deontais do Dhaoine faoi Mhíchumas/Deontais Phríobháideacha agus agaí feithimh d'iarratasóirí
- Bainistíocht Eastáit
- Measúnú ar na Riachtanais Tithíochta
- An Clár um Sholáthar Tithíochta
- Seirbhísí do Dhaoine gan Dídean agus
- Seirbhísí Cothabhála Tithe.
- Pléadh agus faomhadh Plean Straitéiseach Chomhairle Contae Chorcaí um Thithíocht a chur ar Fáil do Dhaoine faoi Mhíchumas, 2022-2027.

Ar an iomlán, phléigh agus d'fhaomh an Coiste um Beartais Straitéiseacha clár cuimsitheach oibre don bhliain 2022.



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

Comhshaol



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

TITHÍOCHT

An Coiste um Beartais Straitéiseacha

Bhuail an Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le Comhshaol, Gníomhú ar son na hAeráide agus Bithéagsúlacht ceithre huair in 2021, agus is ar líne a bhí gach ceann de na cruinnithe sin. I measc na réimsí beartais a phléigh an Coiste um Beartais Straitéiseacha in 2021 bhí:

- Ionaid Fóntas Poiblí a chur chun cinn
- Rialáil Breosla Sholadaigh - Comhairliúchán Poiblí
- An Beartas um Chaighdeán an Aeir Chomhthimpeallaigh a Mhonatóiriú
- An Beartas um Chrainn
- An Doiciméad Beartais um Ghearradh Fálta Sceach/Ciumhaiseanna - atreorú ón gCoiste um Beartais Straitéiseacha um Bóithre
- Dramhaíl Tógála agus Scartála
- An Plean Náisiúnta um Bainistíocht Abhantrach
- Truailliú Solais

GNÍOMHÚ AR SON NA HAERÁIDE

Achtaíodh an tAcht um Gníomhú ar son na hAeráide agus um Fhorbairt Ísealcharbóin (Leasú), 2021 agus cuireadh an tír ina ceangal dlí i dtreo astaíochtaí neodracha nach déanaí ná 2050 agus laghdú 51% ar astaíochtaí faoi 2030. Mar thoradh ar an Acht, sheol an Rialtas a Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, 2021 i mí na Samhna, ar plean uailmhianach é le todhchaí níos inbhuanaithe a leagan amach d'Éirinn d'fhonn muid a chosaint ar iarmhairtí millteacha an athraithe aeráide.

Leagtar amach spriocanna uailmhianacha don Earnáil Phoiblí faoi 2030, lena n-áirítear:

- Feabhsú 50% in Éifeachtúlacht Fuinnimh na hEarnálaPoiblí
- Laghdú 51% ar astaíochtaí CO2 agus Foirne Glasa i ngach comhlacht poiblí
- Beartas um Shoghluaisteacht Inbhuanaithe
- Toirmeasc ar chórais nua téimh breosla iontaise i bhfoirgnimh poiblí tar éis 2023
- Sainordú a thabhairt go mbeidh gach ceannachán nua flít leictreach ó 2023 (i gcás ina mbeidh an cineál feithicle ar fáil)
- Ag Díriú ar Neodracht ó Thaobh Carbóin de faoi 2050

Chuir Stiúrtóireachtaí Aonair mar aon leis na hÚsáideoirí Suntasacha Fuinnimh Pleananna Gníomhaíochta Fuinnimh isteach don bhliain 2021. Cuireadh 46 gníomh isteach agus cuireadh chun cinn iad.

An Oifig Réigiúnach um Gníomhú ar son na hAeráide (ORGA)

Ina ról mar an t-údarás ceannais do Réigiún Theas Bhord Farraige an Atlantaigh chuir an Chomhairle, trína foireann ORGA, roinnt tionscadail náisiúnta chun cinn lena n-áirítear Treoirchoiciméad agus Teimpléid Soláthair a ullmhú don Scéim um Chruthú Coillearnach ar Thailte Poiblí.



An Oifig Réigiúnach um Gníomhú ar son na hAeráide (ORGA)

In 2021 chuir ORGA obair ar threoirchoiciméid eile agus ar lámhleabhair chun cinn lena n-áirítear:

- Treoir maidir le hOiriúnú Aeráide Bóithre Réigiúnacha agus Áitiúla
- Treoir maidir leis an Athrú Aeráide do Shealbhóirí Tí
- Lámhleabhar Fuinnimh d'Fhoirgnimh Bardais na nÚdarás Áitiúil
- Treoir d'údarás áitiúil a fhorbairt i dtaca le Creimeadh Cósta

Laistigh den Chomhairle leathadh amach clár fairsing oiliúna um gníomhú ar son na haeráide do gach ball foirne den Chomhairle in 2021 freisin. Cuireadh Iníuchadh Fuinnimh ar Shaoráidí na Comhairle chun cinn freisin agus cuireadh tús le clár suiteála soilsithe LED (dé-oid astaithe solais) i mí na Samhna.

Clár Phobail um Fheasacht Comhshaoil

Bhí tionchar ag COVID-19 arís ar thionscnaimh áirithe agus cuireadh an Dúshlán Bliantúil Bruscair agus Comórtas Garraíodóireachta Scoile Muintir na Tíre ar ceal. Ar bhonn náisiúnta, arís níor seoladh scéim an Chiste Gníomhaíochta Comhshaoil Pobail in 2021.

In ainneoin na ndúshlán a bhain le COVID-19, soláthraíodh Clár fairsing Pobail um Fheasacht Comhshaoil in 2021 agus i measc na mbuaicpointí ann bhí:

- Feachtas Feasachta Lotnaidicíd atá sábháilte le sprae
- Ceardlanna Pobail faoi Bheacha le hIontaobhas Fiadhúlra na hÉireann
- Feachtas Feasachta ar Shalú ag Madraí
- Clár na Scoileanna Glasa - an Taisce
- Ceardlanna faoi Laghdú agus Athchúrsáil Dramhaíola
- An feachtas Iúil saor ó phlaisteach (Mí Iúil Saor ó Phlaistigh)
- An tionscadal bruscair Cairde roghnóra
- An Feachtas Péinteáil níos cliste
- 'Source to Sea', an tsraith físeán um cháilíocht an uisce agus bithéagsúlacht do bhunscoileanna





Clr Gillian Coughlan, Méara, le hambasadóir branda Lily Higgins ag seoladh Revive Paint

Bhí National Reuse Month (Mí Náisiúnta na hAthúsáide) ann i mí Dheireadh Fómhair agus mar cheiliúradh air sin sheol Comhairle Contae Chorcaí (i gcomhpháirtíocht le Comhairle Cathrach Chorcaí agus leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil) tionscnamh nua um an ngeilleagar ciorclach darb ainm Revive Paint, ina n-úsáideann dhá fhiontar shóisialta atá lonnaithe i gCorcaigh péint arna bailiú ó Ionaid Fóntas Poiblí na n-údarás áitiúil chun péint ardchaighdeán inacmhainne a chur ar fáil. I measc na n-ionad i gContae Chorcaí a ghlac páirt bhí Doire Chonaill, Cloich na Coillte agus Ráth Mhín.

Is iad Cycle Sense, atá lonnaithe sa Sciobairín, agus Northside Community Enterprise (Fiontar Pobail an Taoibh Thuaidh) i bhFearann Phiarais, Cathair Chorcaí an dá fhiontar shóisialta pháirteacha. Nuair a seoladh é, bhí os cionn 2.5 tona péinte tar éis a bheith atreoraithe ón sruth dramhaíola chun péint ardchaighdeán a dhéanamh.

CLÁIR OIBRE CHOMHSHAOIL



Seachtain um Shábháilteacht Dóiteáin 2021

An tAer

D'fhorbair an stiúrthóireacht um chomhshaoil comhoibriú leanúnach leis an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun an Líonra Náisiúnta um Chaighdeán an Aeir a leathnú amach agus in 2021 chuir sí roghnú láithreán agus próisis soláthair chun cinn chun stáisiún mhonatóireachta á n-oibriú ag an gComhairle a shuiteáil i gCarraig Uí Leighin, i gCloich na Coillte agus sa Phasáiste. Táthar ag súil go gcuirfear an tsuiteáil i gcrích sna míonna atá amach romhainn.

Suiteáladh stáisiún á n-oibriú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ar láithreán de chuid na Comhairle sa Chóbh, i Maigh Chromtha agus i Mala agus aithnítear i leathadh beartaithe na láithreán atá á n-oibriú ag an gComhairle go bhfuil an fheasacht ar thábhacht chaighdeán an aeir mar shaincheist sláinte poiblí agus chomhshaoil ag fás. Tá sonraí fíor-ama maidir le gach stáisiún atá i seirbhís ar fáil lena mbreathnú sna Stáisiún Mhonatóireachta | [AirQuality.ie](https://airquality.ie)

De réir na teachtaireachta faoin aer glan, ghlac an Chomhairle páirt san fheachtas náisiúnta "3 Chéim" ("3 Step") faoi roghanna maidir le téamh baile i rith an bhuaicshéasúir téimh.

Mar chuid de chlár oibre bliantúil sceidealaithe na Comhairle um Chaighdeán an Aeir leanadh de réimse leathan oibrítheoirí agus gníomhaíochtaí incheadúnaithe faoi na hAchtanna um Thruailliú Aeir a rialáil agus a mhonatóiriú, lena n-áirítear:

- 10 Tionscal
- 20 Tirimghlantóir
- 39 Spreaphéintéir
- 79 Stáisiún Peitрил
- 70 Cigireacht Breosla Sholadaigh lena n-áirítear aon seicphointe oibreora líonraí móibíleacha ilghníomhaireachta amháin

In 2021, freagraíodh do 320 gearán a bhain le haer agus le torann.

Dramhaíl & Athchúrsáil

Mar sheirbhís riachtanach, bhí Fóntais Phoiblí na Comhairle agus Ionaid Fág Anseo fós ag oibriú i rith 2021.

In 2021, bhí 340,913 cuairteoir ar an 12 Láithreán Fóntas Poiblí agus Láithreán Ionad Athchúrsála den Chomhairle agus bhailigh an Chomhairle san iomlán;

- 12,450 tona ábhar in-athchúrsáilte
- 11,060 tona dramhaíola

Sna 138 Ionad Fág Anseo den Chomhairle ar fud an chontae, bailíodh 7,153 tona ábhar in-athchúrsáilte sa bhreis, miondealaithe mar seo a leanas;

Ábhar	Tonnáiste
Buidéil Ghloine	6,948.37
Cannaí Deochanna	99.29
Cannaí Bia	105.85

Rinne baill foirne forfheidhmithe dramhaíola, lena n-áirítear maoir agus baill foirne theicniúla eile, 1,286 cigireacht bainteach le dramhaíl in 2021.

Cáilíocht an Uisce

Agus gnáthshampláil sconna curtha ar fionraí de bharr COVID-19, leanadh de mhonatóireacht rialála ar sholáthairtí uisce ólacháin trí réimse suíomhanna poiblí a úsáid ag Stáisiún Gardaí, tailte CLG, etc. ar fud an chontae.

I measc na gclár oibre suntasacha a sholáthair foirne cáilíochta uisce na Comhairle in 2021 bhí;

- 1,164 sampla a fuarthas ó 165 soláthar poiblí uisce ólacháin - 21,158 paraiméadar anailísithe.
- 279 sampla a fuarthas ó 184 grúpscéim soláthair uisce agus soláthairtí uisce príobháideacha beaga eile - 4,876 paraiméadar anailísithe
- Os cionn 3,000 sampla a fuarthas ag córais cóireála fuíolluisce phoiblí agus thionsclaíocha
- 715 Cigireacht Feirme déanta
- 190 sampla d'uisce snámha faighte ag 29 trá
- 62 dabhach shéarachais a ndearnadh cigireacht orthu

Ag searmanas náisiúnta gradam i mí na Bealtaine 2021, bhronn An Taisce 23 bratach san iomlán ar thránna i gCorcaigh don bhliain 2021, níos mó bratach ná mar a bronnadh ar aon chontae eile. Bronnadh 10 mBratach Ghorm agus 13 Bhratach Cósta Ghlais san iomlán agus baineadh ardchaighdeán amach go seasta i gcáilíocht uisce na dtránna seo mar aon le caighdeán bonneagair trá. Lena chois sin, choinnigh Muiríne Chionn tSáile agus Club Luamhaireachta Ríoga Chorcaí Stádas Brataí Goirme.



Bhain Trá Thoir Inse Duine a céad Bhratach Ghorm amach i mbliana dála Thrá Thiar Inse Duine, ar ar bronnadh bratach ghorm go leanúnach ón mbliain 1993. Is é seo a leanas liosta iomlán na mbratach a bronnadh in 2021:

Bratach Ghorm: Bá na hEornan, Baile Ghearóid, Garraí Lúcáis, Trá Thoir Inse Duine, Trá Thiar Inse Duine, Abha na hInse, Trá Omna, Trá an Choinicéir-an Chreagáin, Eochaill - an Caisleán Cria, Eochaill - Ceann an Bhóthair.

Cósta Glas: Baile Riosóid, Trá na hAidhleann, Cé an Dúinín, Baile Mhontáin, Galley Cove, Trá Gharinise- Lehanmore, Trá Inse, Trá Thoir Inse Duine, an Tráigh Dhearg, Rinn an Chiniféicigh, Rocky Bay, an Seangharraí- Ard na hInse, an Trá Bhán-Inis Arcáin

Sábháilteacht Tréidliachta & Bia

Sholáthair Rannóg Tréidliachta na Comhairle clár fairsing oibre arís in 2020, lena n-áirítear:

- Os cionn 28,000 ceadúnas madra a riar.
- 629 fógra forfheidhmithe ceadúnais madra eisithe
- Monatóireacht déanta ar 37 ionad pórúcháin madraícláraithe
- Cláir chigireachta a sholáthar ar fud 72 áitreabh cláraithe bia.
- Anailísíú saotharlainne faoi chonradh d'Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann.
- 24 capall seachráin a bhailiú.



Glan suas i ndiaidh do mhadra - ná scaip galar

Cuir i mála é - cuir sa bhosca bruscair é

Rialú Dóiteáin & Foirgnimh



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

RIALÚ DÓITEÁIN & FOIRGNIMH

Soláthraíonn Rannóg Rialaithe Dóiteáin agus Foirgnimh Chomhairle Contae Chorcaí réimse seirbhísí lena n-áirítear Freagairt Oibríocháin Éigeandála, Feidhmeanna Rialaithe um Shábháilteacht Dóiteáin agus Foirgnimh, Sábháilteacht Dóiteáin Phobail, Pleanáil/Bainistíocht Móréigeandála agus Cosaint Shibhialta.

Plean Oibríocháin Dóiteáin & Éigeandála (2021-2025)

Glacadh le Plean Oibríocháin Dóiteáin & Éigeandála nua (2021-2025) ag Cruinniú na Comhairle Iomláine ar an 11 Eanáir 2021. Is é cuspóir an phlean seo Oibleagáid Reachtuil Chomhairle Contae Chorcaí a chomhlíonadh mar Údarás Dóiteáin mar a achoimítear in Alt 26 de na hAchtanna um Sheirbhísí Dóiteáin, 1981 & 2003. Tugtar mionsonraí sa phlean seo ar shocraíochtaí reatha laistigh den Údarás Dóiteáin ach leagtar amach ann pleananna agus spriocanna straitéiseacha freisin don Údarás Dóiteáin do na 5 bliana atá amach romhainn.

Oibríochtaí na Seirbhíse Dóiteáin:

Freastalaíonn 20 Stáisiún Dóiteáin ar Áirithíocht ar an gcontae - Mala, Sráid an Mhuilinn, Ceann Toirc, an Ráth, Mainistir Fhear Maí, Baile Mhístéala, Mainistir na Corann, an Cóbh, Eochail, Droichead na Bandan, Maigh Chromtha, Cionn tSáile, Carraig Uí Leighin, Bun an Tábhairne, Beantraí, Baile Chaisleáin Bhéarra, an Scoil, an Sciobairín, Dún Mánmhaí agus Cloich na Coillte.

Lean pearsanra na Seirbhíse Dóiteáin de bheith ar fáil chun freagairt do theagmhais le linn na géarchéime COVID - freagraíodh do gach teagmhas in 2021. Níor tháinig aon athrú suntasach ar an líon glaonna amach le linn 2021 i gcomparáid le 2020 agus ardú 5.1% a bhí ann sa bhliain.

Cineál Teagmhais	2019	2020	2021	% Athraithe in 2020
Dóiteán	800	750	795	+5.7%
Imbhualtí tráchtá bóthair	339	267	301	+11.3%
Bréagbhaidh	300	280	316	+11.4%
Seirbhísí Speisialta lena n-áirítear Cúnamh Otharchairr	439	531	514	-3.3%
Líon Iomlán Teagmhais	1878	1828	1926	+5.1%

Líon iomlán Turas Freastail chuig Dóiteáin in 2021	1,086
Meánaga na dturas freastail	4.75 nóim.
% glaonna ar freagraíodh dóibh laistigh de 10 nóiméad	32.5%
% glaonna ar freagraíodh dóibh laistigh de idir 10 agus 20 nóiméad	37%
% glaonna ar freagraíodh dóibh tar éis níos mó ná 20 nóiméad	16.5%
<i>(** Seasann sé seo do theagmhais inar taifeadhadh aga i láthair)</i>	

Líon iomlán Turas Freastail chuig Éigeandálaí nár bhain le Dóiteáin in 2021	859
Meánaga na dturas freastail	4.93 nóim.
% glaonna ar freagraíodh dóibh laistigh de 10 nóiméad	34%
% glaonna ar freagraíodh dóibh laistigh de idir 10 agus 20 nóiméad	44%
% glaonna ar freagraíodh dóibh tar éis níos mó ná 20 nóiméad	12%
<i>(** Seasann sé seo do theagmhais inar taifeadhadh aga i láthair)</i>	

Soláthraíodh clár oiliúna mionathraithe le linn 2021 mar gheall ar shrianta leanúnacha na paidéime, rinneadh athruithe ar an gclár chun sábháilteacht na foirne ar fad a chinntiú agus áiríodh beart oiriúnacha rialaithe amhail scaradhsóisialta agus trealamh cosanta pearsanta cuí a úsáid.

Is é seo a leanas an achoimre ar chúrsaí oiliúna a reáchtáladh in 2021:

Scileanna do Chomhraiceoirí Dóiteáin Nua-earcaithe - Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann	Garchabhair ag an Obair	Oiliúint CAFS
Caiteoirí Gairis Análaithe	Céadfhreagróir Leighis	Céadfhreagróir Mearuisce & Tuile FS
Oiliúint Iompraíochta maidir le Dóiteáin Urrainne	Cúrsaí Forbartha Oifigeach i gCeannas	Feasacht ar Uisce & Tuilte
Caighdeán Tiomána Seirbhísí Éigeandála	Teagmhais Seirbhísí Dóiteáin a Bhainistiú	Cúrsa d'Éascaitheoirí Hydra
Oibríteoir Caidéil	Cúrsa Deimhnithe Inniúlachta Gairmiúla do Cheannasaithe Teagmhais	Cúrsa Deimhnithe Inniúlachta Gairmiúla do Chaiteoirí
Imbhualtí Tráchtá Bóthair		



Teagascóirí agus Lucht Freastail ag Cúrsa Scileanna Comhraic Dóiteáin le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann – Iúil 2021

Infheistíocht Chaipitil

I mí Dheireadh Fómhair 2021, fuair Chomhairle Contae Chorcaí Ardán Aeróige 28m réamhúsáidte. Suiteálfar an fearas seo ag Stáisiún Dóiteáin Mhainistir na Corann agus beifear in ann an t-aonad atá ann cheana féin a athlonnú chuig Stáisiún Dóiteáin Dhroichead na Bandan dá bharr chun cumas comhraic dóiteáin sínte aird sa bhreis a chur ar fáil sna Rannáin Theas agus Thiar. Chistigh an Stiúthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála sa Roinn Tithíochta, Rialtas Áitiúil agus Oidhreacht an fearas seo.



Cuireadh tógáil an stáisiúin dóiteáin nua i gCeann Tuirc i gcrích in 2021 agus tugadh an Stáisiún do Chomhairle Contae Chorcaí i mí na Samhna 2021. Thóg HG Construction, cuideachta i gCorcaigh, an foirgneamh nua agus ba é €1.8 milliún an luach a cuireadh ar an tairiscint. Soláthraíodh an tionscadal seo mar chuid den Chlár Caipitiúil €61m ag an Stiúrthóireacht Náisiúnta chun 27 tionscadal stáisiún dóiteáin lonnaithe ar fud na tíre a thógáil/a athchóiriú le linn na tréimhse cúig bliana 2021-2025.

Áirítear soláthar Stáisiún Dóiteáin nua i Maigh Chromtha agus Cloich na Coillte leis an gclár athchóirithe seo. Cuireadh tús leis an tógáil sa Stáisiún Dóiteáin nua i Maigh Chromtha agus táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe faoin dara ráithe den bhliain 2022. Tugadh cead freisin chun an Stáisiún Dóiteáin nua i gCloich na Coillte a chur ar aghaidh chun tairisceana.

Mar chuid de Chlár Soláthair Fearas Dóiteáin na Stiúrthóireachta Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála, á reáchtáil ó 2021-2023, gheobhaidh Seirbhís Dóiteáin Chomhairle Contae Chorcaí trí Fhearas Rang B nua. I mí Mheán Fómhair agus mí na Nollag 2021 tugadh ceadú na trí fhearas a chur ar aghaidh chuig céim na tógála agus tá sé beartaithe go soláthrófar na fearais seo sa cheathrú ráithe den bhliain 2022.

Soláthraíodh 6 Comhbhrúiteoir Bauer don tSeirbhís Dóiteáin in 2021. Tugadh an trealamh nua seo isteach in áit cuid de na Comhbhrúiteoirí a bhí ann cheana a bhí 20 bliain d'aois. Tá na Comhbhrúiteoirí seo mar chuid de thionscadal chun athrú ó shorcóirí 200bar go sorcóir 300bar nuair a úsáidtear Gaireas Análaithe. Chistigh an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála ceannach na gcomhbhrúiteoirí nua.

Sábháilteacht Dóiteáin Phobail

Bhí tionchar fós ag an bpaindéim COVID-19 ar Ghníomhaíochtaí Pobail um Sábháilteacht Dóiteáin le linn 2021 agus cuireadh formhór na gníomhaíochtaí aghaidh ar aghaidh ar fionraí. Baineadh úsáid as ardán meán sóisialta in éineacht le teicneolaíocht ar líne i rith na bliana chun teachtaireachtaí rithabhachtacha maidir le Sábháilteacht Dóiteáin a sholáthar. Dáileadh Pacáistí Sábháilteachta Dóiteáin ar fud an chontae le cúnamh ó Sheirbhís Tacaíochta Baile FSS, Béilí ar Rothaí agus an Garda Síochána.

Reáchtáladh an tSeachtain Sábháilteachta Dóiteáin ón 4 go dtí an 11 Deireadh Fómhair; díriodh ar shábháilteacht dóiteáin sa bhaile agus spreagadh gach teaghlach aláraim dheataigh a fháil agus a thástáil ar bhonn seachtainiúil.



Sa ghrianghraf seo ag seoladh Sheachtain Sábháilteachta Dóiteáin 2021 i gCorcaigh tá Clr Gillian Coughlan, Méara Chontae Chorcaí; Louis Duffy, Stiúrthóir Seirbhíse; Séamus Coughlan, Príomh-oifigeach Dóiteáin; FF Rob Moloney, Stáisiún Dóiteáin Dhroichead na Bandan agus Aidan Glavin, Príomh-Oifigeach Dóiteáin Cúnta.

Mar chuid de Sheachtain Sábháilteachta Dóiteáin 2021, cuireadh dath dearg ar Fhoirgnimh Bhardais, Sainchomharthaí áitiúla agus Stáisiún Dóiteáin.



Lean an tSeirbhís Dóiteáin ag oibriú Scéim Phobail na nAláram Deataigh i gcomhar le grúpaí pobail agus eagraíochtaí áitiúla. Tá sé mar aidhm ag an scéim, le comhoibriú grúpaí agus eagraíochtaí deonacha áitiúla, aláraim dheataigh ina bhfuil cadhnraí 10 mbliana a shainiú agus a dháileadh ar chónaitheoirí aosta agus leochaileacha ar fud an chontae. Tá an Stiúrthóireacht Náisiúnta um Bainistíocht Dóiteáin agus Éigeandála ag tacú leis an scéim seo.




Bhí baint ag comhraiceoirí dóiteáin ó Stáisiún Dóiteáin Chionn tSáile le leacht cuimhneacháin a rinneadh mar chomhartha ómóis do na comhraiceoirí dóiteáin i Nua-Eabhrac a fuair bás in ionsaithe 9/11. Cruthaíodh an leacht cuimhneacháin ag an nGairdín Cuimhneacháin ag Rinn Fhionnán, Cionn tSáile, agus ba í Kathleen Murphy a bhunaigh an gairdín seo i mí na Samhna 2001. D'fhás Kathleen Murphy suas i Rinn Fhionnán, Cionn tSáile, agus tar éis di oiliúint a fháil mar altra i Sasana bhog sí go Nua-Eabhrac, áit ar oibrigh sí mar altra foirne ar feadh 40 bliain in Ospidéal Lennox Hill. Bhí meas aici riamh ar obair chróga mhisiúil na gcomhraiceoirí dóiteáin. Chinn sí ar an nGairdín Cuimhneacháin a bhunú tar éis ionsaithe 9/11 i gcuimhne na 343 comhraiceoir dóiteáin a cailleadh ar an 11 Meán Fómhair, 2001. Ba é 2021 comóradh fiche bliain ionsaithe 11 Meán Fómhair.

Sábháilteacht Dóiteáin


Rinne an Rannán um Sábháilteacht Dóiteáin measúnú ar gach iarratas bailí ar Dheimhniú um Sábháilteacht ó Dhóiteán a cuireadh isteach agus chuir siad comhairle ar fáil maidir le caighdeáin reatha um sábháilteacht dóiteáin i dtaca le forbairtí beartaithe agus forbairtí reatha. Rinneadh Cigireachtaí Sábháilteachta Dóiteáin ar fhoirgnimh nach áiteanna cónaithe iad le linn na bliana, próiseáladh iarratais ar cheadúnú, eisíodh tuairiscí chuig an tSeirbhís Cúirteanna mar ba ghá agus críochnaíodh tuairiscí atreorúcháin mar ba ghá.

Taispeántar sa tábla agus sa chart seo a leanas an líon iarratas ar Dheimhniú um Sábháilteacht ó Dhóiteán a fuarthas agus a bronnadh in 2021:




Rialú Tógála

Taispeántar sa tábla agus sa chart seo a leanas an líon iarratas ar Theastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas a fuarthas agus a bronnadh in 2021:



Taispeántar sa tábla seo a leanas an líon aighneachtaí bailí maidir le fógra tosaigh feidhme agus fógra 7 lá a fuarthas in 2021:



Leanadh leis an bhfeachtas comhlíonta Rátála Fuinnimh Foirgnimh (BER) a chur i bhfeidhm ar fud an chontae ag díriú ar Cheantálaithe chun a chinntiú go gcloífeadh leis na riachtanais a bhaineann le fógraíocht BER. Seiceáladh 2,972 fógra ar fhoirgnimh atá á dtairiscint le díol nó ar cíós agus leanann comhlíonadh ag feabhsú.

BAINISTIÚ MÓRÉIGEANDÁLA

Coiste Bainistíochta Móréigeandálaí

Tháinig Coiste Bainistíochta Móréigeandála na Comhairle le chéile gach ráithe thar MS Teams le linn 2021.

Clár Seveso 2021

Cé go ndearna Paidéim COVID-19 difear do ghníomhaíochtaí uile MEM, rinneadh freachnaimh chun tástáil a dhéanamh ar na Pleananna Éigeandála Seachtraí seo a leanas. Cuireadh roinnt cleachtaí in oiriúint chun iad a sheachadadh beagnach thar Microsoft Teams.


	Áis	Dáta Freachnaimh	Cineál an chleachtaidh
Plean Éigeandála Seachtrach	Irving Ola	20 Aibreán 2021	Fíorúil
Plean Éigeandála Seachtrach	Thermo Fisher	26 Bealtaine 2021	Beo
Plean Éigeandála Seachtrach	Eli Lily	23ú Meitheamh 2021	Beo
Plean Éigeandála Seachtrach	Marinochem	3 Samhain 2021	Beo

Foireann Measúnaithe Aimsire Machaire (SWAT)

D'fhreastail an SWAT ar gach faisnéisiú de chuid Met Éireann maidir le hImeachtaí Trom Aimsire agus reáchtáil siad teileachomhdhálacha go rialta maidir le Rabhaidh Aimsire uile Met Éireann lena n-áirítear Stoirm Barra.



Storm Barra i mBeantraí 2021



Stoirm Barra 2021

Idir-Ghníomhaireacht

Ghlac comhaltaí Chomhairle Contae Chorcaí páirt i nGníomhaíochtaí Idirghníomhaireachta éagsúla le linn 2021 lena n-áirítear;

Oiliúint

- Traenáil um Chomhordú ar an Láthair a reáchtáiltear san Hydra Facility, Stáisiún Dóiteáin Chluain Meala
- Oiliúint ar Thruailliú Sceitheadh Ola á reáchtáil ag Calafort Chorcaí, Rinn an Scidigh

Cleachtaí

- Tollán Jack Lynch, Ceacht Fíorúil
- Aerfort Idirnáisiúnta Chorcaí, Ceacht Beo

Cuairteanna ar Shaineolas ar an Suíomh

- Hovione, Rinn an Scidigh
- Carberry Foods, Béal Átha Fhínín

Cosaint Sibhialta

Is é príomhról na Cosanta Sibhialta ná freagairt éigeandála ar an dara líne a chur ar fáil do na Príomhghníomhaireachtaí Freagartha (PRAnna) i réimsí na drochaimsire agus na freagartha tuilte, cuardach duine ar iarraidh, cumarsáid agus cumas deonach otharchairr éigeandála. Cuirtear oiliúint ghairmiúil ar oibríthe deonacha i réimse leathan scileanna. Déantar cleachtaí oiliúna go rialta leis na PRAnna agus le Seirbhísí Éigeandála Deonacha eile chun ardleibhéal ullmhachta a choinneáil agus chun nósanna imeachta a shruthlíniú.

Lean 2021 de bheith ina bliain urghnách den tseirbhís agus dá saorálaithe. Le linn Phaindéim Dhomhanda COVID 19, léirigh oibríthe deonacha Cosanta Sibhialta Chontae Chorcaí tiomantas, gairmiúlacht, teacht aniar agus combhá agus cúram do na daoine leochaileacha den phobal.

In 2021 cuireadh tús le himeachtaí a athoscailt arís ar fud an chontae nuair a cuireadh tús le clár vacsaínithe na tíre agus cuireadh deireadh leis na srianta. Chabhraigh oibríthe deonacha cosanta sibhialta Chontae Chorcaí le cur i bhfeidhm an chláir vacsaínithe agus bhí an-áthas orthu cabhrú le himeachtaí pobail ar fud an chontae.

Chríochnaigh Óglaigh Cosanta Sibhialta Iarthar Chorcaí 2,283 uair oibríthe deonacha in 2021. I measc na n-uaireanta sin bhí:

- Cúnamh do 4 Chuardaigh Duine ar Iarraidh ar leith.
- Seachadadh roinnt cógas ó chógaslanna áitiúla chuig daoine den phobal.
- 13 Aistrithe Othar
- Dualgais thiomána d'Fhoirne Freagartha Aimsire & CUH Tromchúiseacha.
- Cúnamh don AGS le Suirbhé Aeróige Dróin
- 21 Laethanta Tacaíocht do Chlinicí Fola IBTS
- Aistriú Bád Fhoireann Vacsaínithe FSS chuig Ceann Cléire
- Tástáil Garda Trá - Clúdach Leighis.
- Teagasc garchabhrach do Ghardaí Trá.
- Paráid Soilse Gorma & Ómra i gCionn tSáile le haghaidh Darkness into Light ar Shatharn 08 Bealtaine 2021.
- Tacaíonn 38 Lá leis an vacsaíníú
- 15 Laethanta Clúdach Otharchairr le haghaidh imeachtaí Rásaíochta
- 6 Lá Bád Sábháilteachta le haghaidh Imeachtaí Uisce Bunaithe
- Clúdach Otharcharranna 2 Lá le haghaidh Imeachtaí Uiscebhunaithe
- 2 Lá VES Deasc Athléimneachta Aimsire Trom ag feidmiú ag Ceanncheathrú CD Chorcaí Thiar sa Sciobairín



Rás eachtraíochta 2021 Carthanachta An Sciobairín

Cainteanna Iarthar Chorcaí

Reáchtáil Corcaigh Thiar imeacht d'oirbithe deonacha agus do bhaill de na seirbhísí éigeandála sa Sciobairín Dé hAoine, 12 Samhain 2021. Bhí triúr aoidhneoir againn:

1. Kate Mulkerrins Uasal, Stiúrthóir Feidhmiúcháin Dlí sa Gharda Síochána,
2. Príomh-Cheannfort Alan McGovern, Dlí na Coireachta, An Garda Síochána,
3. An Leifteanant-Choirnéal Niall Buckley, Aerchór na hÉireann.

Ba é príomhthéama na hócáide Ceannaireacht, Obair Foirne, Cumarsáid agus Cinnteoireacht faoi bhrú.



Cainteanna Iarthar Chorcaí

Chríochnaigh Aonaid Chosanta Sibhialta Chorcaí Thuaidh/Oirthear 5,549 uair oibre dheonach in 2021. I measc na n-uaireanta sin bhí:

- 14 Cuardach agus Aisghabháil Duine ar Iarraidh
- Fuireachas le IAEMO Deasca ocht aimsire tromchúiseach
- Pinsin a bhailiú do dhaoine scothaosta
- Béalí a sheachadadh ar rothaí
- Aistrithe Othar
- Soláthairtí riachtanacha a bhailiú do dhaoine scothaosta
- 17 Lá Clúdach Otharcharranna ag Imeachtaí Pobail
- 7 Lá Bád Sábháilteachta d'Uisce imeachtaí bunaithe
- Billí Pá do dhaoine scothaosta.
- Aistrithe Othar
- Soláthairtí riachtanacha a bhailiú do dhaoine scothaosta.
- 63 lá seirbhís aistrithe fola na hÉireann.
- Daoine scothaosta a iompar le haghaidh Tástálacha COVID
- 77 Laethanta ag Ionad Vacsaínithe



Cuireann Seachadadh na Nollag bac ar bhaill foirne atá ag obair in aonaid ICU Lá na Nollag a bhronn Heroes Aid Náisiúnta

Pleanáil agus Forbairt



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

PLEANÁIL AGUS FORBAIRT

An Coiste um Beartais Straitéiseacha Phleanála agus Forbartha

Bhuail an Coiste um Beartais Straitéiseacha Phleanála le chéile trí huaire in 2021. Ba é an Plean Forbartha Contae a príomhmhír a pléadh. Bhí an tAthbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae suntasach sa mhéid gur cuimsíodh leis na naoi bPlean Forbartha Baile de bhailte na n-iarChomhairlí Baile agus na hocht bPlean Ceantair Áitiúil de na Ceantair Bhardasacha ar glacadh leo in 2017. Lena chois sin, ba é an chéad Phlean é a ullmhaíodh do theorainn riaracháin nua an chontae. Fuarthas os cionn 3,000 aighneacht ón bpobal agus ó ghrúpaí páirtithe leasmhara le linn an phróisis athbhreithnithe. I measc na míreanna a pléadh bhí:

- Athbhreithniú ar an bPlean Forbartha Contae – Teacht Aniar an Phobail
- Comhfhorbairt Áite agus Soláthar Tithe
- Geilleagar agus Fostaíocht
- Láir na mBailte agusMiondioltóireacht
- Bonneagar

Laistigh de chúrsaí i dtaca leis an Athbhreithniú, pléadh na nithe seo a leanas freisin:

- Dréacht-threoirlínte ar an bhFuinneamh Gaoithe
- Dréachtchreat um Pleanáil Mara

Bainistíocht Forbartha

Fuair Comhairle Contae Chorcaí 4,445 iarratas pleanála in 2021. Fuair Oifig Iarthar Chorcaí, atá lonnaithe sa Sciobairín, 913 díobh seo agus ba é Halla an Chontae a fuair na 3,502 iarratas eile. Ba é 3,549 an líon iarratas pleanála bailí a fuarthas. Bhí 20.5% den líon iomlán iarratas a fuarthas neamhbhailí. Deonaíodh cead pleanála ar 2,767 iarratas pleanála in 2021. Diúltaíodh cead pleanála do 230 iarratas pleanála. Fuair Comhairle Contae Chorcaí 59 iarratas pleanála ina raibh Tuarascáil Measúnachta Tionchair Timpeallachta.

Cásanna Alt 5

- Ba é an líon cásanna Alt 5 a fuarthas in 2021 (1 Eanáir - 31 Nollaig) ná 157.

Réamh-Phleanáil

Reáchtáladh 1,255 cruinniú réamhphleanála san iomlán in 2021. Sna cruinnithe réamhphleanála pléitear le háitribh bheaga (áitribh/síntí aon uaire), beartas, roghnú láithreáin, criosú, dearadh tí agus, i gcásanna áirithe, iarratais ar Fhaisnéis Bhreise. Ceanglaítear aon fhaisnéis a chuirtear isteach le linn réamhphleanála leis an iarratas agus cuirtear ar fáil í go poiblí ar líne agus in Oifig Pleanála an Údaráis mar chuid den chomhad pleanála nuair a dhéantar iarratas pleanála.

Forbairtí Straitéiseacha Tithíochta (FST)

Níor eisigh an Bord Pleanála aon chinntí maidir le hiarratais FST in 2021. Reáchtáladh cúig chruinniú maidir le hAlt 247 le hiarratasóirí FST féideartha agus ceithre chruinniú thrípháirteacha leis an mBord Pleanála agus iarratasóirí féideartha.

Forbairtí Cónaithe ar Mhórscála (FCM)

I mí na Nollag 2021 chuir an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta in iúl go raibh an tAcht um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Forbairt Chónaithe ar Mhórscála), 2021 á shíniú agus gurbh é an 17 Nollaig 2021 an dáta éifeachtach a bhí á chur leis. Ghabh Clár an Rialtais - Ár dTodhchaí Chomhroinnte air féin gan síneadh ama a chur leis na socruithe um Fhorbairt Chónaithe ar Mhórscála tar éis an dáta éaga ar an 25 Feabhra 2022. Ceanglaítear freisin i mBeart 12.3 de Tithíocht do Chách próiseas nua pleanála a thabhairt isteach i gcomhair Forbairtí Cónaithe ar Mhórscála in ionad phróiseas na bhForbairtí Straitéiseacha Tithíochta.

Is é príomhchuspóir an Achta um Pleanáil agus Forbairt (Leasú) (Forbairtí Cónaithe ar Mhórscála), 2021, ná an próiseas pleanála dhá chéim a thabhairt ar ais agus cinnteoireacht i dtaca le hiarratais den chineál Forbairtí Cónaithe ar Mhórscála a thabhairt don Údarás Pleanála arís ar an gcéad ásc agus an ceart achomhairc dá éis ag an mBord Pleanála (an Bord), ag comhlíonadh leis sin na gceangaltas thuas i gClár an Rialtais agus in Tithíocht do Chách.

Forfheidhmiú

Tá sé mar bheartas ag Comhairle Contae Chorcaí comhlíonadh le Cead Pleanála a bhaint amach agus Forbairt nár Údaraíodh a chosc de réir na gceanglas reachtúil mar a leagtar amach iad san Acht um Pleanáil agus Forbairt agus sna Rialacháin Phleanála agus Forbartha.

Líon iomlán cásanna a cuireadh i gcrích:	309
An líon nósanna imeachta a glacadh trí litreacha rabhaidh:	465

An líon nósanna imeachta a glacadh trí Fhógraí Forfheidhmiúcháin:	12
-------------------------------------------------------------------	----

An líon Ionchúiseamh:	Nialas
An líon iomlán cásanna a imscrúdaíodh:	317

Eastáit

An líon iomlán Eastát a glacadh ar láimh:	4
An líon iomlán iarratas nua a glacadh faoi chúram:	21 (12 iarratas ó chónaitheoirí agus 9 n-iarratas ó fhorbróirí)

Cuireadh tús le clár oibreacha in 2020 chun cistí a fuarthas mar thoradh ar shocraíochtaí banna a úsáid chun críochnú eastát a chur ar aghaidh go dtí caighdeán glactha faoi chúram.

Baineann an clár tosaigh le 7 n-eastát i dTuaisceart Chorcaí, 4 eastát i nDeisceart Chorcaí agus 5 eastát in Iarthar Chorcaí.

Críochnaíodh na líníochtaí de réir na tógála, suirbhéanna TCI, iniúchtaí ar Shoilsiú agus Uisce Poiblí agus tar éis athbhreithniú ar na torthaí ullmhaíodh liosta fabhtanna lena chur san áireamh le Bille Cainníochtaí. Tá oibreacha i mbéal a gcríochnaithe chun braisle de 8 n-eastát in Oirthear Chorcaí a thabhairt go dtí caighdeán glactha faoi chúram.

Ciste Gníomhachtúcháin um Thithíocht agus Infreastruchtúir Áitiúil

Sholáthair an Fhoireann Feidhmiúcháin um Infreastruchtúr Tithíochta agus an Stiúirthóireacht um Pleanáil na nithe seo a leanas:

Carraig an Uisce:

- Faomhadh Cuid 8 i mí an Mhárta 2019. Sa chlár bunaidh chuirfí tús leis an tógáil sa chéad ráithe den bhliain 2021 ach cuireadh an clár ama seo siar go dtí an ceathrú ráithe den bhliain 2023 de bharr moilleanna i gclár Uisce Éireann le síneadh an líonra fuíolluisce a fhreastalóidh ar Charraig an Uisce agus Mainistir na Corann i gcoitinne.
- Tá Comhairle Contae Chorcaí fós ag obair go dlúth le Uisce Éireann chun cuidiú lena sceideal nua a sholáthar trí réitigh ceada slí mhalartacha agus socraíochtaí idirbheartaithe le húinéirí talún lena mbaineann siad. Tá fiosrú réamhnaisc ag an gComhairle ó Uisce Éireann ina ndeimhnítear toilleadh i gcomhair 2,500 aonad i gCarraig an Uisce faoin gceathrú ráithe den bhliain 2023.
- Tá faomhadh faighte ag Comhairle Contae Chorcaí ón Roinn le síneadh ama a chuir le Comhaontú Deontaisan Chiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú go dtí an dara ráithe den bhliain 2023 (ag teacht le sceideal Uisce Éireann).
- Shínigh gach duine den chúigear úinéirí talún faoin gCiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú comhaontuithe Alt 47 i mí na Nollag 2020. Chomhshínigh Comhairle Contae ChorcaíComhaontuithe ar fad Alt 47 i mí Iúil 2021.
- Críochnaíodh Céim 1 de leagan srianta de phróiseas tairisceana poiblí i gcomhair oibreacha an Chiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú. Cuireadh tús leis an leagan srianta de Chéim 2 denphróiseas tairisceana i mí Lúnasa 2021 agus cuireadh tairiscintí isteach ar an 17 Meán Fómhair 2021.
- Sainaithníodh an "Tairiscint is buntáistí ó thaobh na heacnamaíochta de". Dheimhnigh an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta cistiú leanúnach don tionscadal i mí na Nollag 2021. Cuirfear tús leis antógáil faoi réir chur i bhfeidhm iomlán shocruithe Alt 47 ag na húinéirí talún.
- D’fhaomh an Chomhairle Scéim Ranníocaíochta Alt 48 Charraig an Uisce ar an 26 Aibreán 2021. Faoin Scéimseo beifear in ann costas an chaiteachais bonneagair phoiblí €20 milliún atá beartaithe a aisghabháil, ar costas é a theastaíonn chun rochtain a fháil ar na tailte forbraíochta ag Carraig an Uisce.
- Thaisc úinéirí talún faoin gCiste Bonneagair Áitiúil um Sheachadadh Tithíochta a Ghníomhachtú iarratais phleanálai leith thart ar 700 aonad.

Páirc na Sionainne:

- Tá cead pleanála faighte i gcomhair 550 aonad. Críochnaíodh timpeall 250 aonad faoi dheireadh 2021. Cuireadh an t- uasghrádú ar an timpeallán i gcrích.

An Ciste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach

Ciste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach Charraig Thuathail:

- Ceapadh innealtóirí comhairleacha i mí Eanáir 2020. Tá an réamhdhearadh agus an measúnú ar thráchtagus iompar críochnaithe den chuid is mó.
- Tá dhá chás de Chuid 8 sceidealaithe le hacmhainneacht forbartha Charraig Thuathail a bhaint amach agus tá 18 n- idirghabháil ar leith maidir le bonneagar poiblí beartaithe. Díritear sa chéad chás de Chuid 8 ar bhaile Charraig Thuathail agus déantar foráil d’fheabhsuithe ar an ríocht poiblí, ar bhóithre agus ar acomhail chun cuidiú le sruthanna tráchta agus nascacht do choisithe agus rothaithe tríd an lonnaíocht agus do naisc idir na mórchriosanna fostaíochta agus an tithíocht reatha agus bheartaithe atá ag fás i gCarraig Thuathail agus sa limistéar fairsingithe uirbeach i gcoitinne. Tá Bonneagar Ríochta Poiblí Chuid 8 beartaithe don chéad ráithe den bhliain 2022.
- Tá faomhadh á lorg chun bearta eatramhacha a áireamh chuig Cobh Cross laistigh de Chuid 8. Cuireadh túsle Tuarascáil Réamhdhearaidh ag teacht le caighdeáin Bhonneagar Iompair Éireann i mí na Nollag 2021. Tá sé beartaithe an Tuarascáil Réamhdhearaidh a chur isteach i mí Eanáir 2022.
- Díreofar sa dara cás de Chuid 8 ar an mbonneagar cumasúcháin sa limistéar fairsingithe uirbeach a fhorbairt lenan- éascófar forbairt de thimpeall 2,500 aonad nua cónaithe a thosú chomh maith le forbairt ghaolmhar nach forbairt chónaithe í.
- Cuireadh tús le Cuid 8 don stráice den Rotharbhealach Idiruirbeach sa cheathrú ráithe den bhliain 2022(tá an ghné seo á cur ar aghaidh ag Trácht & Iompar).

Páirc Líneach Charraig an Uisce:

- Ceapadh innealtóirí comhairleacha i ráithe 3 den bhliain 2020. Tá suirbhéanna tríú páirtí, réamhdhearadh agus an chéad chéim den tsainchomhairleoireacht críochnaithe den chuid is mó.
- Tugadh faoi shuirbhéanna topagrafacha, suirbhéanna seandálaíochta (lena n-áirítear suirbhéanna faoin uisce), suirbhéanna oidhreachta agus suirbhéanna éiceolaíochta. Críochnaíodh formhór réamhdhearadh an bhealaigh trasna nua do choisithe agus rothaithe ar an droichead ag Abhainn na Cora.
- Críochnaíodh formhór na n-iarratas faoi Alt 50 i dtaca le dhá struchtúr nua droichid do choisithe agus rothaithe trasna Abhainn na Cora i Mainistir na Corann chomh maith leis na príomhbhealaí coisithe/rothaíochta. Bíonn cruinnithe fós á reáchtáil le hOifig na nOibreacha Poiblí chun an t-iarratas a chur i gcrích
- Chuir na hinnealtóirí comhairleacha tús leis an bpróiseas tairisceana d'aitire tírdhreacha sa tríú ráithe den bhliain 2021 le haghaidh dearadh páirce laistigh den chreat bonneagair línigh do choisithe agus rothaithe.
- Táthar ag súil le Cuid VIII sa tríú ráithe den bhliain 2022.

Ainm an Tionscadail	Foireann an Tionscadail	Cur Síos	Acmhainneacht iomlán i leith Tithíochta san fhadtréimhse
Méid an Deontais ó thionscnamh an Chiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach do Charraig Thuathail: (€750k)	Traenáil Eatramhach Ard-Déine	Céim dhearaidh agus phleanála i leith tograí forbartha bonneagair a bhaineann leis an Ríocht Phoiblí agus an Limistéar Fairsingithe Uirbeach reatha.	Limistéar Fairsingithe Uirbeach (is é c.2,500 aonad tithíochta an táirgeacht)
An Ciste Athghiniúna agus Forbartha Uirbeach i Mainistir na Corann (Páirc Líneach)	Traenáil Eatramhach Ard-Déine	(fothionscadal) Céim dhearaidh agus phleanála i gcomhair bonneagair Pháirce Líní ag limistéar fairsingithe uirbeach Charraig an Uisce	Chun cur leis an táirgeacht tithe ag limistéar fairsingithe uirbeach Charraig an Uisce

Liostaítear an tábla foriomlán tionscadal faoin gCiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí do Chomhairle Contae Chorcaí a faomhadh sa tábla thíos.

Catagóir	Tagairt an Chiste Athghiniúna agus Forbartha Uirbí	Tagairt Scéime
B	URDF_014	Ríocht Phoiblí an Chóibh
B	URDF_014	Ionad Diaspóra an Chóibh
B	URDF_023	Ríocht Phoiblí Charraig Uí Leighin
B	URDF_008B	Tréscailteachta Mhainistir na Corann
	Fothionscadal	Páirc Líneach Charraig an Uisce:
B	URDF_024	Carraig Thuathail
A	URDF_008A	Ríocht Phoiblí Mainistir na Corann
A	URDF_105	Athghiniúint lár bhaile Mala - Tionól Réigiúnach
A	URDF_004	Bóthar Faoisimh Iartharach Charraig Uí Leighin

OIDHREACTH:

In 2021 tháinig ardú ar an infheistíocht in oidhrecht Chontae Chorcaí, go háirithe ó fhoinsí náisiúnta amhail an Chomhairle Oidhreachta, an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán agus an Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta.

Nuair a thagann ardú ar chistiú tagann ardú ar an ualach oibre freisin agus tá Aonad Oidhreachta na Comhairle ag déanamh a dhíchill na riachtanais seo a chomhlíonadh agus a réimsí seirbhísí seanbhunaithe a choinneáil ag an am céanna, atá ag teacht lena lán de na príomhfheidhmeanna agus na príomhchuspóirí mar a leagtar amach iad sa Phlean Corparáideach agus sa Phlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail. Tugtar achoimre anseo ar phríomhthionscadail agus príomhréimsí oibre a soláthraíodh in 2021.

An Scéim Infheistíochta um Oidhrecht Thógtha agus an Ciste um Struchtúir Stairiúla

Leithdháileadh cistiú ar Chontae Chorcaí, trína Oifig Caomhantais, i gcomhair 14 thionscadal éagsúla faoin Scéim Infheistíochta

um Oidhrecht Thógtha agus faoin gCiste um Struchtúir Stairiúla in 2021. Tríd an gcistiú seo tacaíodh le hoibreacha i gcomhair a lán foirgnimh thábhachtacha, lena n-áirítear eaglaisí, caisleáin agus tithe i suíomhanna amhail an Bóthar Buí, an Cóbh, Inse Geimhleach, Ceann Toirc, Cionn tSáile, Droichead an Mhionnáin, Baile Mhistéala, Ros Ó gCairbre agus Eochail.

**Ciste na Séadchomharthaí Pobail**

Faoi Chiste na Séadchomharthaí Pobail - ciste náisiúnta lena dtacaítear le tionscadail agus pleananna a bhaineann le láithreáin seandálaíochta - tugadh tacaíocht d'ocht bhfiontar éagsúla i gContae Chorcaí lena n-áirítear Drom Tairbh, an Cóbh, Dún Mánmhaí, Inis Píc, Bun an Tábhairne, Eochail agus Mainistir Fhear Maí. Tháinig ardú suntasach ar an tacaíocht seo i gcomparáid leis an leibhéal cistithe a cuireadh ar fáil faoin scéim in 2020.

Scéim Oifigeach Oidhreachta na Comhairle Oidhreachta

Agus tacaíocht á fáil aici ón gComhairle Oidhreachta, thug an tAonad Oidhreachta faoi fhoilseachán faoi Dhéantáin Oidhreachta Chontae Chorcaí agus Céim I de Shuirbhé Geolaíoch ar Chontae Chorcaí (Tuaisceart Chorcaí) agus cuirfeadh tús le Céim II in 2022.

In 2021 freisin, leathadh amach an chéad Scéim Deontas Oidhreachta i gContae Chorcaí le tacaíocht ón gComhairle Oidhreachta agus bronnadh leithdháilt ar 23 grúpa éagsúla. Agus é ag caint faoin scéim, dúirt Tim Lucey, Príomhfheidhmeannach: “Cuireann obair faoi stiúir an phobail i gcur chun cinn agus i gcaomhnú oidhrecht Chontae Chorcaí buntástí iontacha ar fáil d’fholláine an phobail, don chomhshaol agus d’earnáil na turasóireachta, agus ag an am céanna ár dtuisicint ar thábhacht ár mbailte dúchais agus ár sráidbhailte a shaibhriú ag an am céanna”.

Foinsí eile Infheistíochta in Oidhrecht an Chontae:

Ba chóir a lua go ndéantar tairbhe d'oidhrecht Chontae Chorcaí mar gheall ar an obair a dhéanann go leor de na rannáin ag Comhairle Contae Chorcaí, a lán Tionscnaimh Thurasóireachta i dtaca le tionscadail de chuid Éire Chruthaitheach, mar aon le tairbhí breise faoin éagsúlacht tionscnaimh um scéimeanna cistiúcháin deontas atá ag dul i méid agus atá á reáchtáil ag Ranna Rialtais, Comhlachtaí Stáit agus ENRanna. In 2021, scaip an tAonad Oidhreachta, tríd an suíomh gréasáin www.corkcoco.ie agus a bhunachar ríomhphost, eolas ar os cionn 35 scéim cistiúcháin éagsúla a bhaineann go díreach le grúpaí oidhreachta. In go leor cásanna, chuir an tAonad Oidhreachta an chomhairle riachtanach chomh maith le litreacha tacaíochta ar fáil maidir leo siúd, agus i measc na samplaí de seo bhí:

Scéim Deontas Pobail na Comhairle Oidhreachta agus Scéim Tacaíochta na hEarnála Oidhreachta:

Faoi Scéim Deontas Oidhreachta Pobail na Comhairle Oidhreachta 2021, fuair 10 ngrúpa sa chontae cistiú lena n-áirítear Féile Ellen Hutchins i mBeanntraí, conair oidhreachta baile i gCeann Toirc, rochtain mhéadaithe ag Ionad Ealaíon agus Oidhreachta Naomh Seoirse i mBaile Mhistéala agus físeán oidhreachta faoin Oileán Mór. Faoi Scéim Tacaíochta na hEarnála Oidhreachta ag an gComhairle Oidhreachta, fuair an tOileán Mór cistiú freisin chun leanúint de chur i bhfeidhm leanúnach Phlean Caomhantais an Oileáin Mhóir.

Scéim Deontas Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann:

Faoi Scéimeanna Deontas Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann ag an gComhairle Oidhreachta, 2021, tugadh tacaíocht airgeadais do thionscadail sa chontae sna bailte múrtha Cill na Mallach agus Eochail. I gCill na Mallach tacaíodh le painéil léirmhíneitheacha oidhreachta feadh na príomhshráide agus in Eochail cuireadh cistiú ar fáil i gcomhair Féile Mheánaoiseach Eochaille, oibreacha caomhantais ag Múrtha Baile Eochaille agus scanadh léasair agus suirbhé 3T ar Eaglais Choláisteach Mhuire. Ó mhí an Mhárta 2021, tá ionadaíocht ag Aonad Oidhreachta Chomhairle Contae Chorcaí ar Choiste Líonra Bhailte Múrtha na hÉireann, tá baint aige le stiúradh an chláir agus ag scríobh don ríomhíris Bolscaire Baile Múrtha, a bhfuil tóir air agus inar pléadh na bailte múrtha Droichead na Bandan agus Cill na Mallach in 2021.



Scéim na dTaispeántas Músaem Réigiúnach

Agus í á reáchtáil ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán, soláthraíodh leithdháiltí faoin scéim seo do 4 thionscadal éagsúla sa chontae: Músaem Mhianaigh Chopair na nAilichí, Teach Fhóite, Músaem Muirí an Phasáiste agus Ionad Ealaíon Sirius sa Chóbh.

Ciste na nGrúpaí Áitiúla Gníomhaíochta lasaigh

Faoin scéim seo bhí 13 iarratasóir rathúla ó Chontae Chorcaí in 2021, agus ina measc bhí Cumann na Daoine in Eochail agus Féile Ellen Hutchins i mBeanntraí, mar aon le hiarratasóirí ón Scoil, ó na hAilichí agus ón Sciobairín - agus iad go léir ag cuidiú le tionscadail agus fiontair áitiúla oidhreachta muirí.

Clár Oibre Bliantúil an Aonaid Oidhreachta:

Mar is léir sna samplaí thuas de scéimeanna cistithe á reáchtáil go seachtrach, ní féidir iad a mheas faoina luach ó thaobh tacaíocht a thabhairt do thionscnaimh agus fiontair oidhreachta de, agus mar a luadh go soiléir cheana féin bíonn an tAonad Oidhreachta i dteagmháil go rialta lena lán grúpaí ag iarraidh comhairle agus tacaíochta maidir leis na scéimeanna seo. Níl sa mhéid seo, áfach, ach gné amháin d'obair an Aonaid Oidhreachta agus tugtar faoi agus leatar amach réimse tionscadail éagsúla agus clár oibre gach bliain. Is é seo a leanas rogha de na fiontair a chuir an tAonad Oidhreachta de in 2021:

- An taispeántas ag Ceiliúradh Chorcaí thar: cé nárbh fhéidir taispeántas fisiciúil a chur ar siúl mar gheall ar COVID- 19, tugadh faoi fhíseán chun an tionscnamh a chur chun cinn agus bhí baint leis seo ag ball foirne ón Aonad Oidhreachta atá ar an gCoiste Stiúrtha freisin.
- Aighneachtaí faoin bPlean Forbartha Contae: D'oibrigh an tAonad Oidhreachta go dlúth leis an Aonad Beartais agus Pleanála le tuairiscí a chur ar fáil ar aighneachtaí bainteach le hoidhreacht a fuarthas trí phróiseas comhairliúcháin phoiblí an Phlean Forbartha agus trí chuidiú a thabhairt chun cuid mhaith den téacs do Chaibidil 16 a chur le chéile (Oidhreacht Thógtha agus Chultúrtha) lena n-áirítear stiúradh agus cuspoirí beartais.
- Foilseacháin a chraobhscaoileadh: tá sé mar príomhthosaíocht ag an Aonad Oidhreachta feachtas ar an oidhreacht a chur chun cinn. Tá an tAonad Oidhreachta tar éis tabhairt faoina lán treoirhoiciméad lena craobhscaoileadh agus cuireann sé cáipéisí úsáideacha eile chun cinn freisin. Maidir leis an dara rud thuas, dáileadh nach mór 100 leabhar Gardening for Biodiversity (Garraíodóireacht ar son na Bithéagsúlachta) in 2021; 291 cóip de na foilseacháin Oidhreacht Ildaite Chontae Chorcaí agus os cionn 200 cóip den bhileog náisiúnta Geall do Ghairdín do Phailneoirí.
- Amharcóir Léarscáil Oidhreachta: Déanann an tAonad Oidhreachta ranníocaíocht bhliantúil don Amharcóir Náisiúnta Léarscáil Oidhreachta agus soláthraíonn sé tacair shonraí a bhaineann le hoidhreacht go córasach arna gcríochnú.
- An tsraith foilseachán Dúchas Chontae Chorcaí: Cuireann an tAonad Oidhreachta leabhar nua sa tsraith ar fáil bliain i ndiaidh bliana agus bainistíonn sé gach gné den tionscadal, díol na bhfoilseachán féin san áireamh.



- An Coiste Comhairleach um Shéadchomharthaí Stairiúla: lean an Coiste Comhairleach um Shéadchomharthaí Stairiúla ag Comhairle Contae Chorcaí ag bualadh le chéile in 2021 agus thug sé faoi obair ar réimse leathan tionscadail éagsúla.
- Léarscáileanna Stairiúla Baile: leanadh de léarscáileanna stairiúla baile a chuir ar fáil do bhailte sa chontae, faoi stiúir Ailtire an Chontae i gcomhar le hOifigí Áitiúla na gCeantar Bardasach. Is áis shuntasach iad seo do tháirge turasóireachta Chontae Chorcaí agus tá cóipeanna de na léarscáileanna ar fáil lena n-íoslódáil ar líne ar shuíomh gréasáin 'Pure Cork' (www.purecork.ie).
- Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht agus Seachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta: In 2021 sholáthar an tAonad Oidhreachta an cistiú comhfhreagrach riachtanach chun tacú le Suirbhé ar Speicis Ionracha arna mhaoirsiú ag Aonad Éiceolaíochta na Comhairle tar éis dó cistiú a fháil faoi Chiste an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht. Chuir an tAonad Éiceolaíochta réimse leathan imeachtaí chun cinn i gcomhair Sheachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta freisin, a reáchtáladh idir an 15 agus an 23 Bealtaine 2021.
- Bhí rath ar Sheachtain Náisiúnta na Bithéagsúlachta in 2021 d'ainneoin COVID-19 agus tugadh faoi 71 tionscadal agus tionscnamh éagsúil sa chontae



- Gradam Náisiúnta na bPailneoirí: ó bunaíodh na gradaim seo, tá an tAonad Oidhreachta ag tacú le Gradam Náisiúnta na bPailneoirí ar bhonn bliantúil mar chuid de Chomórtas Náisiúnta na mBailte Slachtmhara.
- Seachtain Náisiúnta na gCrann: Tá Seachtain Náisiúnta na gCrann á comhordú ag an Aonad Oidhreachta le goleor blianta anuas i gcontae Chorcaí, ag teacht le Beart 50 de Straitéis Oiriúnaithe Aeráide Chomhairle Contae Chorcaí. In 2021 chraobhscaoil an tAonad Oidhreachta 800 crann ar os cionn 40 grúpa, scoil agus eagraíocht éagsúil.



- Tionscadail eile ag Comhairle Contae Chorcaí a bhain leis an oidhreacht nó a bhí dírithe uirthi: lean an tAonad Oidhreachta de bheith páirteach agus d'ionchur a thabhairt i bhfiontair éagsúla ina lán Stiúrthóireachtaí éagsúla de chuid Chomhairle Contae Chorcaí, lena n-áirítear an Comhshaoil, Seirbhísí Corparáideacha, Bóithre, Turasóireacht agus Forbairt Gheilleagrach, agus Oibríochtaí Ceantar Bardasach agus Forbairt Tuaithe. I measc na samplaí tá tacaíocht a thabhairt do Sheachtain na Gaeilge agus í a chur chun cinn, agus í á reáchtáil trí Oifig Gaeilge na Comhairle i Seirbhísí Corparáideacha agus obair fhairsting ar fhorbairt na haipse iontaí Explore Cork ag Oifig Turasóireachta Chomhairle Contae Chorcaí.
- Cúrsaí ar líne: De bharr COVID-19 tá athrú suntasach tar éis a bheith ann i dtreo imeachtaí a reáchtáil ar líne agus in 2021 d'eagraigh an tAonad Oidhreachta cúrsa ar líne saor in aisce do dhaoine a raibh spéis acu a ndícheall a dhéanamh ar son na bithéagsúlachta ina ngairdín cúil. Bhí an oiread sin éilimh ann gur eagraíodh cúrsa eilechomh maith.
- Pleanáil agus Forbairt: gné thábhachtach de ról an Aonaid Oidhreachta is ea comhairle a thabhairt ag an gcéim réamhphleanála agus ag an gcéim phleanála araon maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag tograíforbartha ar Oidhreacht an chontae. Caitear a lán ama ar iarratais phleanála a bhaineann le Cuid 8, Alt 57 agus le logainmneacha a cheapadh i gcomhair forbairtí nua tithíochta trí chomhlíonadh phleanála.
- Beartas agus nós imeachta: Chaith an tAonad Oidhreachta a lán ama in 2021 ag obair leis an Aonad Beartais agus Pleanála maidir leis na míreanna a bhaineann le hoidhreacht sa Phlean Forbartha Contae atá ar na bacáin (a phléitear thuas). Lena chois sin, cuireadh nós imeachta nua i bhfeidhm chun forbairtí tithíochta a ainmniú tríd an gCoiste um Beartais Straitéiseacha Pleanála agus Forbartha, an grúpa beartais chorparáidigh agus an Coiste Forbartha dá éis.
- Comharthaíocht: In 2021 bhí príomhról ag an Aonad Oidhreachta ag cur comharthaí (agus an t-ancuire gaolmhar) ar fáil ag Trá Bhaile Uí Bhranagáin in Oirthear Chorcaí agus comhartha Oidhreachta Iarnróidí gCeann Toirc, agus é ag obair le baill foirne innealtóireachta áitiúla.



- Ag tacú le Foilseacháin agus Tuarascálacha: Tugann an tAonad Oidhreachta tacaíocht gach bliain do roinnt foilseacháin shaincheaptha agus do thagairtí/tuairisceoireacht sonraí tábhachtacha. In 2021 tugadh tacaíocht i gcomhair an fhoilseacháin 'Birds of Cork', atá ar na bacáin, chomh maith le foilseachán ar stair Oileán Harper.
- Suíomh Gréasáin, na Meáin agus an Bunachar Ríomhphost: Trí liosta postála 1,800 faighteoir a nuashonrú go rialta agus tríd an suíomh gréasáin oidhreachta a chothabháil ar a dtugann níos mó ná 30,000 duine cuairt gach bliain, freastalaíonn an tAonad Oidhreachta ar líon suntasach daoine ar bhonn leanúnach. Nuashonraítear an mhír de www.corkcoco.ie a bhaineann le hoidhreacht ar bhonn rialta agus sa chéad leath den bhliain 2021 rinneadh 174 iontráil sa mhír nuachta oidhreachta. Cúram ríthábhachtach ag an Aonad Oidhreachta is ea cumarsáid a dhéanamh faoin oidhreacht agus oibríonn sé go rialta le hOifig Cumarsáide na Comhairle mar aon le foinsí áitiúla agus náisiúnta meán, TG4 ina measc. Bhí an Oifig Oidhreachta i bpo-dchraoladh as Gaeilge don Chomhairle Oidhreachta inar cuireadh Seachtain Náisiúnta na hOidhreachta chun cinn.

COMÓRTHAÍ:

Laghdaíodh oibríúchán gníomhaíochta comórtha i gContae Chorcaí ábhairín in 2021 mar gheall ar shrianta COVID-19,

mar a tharla in 2020. Tugadh imeachtaí fisiciúla ar ais, áfach, sa chuid deiridh den bhliain, lena n-áirítear Comóradh Céad Bliain Luíochán na Druipsí, a fuair tacaíocht ó Chomhairle Contae Chorcaí agus a bhí ar an imeacht ba mhó rath.

Reáchtáil Comhairle Contae Chorcaí, trína Coiste Cuimhneachán, Clár Oibre Comórtha fairsing in 2021 agus bhí scéim deontas i measc na príomhfhiontar faoinar thug sí inar bronnadh leithdháilí ar 29 grúpa éagsúil.

Fuair Clár Comórtha na Comhairle in 2021 tacaíocht mhór ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán chomh maith le cistiú trí Bhuiséad Comórtha Chomhairle Contae Chorcaí.

Is é seo a leanas liosta den na príomhfhiontair chomórtha a ghabh an Coiste Cuimhneachán air féin in 2021:

Clár Oibre Bliantúil na gComórthaí

Béal na Bláth: Rinneadh a lán ullmhúcháin in 2021 le haghaidh chomóradh céad bliain bhás Mhichíl Uí Choileáin ar an 23 Lúnasa 1922, lena n-áirítear obair ar léarscáil stairiúil.

Béaloides Chorcaí: Bhí dlúthbhaint ag Contae Chorcaí i gCogadh na Saoirse agus i gCogadh na gCarad agus le linn na scórtha bliain ó shin i leith rinneadh an iliomad taifeadtaí béil lena lán daoine a raibh baint dhíreach acu leis an tréimhse sin. A bhuí le tacaíocht ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán in 2021, baineadh a lán oibre amach chun cartlann foinsí a chruthú don eolas seo.

Bunachar Sonraí de Láithreacha ó Chogadh na Saoirse agus Cogadh na gCarad: ceann de na príomhthionscadail i gClár Oibre an Choiste Cuimhneachán ná bunachar sonraí de láithreacha ó Chogadh na Saoirse agus Cogadh na gCarad i gContae Chorcaí a chur le chéile. Tá a lán oibre bainte amach cheana féin agus tá sé le bheith curtha i gcrích in 2022.

Tírdhreacha na Réabhlóide: Tionscadal mapála is ea é seo, lena bhfuil an Coiste Cuimhneachán ag tacú, chun tírdhreacha cuid de na príomhchomhraic le linn Chogadh na Saoirse agus Chogadh na gCarad a tharla i gContae Chorcaí a phlé, Crois an Bharraigh, Cluain agus Mala ina measc.

Tionscadail eile ar thacaigh an Coiste Cuimhneachán leo:

- Comóradh 175 bliain an Ghorta Mhóir i nGleann an Phréacháin,
- Comóradh dhá chéad bliain Eaglais Naomh Máirtín i mBaile Níos,
- Clár Comórtha Theach Mhichíl Uí Choileáin in 2021
- An foilseachán 'Stories of the Revolution', tionscadal scoile lena bhfuil an Ciste ag tacú ón tús, atá ar na bacáin.
- Foilseachán atá ar na bacáin ina ndéantar comóradh ar Shiúracha, Bráithre agus Sagairt Bhaile Bhuirne
- Foilseachán atá ar na bacáin ina ndírítear ar Chath Chrois an Bharraigh
- Comhdháil fhíorúil le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh chun Idirbheartaíocht an Chonartha a chomóradh.



Ciste chun Uaigheanna a Athchóiriú:

- Leacht Tom Barry ag Eaglais Naomh Craunachtan in Áth na Cise gar do Mhala a athchóiriú (ionadaí poiblí i gComhairle Contae Chorcaí ab ea T. Barry agus fuair sé bás i 1904).
- Leacht Liam Burke, a fuair bás le linn Chogadh na Saoirse, i mBaile Átha hÚlla a athchóiriú.
- Leacht Michael Rouse, a fuair bás le linn Chogadh na Saoirse, ag Reilig Chill Chruimthir, Mainistir Fhear Maí, a athchóiriú.
- Cloch chinn do Michael Looney, a fuair bás le linn Chogadh na Saoirse, ag Reilig Ghreanaí a athchur in airde.



Amlíne an Chomórtha: tharla go leor eachtraí suntasacha sa tír idir 1920 agus 1923 agus rinneadh Oifig Comórtha Chomhairle Contae Chorcaí a lán oibre ar fhoilseachán amlíne don chomórthad céad bliain in 2021.

Taispeántas ar Chogadh na Saoirse agus Chogadh na gCarad: Comhthionscadal idir an tAonad Oidhreachta ag an gComhairle agus an Rannán um Staidéar Áitiúil is ea an taispeántas seo ina bhfuil níos mó ná 20 clár taispeántais. Críochnaíodh é in 2021 agus tabharfar ar camchuairt é ar fud na tíre in 2022.



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

Forbairt Gheilleagrach, Fiontraíocht agus Turasóireacht



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

FORBAIRT GHEILLEAGRACH, FIONTRAÍOCHT AGUS TURASÓIREACHT

Coistí Forbartha

Pobail Áitiúla

Mhaoirsigh agus d'fhaomh na 3 Chlár um Fhorbairt Áitiúil agus Pobail agus Comhairle Contae Chorcaí na cláir seo a leanas Coistí (CFPÁnna) (Tuaisceart/Deisceart/Iarthar Chorcaí)/GÁGanna (Grúpa Áitiúla Gníomhaíochta faoin gClár LEADER) in 2021.

An Clár um Fhorbairt Tuaithe 2014 – 2020 & clár idirthréimhseach LEADER 2021-2022.

Tá an clár LEADER 2014-2022 á chomhchistiú ag an gCiste Eorpach Talmhaíochta um Fhorbairt Tuaithe, tionscnamh chun tacú le tionscadail forbartha tuaithe a tionscnaítear ar leibhéal áitiúil d'fhonn ceantair tuaithe a athbheochan agus poist a chruthú.

- Déanann an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail maoirseacht air agus oibríonn 3 CFPÁ/GÁG é i gcomhar le 6 Chuideachta Forbartha Áitiúla:
Avondhu Blackwater Partnership, IRD Duhallow, SECAD Partnership, Ballyhoura Development, Comhar na nOileán agus Údarás na Gaeltachta.
- Cuireadh síneadh ama leis an bpríomhchlár go dtí an 31 Márta 2021 ach bhí an t-airgead ar fad geallta agus faofa ag Grúpaí Áitiúla Gníomhaíochta i gContae Chorcaí faoin 31 Nollaig 2020. Cuireadh Clár Idirthréimhseach nua LEADER ar fáil ón 1 Aibreán 2021 a thiocfaidh chun críche i mí na Nollag.

An Clár LEADER 2014 – 2020 (féach ar an miondealú thíos)

- Áirítear leis an leithdháileadh iomlán ar fud an chontae €13.9M leithdháileadh 25% riaracháin agus beochana ar na Cuideachtaí Forbartha Áitiúla. Le linn an chlár, leithdháileadh €500k sa bhreis ar Ghrúpa Áitiúil Gníomhaíochta Thuaisceart Chorcaí mar cheann de na 10 nGrúpa Áitiúla Gníomhaíochta sa chontae an tráth úd.
- Faomh 253 tionscadal ar fud an chontae a raibh luach €10,738,793M orthu.
- Éilimh a tarraingíodh anuas, 213 tionscadal go nuige seo, luach €6,728,926M orthu.

	Clár ginearálta LEADER (Uimh. agus luach na dtionscadal)	Éilimh LEADER (Uimh. & Luach na nÉileamh) Nóta: íocaíochtaí céimnithe atá i gcuid acu
Leithdháiltí foriomlána	€13.9M sa Chontae agus €500k breise i nGrúpa Áitiúil Gníomhaíochta Thuaisceart Chorcaí	
Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta Thuaisceart Chorcaí	117 €4,253,564	109 €3,105,863
Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta Dheisceart Chorcaí	68 €2,802,403	47 €1,597,735
Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta Iarthar Chorcaí	68 €3,682,826	57 €2,025,328
Iomlán	253 €10,738,793	213 €6,728,926

CLÁR IDIRTHREIMHSEACH LEADER 2021 & 2022

(Dáta tosaithe 01/04/2021 – féach ar an miondealú thíos)

- Úsáidfeadh an clár idirthréimhseach seo chun an bhearna a dhruim roimh an gcéad chlár eile nach bhfuil le tosú go dtí 2023.
- Faoin gclár idirthréimhseach LEADER rinneadh leithdháileadh tosaigh náisiúnta €20M i mí na Nollag 2020 agus leithdháileadh €50M sa bhreis go náisiúnta i mí Aibreán 2021.
- Is é €3,057,574 an buiséad leithdháilte iomlán don chontae ar fad. Lena chois sin, cuirtear cistiú ar fáil freisin don chlár seo agus don phríomhchlár i gcomhair riaracháin agus beochana do na Cuideachtaí Forbartha Áitiúla.
- Go nuige seo, faomhadh 41 tionscadal ar fud an chontae, agus luach €2,096,016M orthu.

	COLÚN A: LEITHDHÁILEADH 1		COLÚN B: LEITHDHÁILEADH 2		Iomlán Cholún A + Colún B
	Tionscadail	Riarachán & Beochan	Tionscadail	Riarachán & Beochan	Iomlán - Tionscadail: Iomlán - Riarachán & Beochan:
Leithdháileadh Náisiúnta Tosaigh €20M (€15M Tionscadail & €5M Riarachán & Beochan) Nollaig 2020					Leithdháiltí Náisiúnta €70M
Bhí €5M de seo barrscoite, agus as sin leithdháileadh €3M ar thionscadail thrasnáisiúnta chomhoibrithe LEADER agus €2M ar obair ullmhúcháin i gcomhair Straitéisí Forbartha Áitiúla don chéad chlár LEADER eile					
Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta Thuaisceart Chorcaí	€347,171	€115,724	€775,661	€260,378	€1,122,832 €376,102
Grúpa Áitiúil	€261,225	€87,075	€625,741	€195,919	€886,966

CLÁR IDIRTHREIMHSEACH 2021-2022 (Miondealú do gach Cuideachta Forbartha Áitiúil)

	Cuideachta Forbartha Áitiúil	Leithdháiltí Tionscadal	Leithdháiltí Riarachán & Beochana	Leithdháileadh Iomlán do gach Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta
Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta Thuaisceart Chorcaí	Avondhu/Blackwater Partnership CLG	€460,361	€154,202	Tionscadail: €1,122,832
	Ballyhoura Development CLG	€213,338	€71,459	Riarachán & Beochan €376,102
	IRD Duhallow CLG	€449,133	€150,441	
Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta Dheisceart Chorcaí	Avondhu/Blackwater Partnership CLG	€212,872	€67,919	Tionscadail: €886,966
	SECAD Partnership CLG	€612,007	€195,266	Riarachán & Beochan €282,994
	IRD Duhallow CLG	€44,348	€14,150	
	Udarás na Gaeltachta	€17,739	€5,660	
Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta Iarthar Chorcaí	Avondhu/Blackwater Partnership CLG	€157,166	€55,571	Tionscadail: €1,047,776
	SECAD Partnership CLG	€576,277	€203,762	Riarachán & Beochan €370,476
	Comhar na nOileán Teo	€314,333	€111,143	

CLÁR IDIRTHRÉIMHSEACH 2021-2022 (Leithdháiltí ón 1 Aibreán 2021 – Márta 2022)

Nóta: áirítear Clár 2014-2020 le clár LEADER um Bia & Comhoibriú

	CLÁR IDIRTHRÉIMHSEACH LEADER (Uimh. agus luach na dtionscadal)	Tionscnamh Bia LEADER (Uimh. agus luach na dtionscadal)	Clár trasnáisiúnta / comhoibríthe LEADER (Uimh. agus luach na dtionscadal)	Éilimh LEADER (Uimh. & Luach na nÉileamh) Nóta: fócaíochtaí céimnithe atá i gcuid acu
Leithdháiltí foriomlána	Leithdháileadh tionscadal contae €3,057,574	Leithdháileadh náisiúnta €15M	Leithdháileadh náisiúnta €10M móide €3M sa bhreis faoi thrasnáisiúnta	
Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta Thuaisceart Chorcaí	16 €548,367	13 €664,333	6 €423,848	1 €56,250
Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta Dheisceart Chorcaí	14 €786,766	11 €563,592	8 €446,019	1 €91,908
Grúpa Áitiúil Gníomhaíochta Iarthar Chorcaí	11 €760,883	8 €463,281	10 €563,388.	NIL
Iomlán	41 €2,096,016	32 €1,691,206	24 €1,433,255	2 €148,158

TIONSCNAMH BIA LEADER:

- Faoi gClár tosaigh in 2014-2020, scaoileadh leithdháileadh breise €15M go náisiúnta faoi Thionscnamh Bia LEADER agus síneadh é seo ina dhiaidh sin mar Chlár Idirthréimhseach LEADER agus cuireadh síneadh ama leis an spriocdháta faofa tionscadal faoin mbeart seo go dtí 31 Nollaig 2022 nó go dtí go gcaithfí na cistí ar fáil faoi na scéimeanna seo. I mí na Nollag 2021, chuir an Roinn in iúl dúinn gur caitheadh na cistí ar fad faoin scéim seo agus nach bpróiseálfaí tuilleadh iarratas.
- Mar a achoimrítear sa tábla thuas, faomhadh 32 iarratas san iomlán i gContae Chorcaí a raibh luach €1,691,206 orthu.

TIONSCNAMH TRASNÁISIÚNTA/COMHOIBRITHE LEADER:

- Cosúil le Tionscnamh Bia LEADER, imfhálaíodh leithdháileadh ar leith náisiúnta €10 faoi Chlár Forbartha Tuaithe LEADER 2014-2020 i gcomhair Tionscadail Chomhoibríthe LEADER Trasnáisiúnta (Iasmuigh d'Éirinn) agus Idir Cathracha (Iaistigh d'Éirinn).

Faoi Chlár Idirthréimhseach LEADER, cuireadh €3M sa bhreis leis an gciste seo go náisiúnta. Cuireadh síneadh ama leis an spriocdháta faofa tionscadal faoin mbeart seo go dtí 31 Nollaig 2022 nó go dtí go gcaithfí na cistí ar fáil faoi na scéimeanna seo.

- Mar a achoimrítear sa tábla thuas, faomhadh 24 iarratas san iomlán go nuige seo i gCoistí Forbartha Pobail Áitiúla Chontae Chorcaí a raibh luach iomlán €1,433,255 orthu.

SUÍOMHANNA GRÉASÁIN LEADER:

- Tá trí shuíomh gréasáin LEADER ar fáil: www.leadernorthcork.com; www.leadersouthcork.com; www.leaderwestcork.com;

An Coiste um Beartais Straitéiseacha

Bhuail an Coiste um Beartais Straitéiseacha maidir le hionchuimsiú sóisialta agus forbairt pobail agus tuaithe le chéile ceithre huaire in 2021 chun roinnt tionscnaimh bheartais a phlé agus a chur chun cinn, lena n-áirítear:

- Treoirínte
- Treoirínte maidir le Binse/Plaic/Crann Cuimhneacháin
- Beartas maidir le hAmbasadóir Digiteach Leabharlainne

Áiríodh na Tosaíochtaí Comhaontaithe seo a leanas don bhliain 2021 freisin:

- Foráil do Bheartas Colmlainne i reiligí Chomhairle Contae Chorcaí
- Clár chumarsáide in áiteanna súgartha do pháistí a bhfuil riachtanais urlabhra, teanga agus chumarsáide acu nó a bhfuil neamhord de chuid speictream an uathachais orthu
- Rochtain do chathaoirí rothaí ar thránna

- Scrúdú ar an bhféidearthacht digitíú a fhorbairt níos mó do na reiligí (ag brath ar acmhainní)

An Clár um Ionchuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail (SICAP) 2018 – 2022

- Á réachtáil ag na 3 CFPÁ.
- Agus é á mhaoirsiú ag an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail, tá cistiú a bhfuil luach €12,309,200 air á leithdháileadh ar Chontae Chorcaí thar an tréimhse, atá sé bliana anois, ó 2018-2022. Cuireadh síneadh ama 12 mhí eile leis an gconradh reatha a bhí le teacht chun deiridh i mí na Nollag.
- Tá an Clár roinnte ina 7 mbeart agus tá sé Chuideachta Forbartha Áitiúla ag obair i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Chorcaí lena sholáthar, is iad sin: Avondhu Blackwater Partnership CLG; Ballyhoura Development CLG; IRD Duhallow CLG; SECAD Partnership CLG; West Cork Development Partnership; Comhar na nOileán CTR.
- Cuireadh de chúram ar fhoghrúpa an Chlár um Ionchuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail ag CFPÁ tuarascálacha agus moltaí a thabhairt don CFPÁ maidir le monatóireacht conartha agus feidhmíochta. Is as ballraíocht an CFPÁ a fhaightear baill an fhoghrúpa. Rinne agus d'fhaomh 3 CFPÁ athbhreithnithe lár téarma agus deireadh bliana don bhliain 2021, lena n-áirítear na Pleananna Bliantúla a fhaomhadh.
- Tá an Clár um Ionchuimsiú Sóisialta agus Gníomhachtú Pobail ag soláthar buntáistí praiticiúla agus intomhaiste do na daoine is imeallaithe sa tsochaí agus tá an clár tar éis dul go mór chun sochair na spriocghrúpaí. Bhí tionchar suntasach ag COVID-19 ar sholáthar an chláir agus leanadh den teagmháil aghaidh ar aghaidh ar fad a sholátharar líne le linn 2021, lena n-áirítear cruinnithe ionductaithe, cruinnithe dul chun cinn agus cúrsaí oiliúna.
- Cuireadh cás-staidéir don bhliain 2021 faoi bhráid Pobal lena bhfaomhadh agus cuirfear i láthair na CFPÁanna iad go luath in 2022.

CISTE ÉIRE NA SLÁINTE

- In 2016 d'fhaomh an rialtas cruthú ciste náisiúnta i gcomhair Éire na Sláinte agus ba é €5 milliún an chéad leithdháileadh.
- Déanann Comhairle Contae Chorcaí bainistíocht ar an scéim go háitiúil faoi bhainistíú Chomhordaitheoir Éirena Sláinte, Niall O'Callaghan agus cuirtear i bhfeidhm í ar fud Chontae Chorcaí i gcomhar leis na CFPÁanna agus príomhpháirtithe leasmhara eile.
- Ba é €422,050 an buiséad a leithdháileadh ar Chontae Chorcaí i mBabhta 3 den chlár agus rinneadh 9 bpríomhbheart dá bharr. Cuireadh síneadh ama leis an mbabhta seo go dtí Márta 2022.
- Tá an t-imeacht bliantúil 'Teen Talk' ar cheann de na tionscnaimh faoin gciste seo agus tá sé dírithe ar dhaltaí idirbhliana. Mar gheall ar shrianta leanúnacha, réachtáladh é seo go fíorúil ar an 18 Samhain 2021. D'éirigh go seoigh leis agus ghlac 41 scoil, agus breis agus 3,000 dalta, páirt ann. Le cois an imeachta 'Teen Talk', réachtáladh imeacht eile darbh ainm 'Gen Z' den chéad uair, arbh imeacht oíche é inar díriodh ar thuismitheoirí agus múinteoirí agus a réachtáladh go fíorúil Dé Máirt, 23 Samhain. Chláraigh 897 duine san iomlán ar an imeacht seo, níos mó ná mar a bhíodh ag súil leis.

Ag leanúint de na himeachtaí seo, dáileadh rogha pacáistí promóisin ar na scoileanna ar fad a ghlac páirt.

- Tionscnamh eile faoin gciste ab ea tiomsú straitéise um Éire na Sláinte do Chontae Chorcaí, atá críochnaithe anois. D'fhaomh na trí CFPÁ ag Comhairle Contae Chorcaí i mí na Nollag 2021 agus sheol ár Méara, Clr Gillian Coughlan agus an tAire Stáit um Shláinte Phoiblí, Folláine agus an Straitéis Náisiúnta Frithdhrugaí, Frank Feighan, TD í go foirmiúil.

Tá sí bunaithe ar Chreat Éire na Sláinte a eisíodh in 2013 agus ar dhea-chleachtas ó ar fud na hÉireann. Dírithe sa straitéis ar na téamaí seo a leanas:

- Comhpháirtíocht & Comhar
- Meabhairshláinte dhearfach
- An timpeallacht fhisiceach
- Ionaid oibre
- Saor ón tobac
- Alcól agus drugaí
- Sláinte ghnéis
- Gníomhaíocht coirp
- Meáchan sláintiúil a choinneáil

Ag nascadh don saol:

Is é ag nascadh don saol straitéis náisiúnta na hÉireann chun féinmharú a laghdú (2015-2024). Tá Connecting for Life bunaithe ar an obair atá déanta in Éirinn san am atá caite chun féinmharú a chosc mar chuid de Téigh i Dteagmháil, straitéis an Rialtais roimhe sin chun féinmharú a laghdú. Ó shin i leith, tá forbairtí suntasacha tar éis a bheith ann i réimsí an taighde, beartais agus soláthartha seirbhísí maidir le féinmharú a chosc. Is ball gníomhach í Comhairle Contae Chorcaí de Ghrúpa Oibre Stiúrtha Connecting for Life agus tá sí ag leanúint de gach beart a éascú chun rátaí féinmharaithe in Éirinn a laghdú Éascaítear obair an Ghrúpa Stiúrtha i gComhairle Contae Chorcaí trí oifig Éire na Sláinte.

An ciste um Theacht Aniar Pobail:

Faoin gciste um Theacht Aniar Pobail, a chomhordaigh ár nOifigeach um Éire na Sláinte, thacaigh na trí CFPÁ le roinnt tionscnamh. Bhí baint ag Comhpháirtíocht Spórt Chorcaí agus Oifig Aoisbhá na Comhairle i gceann de na tionscnaimh sin inar dáileadh níos mó ná 2,000 pacáiste gníomhaíochta do dhaoine fásta aosta am a raibh géarghá leo. Bhuail an tAire Frank Feighan le roinnt de na faighteoirí agus de na rannpháirtithe don tionscnamh seo le linn na cuairte a thug sé le gairid.

DEONTAIS A RIAR CFPÁna IN 2021:

Tacaíonn Comhairle Contae Chorcaí le pobail trí réimse deontas a chur ar fáil a riarann agus a fhaomhann na tríCFPÁ i gContae Chorcaí. Chuir na trí CFPÁ €1,121,759M ar fáil ar fud an chontae in 2021.

Tá an Tionscnamh Forbartha Pobail á chistiú ina iomláine ag Comhairle Contae Chorcaí agus is í an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail a chistigh an chuid eile.

Cineál Deontais	Leithdháileadh sa Chontae	Líon Iarratas a Fuarthas ar fud an Chontae	Luach na nIarratas a Fuarthas ar fud an Chontae	Líon daoine Rathúla ar fud an Chontae	Leithdháilí in aghaidh na CFPÁna
Ciste Éigeandála COVID-19 Babhta 3	€65,191	101	€373,338	66	Tuaisceart Chorcaí 19 Luach €19,388 Deisceart Chorcaí 26 Luach €26,803 Iarthar Chorcaí 21 Luach €19,000
Clár Feabhsúcháin Pobail	€156,300	170	€728,995	116	Tuaisceart Chorcaí 47 Luach €64,800 Deisceart Chorcaí 33 Luach €41,300 Iarthar Chorcaí 36 Luach €50,200
Tionscnamh Forbartha Pobail Céim 2	€724,500	242	€2,868,713	132	Luach €241,600 Deisceart Chorcaí 48 Luach €242,800 Iarthar Chorcaí 39 Luach €240,10
Scéim Deontais Chaipitil don Fhiontraíocht Shóisialta	€38,208.81	38	€124,896	14	Tuaisceart Chorcaí 9 Luach €24,658.81 Deisceart Chorcaí 3 Luach €9,000 Iarthar Chorcaí 2 Luach €4,650
Iomláin	€984,199.81			328	Luach 328 Deontas €984,199.81

Chistigh an Roinn Sláinte na nithe seo a leanas faoin gciste um Éire na Sláinte:

Teideal na Scéime	Leithdháileadh sa Chontae	Líon Iarratas a Fuarthas ar fud an Chontae	Luach na nIarratas a Fuarthas ar fud an Chontae	Líon daoine sa Iarratais Rathúla ar fud an Chontae
An Ciste um Meabhairshláinte Phobail Deontas beag caipitil	€30,000	23	€46,000	13
An ciste um Theacht Aniar Pobail	€107,560			15
Iomláin:	€137,560			28

Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail

Plean reachtúil is ea é seo ina n-áirítear pleananna náisiúnta agus réigiúnacha agus ina leagtar amach spriocanna, cuspóirí agus bearta ardleibhéil a theastáil chun tacú le forbairt áitiúil gheilleagrach agus phobail agus í a chur chun cinn laistigh de Chontae Chorcaí. Tá 30 príomhbhuntaiste sóisialta agus geilleagrach sa Plean a sainithníodh trí chomhairliúchán le réimse leathan páirtithe leasmhara trí chomhairliúchán le cónaitheoirí i Suirbhé Cailíochta Beatha Chontae Chorcaí agus in athbhreithniú ar bheartais náisiúnta.

Déanfar athbhreithniú ar an bPlean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail de réir mar a dhéanfar athrú agus nuashonrú ar bheartais náisiúnta agus réigiúnacha. Fuarthas treoir maidir le Plean Áitiúil Eacnamaíochta agus Pobail nua a dhéanamh ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail ag deireadh 2021 agus cuirfear tús le hobair ar an bplean nua in 2022.

Comhairle na nÓg:

Obair reatha

- Reachtáladh 17 gcuinníú le linn na bliana 2021, lena n-áirítear 2 chruinniú den ghrúpa stiúrtha, agus is ar líne a bhísiad ar fad.
- Tá Comhairle na nÓg i gContae Chorcaí ag leanúint ag bualadh le chéile gach seachtain ar Zoom chun obair a dhéanamh ar á dtopaic oibre don bhliain 2021, "Meabhairshláinte agus folláine: neamhoird itheacháin agus íomhá choirp".
- Lean an grúpa ag tacú le feachtas CARE Chomhairle Contae Chorcaí chun daoine óga a spreagadh cloíle treoirilínte sláinte poiblí maidir le COVID-19.
- Reachtáladh an CGB go fíorúil i mí na Nollag 2021 agus d'fhreastail 118 rannpháirtí air, méadú mór ar bhlianta roimhe sin.
- Reachtáladh Dáil na nÓg i mí na Nollag ar líne.

Seisiúin Chomhairliúcháin:

- An Roinn Gnóthaí Eachtracha agus Trádála, Comhairliúchán na nÓg: " Straitéis oideachais na saoránachta agus na forbartha domhanda 2021-2024" (beirt ionadaithe - Aibreán)
- Comhairliúchán Oifig Ealaíon Chontae Chorcaí (naonúr ionadaithe - Aibreán). Chuir Oifig Ealaíon Chomhairle Contae Chorcaí tús le próiseas comhairliúcháin leis an gComhairle chun cuidiú leo le Clár Éire Chruthaitheach a chur chun cinn agus le Straitéis nua Ealaíon a fhorbairt. Cuireadh foghrúpa Ealaíon den Chomhairle ar bun chun tacú leis an bpróiseas.
- 'Shaping Our Electricity Future', tionól óige Eirgrid (seisear ionadaithe - Aibreán)
- Comhairliúchán náisiúnta ar Ghníomhaíocht Coirp leis an Aire Jack Chambers inar díriodh ar dhaoine óga faoin tuath atá éirithe as gníomhaíocht coirp (beirt ionadaithe - Aibreán)
- An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige, 'I gcomhrá domhain ar an bplean gníomhaíochta ar son na haeraide' (aon ionadaí amháin - Aibreán)
- Aighneacht maidir le Plean Forbartha Chontae Chorcaí 2022-2028 (Meitheamh)
- An Roinn Oideachais - comhairliúchán maidir le creat meastóireachta le haghaidh foghlaim ghairmiúil múinteoirí (Iúil)
- Cuireadh i gcomhar obair chomhoibríoch ar an ardán ar líne Slack (Lúnasa)
- Suirbhé ag Climate Rights Ireland ar an athrú aeráide agus cearta leanaí in Éirinn (Lúnasa)
- Comhairliúchán Vote@16 le 'Young Voices' Chomhairle Náisiúnta na nÓg in Éirinn agus Aontas na Mac Léinn dara Leibhéal in Éirinn (Meán Fómhair)
- Ainmníodh Mair Kelly, comhalta den Chomhairle, chun ionadaíocht a dhéanamh do CNN Chontae Chorcaísa Ghrúpa um Nasc Ionchuimsithe Sóisialta de Líonraí Rannpháirtíochta Pobail agus ar Choiste Beartais Straitéiseacha Chontae Chorcaí um Ionchuimsiú Sóisialta agus Pobal (Samhain).
- Tá ballraíocht glactha ag comhaltaí den Chomhairle ar Phainéal Comhairleach Óige Oifig an Ombudsman do Leanaí (leanúnach)

Imeachtaí:

- Imeacht de chuid Líonra Comhairle na nÓg (ceathrar ionadaithe - Aibreán)
- Haiceatón Spórt Éireann 'Girls Get Active' inar spreagadh muid cláir spóirt/gníomhaíochta coirp a chruthú do chailíní sna déaga (aon ionadaí amháin - Aibreán)
- Chruthaigh CNN Chontae Chorcaí aschur digiteach chun 'Teen Talks 2021' le Éire na Sláinte a chur chun cinn
- Cuireadh nuashonrú i láthair an Choiste Beartais Straitéiseacha um Ionchuimsiú Sóisialta & Pobail - Deireadh Fómhair

- Seimineár Gréasáin ar Íomhá Colainne, 16 Samhain

Torthaí na dTionscadal:

An tionscadal Comhráite óige faoin aeráid

(Comhoibriú le Comhshaoil – an Oifig um Fhuinneamh agus Athrú Aeráide, Comhairle Contae Chorcaí)

- Uaslódáil físeán ar an 4 Bealtaine (ghlac ochtar comhaltaí páirt - bailiúchán scéalta digiteacha ar dhearcthaína Comhairle ar an ngéarchéim aeráide)
- Postáilte ar mheáin shóisialta Chomhairle Contae Chorcaí (ar Lá Domhanda an Chomhshaoil, 6 Meitheamh): <https://www.youtube.com/watch?v=7BAUKCFmDVs>

Líonra Rannpháirtíochta Pobail

- Líonra de beagnach 500 eagraíocht phobail, dheonach, ionchuimsithe pobail agus chomhshaoil is ea Líonraí Rannpháirtíochta Pobail Chontae Chorcaí agus oibríonn sé chun pobail níos feara a fhorbairt ar fud Chontae Chorcaí.
- Toghann an Líonra Rannpháirtíochta Pobail ionadaithe óna líonra chuig coistí Chomhairle Contae Chorcaí um dhéanamh beartas agus forbairt pobail agus tugann sé guth do phobail ar leibhéal rialtais áitiúil.
- I mí na Nollag 2021 toghadh 33 Ionadaithe nua Líonra Rannpháirtíochta Pobail chuig gach ceann de na Coistí Forbartha Pobail Áitiúla, na Coistí um Beartais Straitéiseacha agus na Comhchoistí Póilíneacha.
- Tá an Líonra Rannpháirtíochta Pobail faoi stiúir Rúnaireacht ar a bhfuil 16 chomhalta a bhuaileann le chéile gach mí. In 2021, reáchtáladh gach cruinniú go fíorúil mar gheall ar shrianta COVID-19.
- In 2021, sheol an Líonra Rannpháirtíochta Pobail suíomh gréasáin nua, promóisean beochana nua agus feachtas nua caidrimh phoiblí chun próifíl an Líonra Rannpháirtíochta Pobail a ardú.
- Reáchtáladh cruinniú leathbhliantúil na gcomhaltaí, ar a dtugtar an Cruinniú Iomlánach, go fíorúil i mí Dheireadh Fómhair 2021 agus dhaingnigh comhaltaí 20 beartas nua rialachais agus a bplean oibre bliantúil ann.

An Choiste um Fhorbairt Gheilleagrach agus Beartais Straitéiseacha Fiontraíochta

Is é Frank O'Flynn Cathaoirleach an Choiste um Fhorbairt Gheilleagrach agus Beartais Straitéiseacha Fiontraíochta don téarma 2019 – 2024.

Cruinnithe	Dáta an Chruinnithe	Cuir i láthair a rinneadh
Ráithe 1, 2021 *	Dé hAoine, 15 Eanáir.	An t-eolas is deireanaí ar ghníomhaíochtaí Oifigí Fiontraíochta Chorcaigh Theas, Thuaidh agus Thiar. S. O'Sullivan agus K. Curran, Comhairle Contae Chorcaí An t-eolas is deireanaí ar riar an deontais atosaithe gnó i leith COVID-19. P. Sutton, Comhairle Contae Chorcaí.
Ráithe 2, 2021 *	Dé Luain, 26 Aibreán.	Athbhreithniú ar Phlean Réigiúnach Fiontraíochta an Iardheiscirt go 2020 agus réamhbhreathnú ar an obair atá idir lámha chun an chéad phlean a dhréachtú R. Church, Bainisteoir Cláir, SWREP
Ráithe 3, 2021 *	Dé hAoine, 9 Iúil	Straitéis nua na Gníomhaireachta Forbartha Tionscail, 'Ag cur chun cinn an téarnaimh agus an fháis inbhuanaithe 2021-2024'. R. O'Connor, Bainisteoir Forbartha Gnó Réigiúnach Monatóir Sonraí Geilleagrach agus Pobail Chorcaí. S. Corcoran, Stiúrthóir Seirbhíse.
Ráithe 4, 2021 *	Dé hAoine, 21 Samhain	Cur i láthair ó rannpháirtithe an chlár chistithe EDF seo, curtha ar fáil ag an Rubicon Centre, Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan.

* Mar fhreagairt ar an bpaindéim COVID-19, reáchtáladh cruinnithe an Choiste um Beartais Straitéiseacha go fíorúil.

FORBAIRT AGUS TIONSCADAIL GHEILLEAGRACHA

An Ciste um Fhorbairt Gheilleagrach

Taispeántar thíos na leithdháiltí a rinneadh ón EDF le linn 2021.

Nóta: Tá cumhacht ionadaíochta ag Rannán an Deiscirt freisin chun ionadaíocht a dhéanamh do leithdháiltí ar imeachtaí agus tionscnaimh ar fud an chontae.

Bliain/ Tagairt:	Tosaíocht an Chistithe	Rannán	Ainm an Tionscnaimh	Leithdháileadh Iomlán
Ceangaltas Reatha 2018.23	Comhpháirtíochtaí le Páirtithe Leasmhara Áitiúla agus Réigiúnacha	An tIarthar	Comhchistiú REDF Údarás na Gaeltachta REDF	€50,000.00
Cistiú athfhillteach 2019.02	Comhpháirtíochtaí le Páirtithe Leasmhara Áitiúla agus Réigiúnacha	An Deisceart	Cork BIC - Conair Fáis: 2019 - 2021	€45,000.00
Cistiú Athfhillteach 2019.03	Comhpháirtíochtaí le Páirtithe Leasmhara Áitiúla agus Réigiúnacha	An Deisceart	IGNITE Graduate Business Innovation Centre 2019 - 2021	€105,000.00
Cistiú athfhillteach 2019.05	Comhpháirtíochtaí le Páirtithe Leasmhara Áitiúla agus Réigiúnacha	An Deisceart	Energy Cork: 2019 - 2021	€128,971.50
Cistiú athfhillteach 2019.09	Margaíocht Straitéiseach agus Turasóireacht	An Deisceart	Féile Chuan Chorcaí (Oceans to the City): 2019 - 2021	€60,000.00
Cistiú athfhillteach 2019.25	Comhpháirtíochtaí le Páirtithe Leasmhara Áitiúla agus Réigiúnacha	An Deisceart	Confucius Institute: 2019 - 2021	€15,000.00
Cistiú athfhillteach 2019.27	Margaíocht Straitéiseach agus Turasóireacht	An Tuaisceart	Munster Vales: 2019 - 2021	€60,000.00
Cistiú athfhillteach 2019.37	Comhpháirtíochtaí le Páirtithe Leasmhara Áitiúla agus Réigiúnacha	An Deisceart	SCALE Cork: 2019 - 2020	€124,000.00
Cistiú athfhillteach 2020.03	Comhpháirtíochtaí le Páirtithe Leasmhara Áitiúla agus Réigiúnacha	An Deisceart	Cork Smart Gateways: (Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath)	€33,750.00
Cistiú athfhillteach 2020.04	Comhpháirtíochtaí le Páirtithe Leasmhara Áitiúla agus Réigiúnacha	An Deisceart	EBAN Cork	€10,000.00
Cistiú athfhillteach 2020.10	Margaíocht Straitéiseach agus Turasóireacht	An Deisceart	Munster Agricultural Society 2022 - 2024	€60,000.00
	Margaíocht Straitéiseach agus Turasóireacht	An Deisceart	CorkCoCo - Foráil agus feistiú seastáin sa Seó Samhraidh.	€60,000.00
Cistiú athfhillteach 2020.11	Comhpháirtíochtaí le Páirtithe Leasmhara Áitiúla agus Réigiúnacha	An Tuaisceart	Aonach Mata agus Eolaíochta Mhala	€3,750.00
2021.03	Comhpháirtíochtaí le Páirtithe Leasmhara Áitiúla agus Réigiúnacha	An Deisceart	IT@Cork Agri- Tech Forum 2021 - 2023	€12,000.00
2021.04	Comhpháirtíochtaí le Páirtithe Leasmhara Áitiúla agus Réigiúnacha	An Deisceart	Ireland China Science and Technology Association	€4,000.00
2021.05	Margaíocht Straitéiseach agus Turasóireacht	An Deisceart	Córfhéile Idirmáisiúnta Chorcaí	€7,500.00
2021.06	Comhpháirtíochtaí le Páirtithe Leasmhara Áitiúla agus Réigiúnacha	An Deisceart	STEM Thiar Theas - MTU.	€15,000.00

Bliain/ Tagairt:	Tosaíocht an Chistithe	Rannán	Ainm an Tionscnaimh	Leithdháileadh Iomlán
2021.07	Margaíocht Straitéiseach agus Turasóireacht	An Deisceart	Visit Cork (Promoting Cork Ltd)	€100,000.00
2021.08	Margaíocht Straitéiseach agus Turasóireacht	An Deisceart	Asia Matters	€18,450.00
2021.09	Comhpháirtíochtaí le Páirtithe Leasmhara Áitiúla agus Réigiúnacha	An Deisceart	IGNITE Graduate Business Innovation Centre 2022 - 2024	€105,000
2021.10	Comhpháirtíochtaí le Páirtithe Leasmhara Áitiúla agus Réigiúnacha	An Deisceart	IT@Cork Leaders Award 2021 - 2023	€12,000.00
2021.11	Comhpháirtíochtaí le Páirtithe Leasmhara Áitiúla agus Réigiúnacha	An Deisceart	SCALE Cork	le deimhniú
2021.12	Comhpháirtíochtaí le Páirtithe Leasmhara Áitiúla agus Réigiúnacha	An Deisceart	Fuinneamh Chorcaí 2022 – 2024	130,500

Nóta: Nóta: Tá cumhacht ionadaíochta ag an Deisceart freisin chun ionadaíocht a dhéanamh do leithdháilt ar imeachtaí agus tionscnaimh ar fud an chontae.

Achoimre ar thionscnaimh le Páirtithe Leasmhara Áitiúla agus Réigiúnacha

Clár Conair Fáis CorkBIC

Tacaíonn CorkBIC le cuideachtaí nuálacha a bhfuil eolas mar dhlúthchuid díobh agus atá bunaithe ar theicneolaíocht a bhfuil gealladh fúithi a shainaithint agus a fhás. Cuidíonn sé le fiontraíthe dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann le maoiniú a thiomsú, tograí gnó a fhorbairt, comhaontuithe a dhéanamh le scairshealbhóirí agus infheisteoirí agus custaiméirí a aimsiú.

Bhí Comhairle Contae Chorcaí ina comhpháirtí bunaidh ar an Growth Pathway Programme in 2016. Díreann sa chlár seo, lena mbaineann fiontair bheaga agus mheánmhéide, gnólachtaí nuathionscanta agus ceannairí gnó, ar an gcéad ghlúin eile de chuideachtaí ardfheidhmíochta a fhorbairt. Féach ar <https://www.corkbic.com/about-cork-bic> chun teacht ar thuilleadh eolais.

Cork Smart Gateway

Beidh cónaí ar 66% de dhaonra an domhain i gceantair uirbeacha faoi 2050. Beidh dúshlán romhainn ansin bia sábháilte, uisce glan agus fuinneamh leordhóthanach a sholáthar do na ceantair uirbeacha sin ar bhealach atá inbhuanaithe ó thaobh an gheilleagair, na sochaí agus an chomhshaoil de. I measc fhreagairtí an AE don dúshlán seo, tá forbairt Smart Cities and Communities ina n-úsáidfear teicneolaíochtaí comhtháite fuinnimh, iompair agus TFC chun tionchar ar an gcomhshaoil a laghdú agus forbairt pobal inbhuanaithe agus sábháilte a chur chun cinn, i bhfianaise daonra a bheidh ag dul in aois go háirithe.

Bhunaigh an Chomhairle Contae, an Chomhairle Cathrach, Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Ionad Taighde Nimbus agus Institiúid Náisiúnta Tyndall Cork Smart Gateway chun Corcaigh a chur chun cinn mar réigiún cliste agus chun feasacht a spreagadh ar infhaighteacht ár saoráidí taighde áitiúla chun cuidiú leis na fiontair bheaga agus mheánmhéide réitigh TFC, Idiríon na nEarraí agus fuinnimh a fhorbairt mar fhreagairt ar na dúshláin seo. Féach ar <http://www.corksmartgateway.ie/about/> chun teacht ar thuilleadh eolais.

Energy-Cork

Cnuasach geilleagrach is ea Energy Cork a iarrann buntáiste iomaíoch a bhaint amach d'earnáil an fhuinnimh i gCorcaigh trí ghníomhartha comhordaithe a leanúint le fiontraíocht a neartú, fostaíocht a chruthú agus leas a bhaint as suíomh Chorcaí ar thús cadhnaíochta san earnáil fuinnimh ar bhealach inbhuanaithe. Féach ar <http://www.energycork.ie/index.php/about/> chun teacht ar thuilleadh eolais.

IGNITE

Comhthionscnamh is ea é seo idir an Chomhairle Cathrach agus na hOifigí Fiontair Áitiúla chun fiontraíocht agus cruthú fiontar a spreagadh. Clár cothaithe gnó a bhfuil duaiseanna buaite aige is ea é ina dtacaítear le fiontraíthe a bhfuil céim faighte acu le gairid chun dea-smaointe a athrú ina gnólachtaí iontacha. Tá an clár 12 mhí lonnaithe i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh agus tá sé ar fáil do gach céimí a bhain céim amach le gairid ó gach institiúid tríú leibhéal Éireannach atá díograiseach agus uailmhianach a bheith ag obair go lánaimseartha ar smaoinimh inscálaithe nuathionscanta a bhféadfadh tionchar tráchtála nó sóisialta a bheith aige.

Ó shin i leith, tá obair déanta aige le beagnach 120 gnólacht nuathionscanta agus níos mó ná 140 bunaitheoir a bhfuil cuideachtaí amhail UrAbility seolta acu. AnaBio Technologies, ApisProtect, Eurocomply, LegitFit, OnTheQt, PunditArena,

Scale Cork

Tá an Ciste Forbartha Geilleagraí ag tacú leis an gcéad clár scálaithe d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide in Éirinn agus tá an Rubicon Centre ag Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan á sholáthar. Tá roinnt cuideachtaí seanbhunaithe i gCorcaigh i réimsí na teicneolaíochta míochaine, na teicneolaíochta talmhaíochta agus na sláine digití ag glacadh páirt sa chlár 9 mí seo, agus uailmhian acu fás thar a n-acmhainn reatha, díolacháin a mhéadú, onnmhairí a fhorbairt agus caidreamh a chothú le hinfeistíochtaí díreacha coigríche sa réigiún.

Ag an gcuinniú seo, déanfaidh na rannpháirtithe sa chlár cur i láthair gairid le daoine a chur ar an eolas faoina gcuideachtaí, míniú a thabhairt ar a n-iarrachtaí a gcuideachtaí a scálú le bliain anuas, athbhreithniú a dhéanamh ar bhuaicphointí a rannpháirtíochta sa chlár agus réamhbhreathnú a dhéanamh ar phleananna a gcuideachtaí a scálú sa todhchaí. Féach ar <https://www.rubiconentre.ie/scale-cork/> chun teacht ar thuilleadh eolais.

STEM Thiar Theas

Cuireann sé ETIM (Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic) chun cinn ar fud an réigiúin thiar theas in Éirinn. Cuimsítear sa chnuasach páirtithe leasmhara tionscail (fiontair bheaga agus mheánmhéide agus corparáidí ilnáisiúnta), Institiúidí Ardoideachais - Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, rialtas áitiúil (Comhairle Contae Chorcaí), eagraíochtaí seachbhrabúsacha (KerrySciTech) agus Fóram Scileanna Réigiúnach an Deiscirt, atá ag obair le chéile chun an cumas is fearr is féidir a bhaint amach san earnáil ETIM san Iardheisceart agus chun deiseanna a fhorbairt do na bail agus do na pobail ina n-oibríonn siad. Tá Bord an tionscnaimh faoi stiúir tionscail agus tá ionadaithe air ó ghnóthais ilnáisiúnta agus fiontair bheaga agus mheánmhéide sa réigiún, earnáil na nInstitiúidí Ardoideachais agus earnálacha an stáit agus na n-údarás áitiúil. Supply.ie, Talivest, TrustAp agus Vconnecta. Féach ar <https://www.ucc.ie/en/ignite/aboutus/> chun teacht do thuilleadh eolais.

Reáchtáladh sárthaispeántas mór tionscail STEM SW ar líne i mí Eanáir 2021 ina raibh os cionn 60 taispeántóir fíorúil agus os cionn 3,000 sa lucht freastail ón réigiún agus ó ar fud na hÉireann. Tá tuilleadh imeachtaí beartaithe d’am níos deireanaí i mbliana.

Féach ar ://www.stemsouthwest.ie/ chun teacht ar thuilleadh eolais.

Monatóir Eacnamaíoch Chorcaí

Seolfar an tionscnamh nua seo go luath ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Chorcaí. Réiteach bogearraí saincheaptha is ea an monatóir ina bhfuil tacair shonraí agus táscairí ábhartha ó fhoinsí údarásacha chun léargas a thabhairt ar fheidhmíocht gheilleagrach agus phobail Chontae Chorcaí ar scálaí spásúla éagsúla. Is féidir an monatóir a chur i bhfeidhm chun an t-éileamh méadaithe ar shonraí agus cinnteoireacht fhianaisebhunaithe ar fud an iliomad feidhmeanna laistigh den Chomhairle a bhaint amach.

Beidh an monatóir, lena gcuimseofar príomhtháscairí do Chontae Chorcaí ar fud 17 dtéama, ar fáil lena fheiceáil trí scáileán eolais éasca le húsáid lena gcuirfear ar chumas an úsáideora sonraí agus táscairí a chur i gcomparáid agus i gcodarsnacht le chéile gan stró. Is iad na 15 théama ná daonra, tithíocht, geilleagar agus fostaíocht, oideachas, coir agus sábháilteacht, sláinte, líonta tí agus teaghlaigh, díothacht shóisialta, margadh réadmhaoine, beochlár, poist agus comaitéireacht, comhshaol, talmhaíocht, airgeadas na comhairle agus ioncam agus caighdeáin mhaireachtála.

TIONSCNAIMH CHOMHCHISTITHE

Ciste Forbartha Geilleagrach Réigiúnach Fiontraíocht Éireann.

Lorg Fiontraíocht Éireann tograí ón gCiste Forbartha Geilleagrach Réigiúnach (REDF). Baintear úsáid as Próiseas Iomaíoch Gairme faoin REDF agus tacaítear le réigiúin a láidreachtaí uathúla a fhorbairt agus poist inbhuanaithe a chruthú. Roghnaíodh tionscadail tar éis próiseas dian roghnúcháin bunaithe ar chritéir lena n-áirítear tionchair agus luach ar airgead, comhoibriú agus rannpháirtíocht, inmharthanacht agus inbhuanaitheacht, láidreachtaí réigiúnacha a fhorbairt agus suntasacht i gcomhair nuálaíochta.

D’fhaomh Fiontraíocht Éireann dhá iarratas ar thacaigh Comhairle Contae Chorcaí leo agus soláthróidh an Chomhairle an sciar comhchistithe a theastaíonn ón dá thionscadal, is iad sin;

SynBioHub: Déanfar iarracht sa tionscnamh seo cuideachtaí óga nuathionscanta sna heolaíochtaí beatha a mhealladh go Corcaigh, cuidiú a thabhairt dóibh a bhforbairt mar chuideachtaí aibí ag céim an fháis a ghéarú agus, sa deireadh thiar, iad a fhréamhú in Éirinn go fadtéarmach. Trádálfaidh SynBioHub, atá faoi stiúir Coláiste na hOllscoile, Corcaigh agus Comhairle Contae Chorcaí mar CorkBioHub agus beidh sé mar chóras "ionaid ilfhreastail" fais agus forbartha lenar féidir le cuideachtaí nuathionscanta sna heolaíochtaí beatha a bheith faoi bhláth i dtimpeallacht thacúil uathúil shaindeartha chun freastal ar ghnólachtaí bithbhunaithe.

Mol Digiteach: Tá sé beartaithe ag Údarás na Gaeltachta tabhairt faoi athfhorbairt fairsing ar shaoráid réigiúnach atá i mBaile Bhuirne cheana féin i nGaeltacht Mhúscraí chun Mol Digiteach réigiúnach sholáthar ina bhfuil réimse iomlán tacaíochtaí ar fáil ó thaobh oiliúna agus forbairt gnó de. Cuirfear spás solúbtha nasctha nuálaíochta ar fáil sa Mhol Digiteach chun réimse tacaíochtaí ríthábhachtacha a sholáthar in ndíreofar ar cheantair thuaithe i Múscraí, Contae Chorcaí, agus sa cheantar máguaird atá faoi mhíbhuntáiste agus iargúlta i gcomparáid le ceantair eile.

Cuirfidh an tÚdarás saoráidí agus seirbhísí ar fáil chun éiceachóras fiontraíoch a chothú ina meallfar agus ina dtacófar le gnólachtaí nua-thionscanta nuálacha a bhunú agus ina dtacófar freisin le fiontair reatha trí réimse seirbhísí soiléire amhail tacaíochtaí teicneolaíochta agus nascacht snáthoptaice; scileanna airgeadais, bonneagair agus eile agus bearta forbartha acmhainne.

An tSín: d'urraigh Comhairle Contae Chorcaí cruinniú mullaigh Síneach-Éireannach Asia Matters 2021 a reáchtáladh i mí na Bealtaine. Sa chomhdháil fhíorúil seo, pléadh conas is féidir linn teagmháil a dhéanamh arís lenár gcomhpháirtithe Áiseacha nuair a mhaolófar srianta sláinte poiblí. Táthar ag tosú ar chomhdháil 2022 a phleanáil cheana féin.

TIONSCADAIL CHOMHCHISTITHE AG AN AE

Tá Comhairle Contae Chorcaí ag glacadh páirte sna tionscadail chomhchistithe seo a leanas de chuid an AE;

Acrainm: ProtoAtlantic. Clár: INTERREG Vb - Limistéir an Atlantaigh. Téama: Gnó / Fiontraíocht. Achoimre ar an Tionscadal: Sa tionscadal seo forbrófar samhail iomlán chun smaointe nuálacha a fhréamhshamhaltú agus chun leas a bhaint astu san earnáil mhuirí. Tar éis gnólachtaí nua-thionscanta agus fiontair bheaga agus mheánmhéide ag a bhfuil cumas nuálaíochta táirge acu san earnáil mhuirí a shainaithint, cuirfear clár luasghéaraithe i bhfeidhm ag a mbeidh próiseas normaithe agus struchtúrtha. Cruthófar éiceachóras uathúil san Atlantach dá bharr agus beifear toilteanach aghaidh a thabhairt ar mhargáí éiritheacha i bparaidím chomhchruthaithe le pobail na ngnólachtaí nua-thionscanta áitiúla san Eoraip.

Léirítear sa tionscadal an gá le modheolaíocht a chruthú chun smaointe fiontraíochta a bhaineann le fás gorm a bhailíochtú agus luaitear an bharna idir taighde agus tionscadail a thagann chun cinn. D'fhorbrófaí modheolaíocht faoin tionscadal seo lena gcuideofar le fiontraithe a thabhairt ó smaoineamh ceart trí na céimeanna éagsúla d'fhorbairt fréamhshamhla, tiomsú airgid, bailíochtú margaidh agus samhaltú gnó. Cé go bhfuil an tionscadal dírithe ar ghnólachtaí nuathionscanta muirí, táthar ag súil gur féidir an mhodheolaíocht a aistriú go hearnálacha eile. D’fhéadfaí tairbhe a bhaint as tionscadal mar seo de réir mar a fhorbraíonn an Chomhairle Contae acmhainn i dtacaíocht do ghnólachtaí nuathionscanta. Lena chois sin, tá suíomh na gníomhaíochta sa chaladh íochtarach tarraingteach mar thogra. Cuireadh moladh síneadh ama 2 bhliain a chur leis an tionscadal seo faoi bhráid Rúnaireacht Limistéar Atlantach an AE agus fógrófar an toradh air seo sa chéad ráithe den bhliain 2022. Samhlaítear go leanfar leis an tionscadal go dtí an ceathrú ráithe de 2023 nó an chéad ráithe de 2024 má éiríonn leis an iarratas ar shíneadh ama

Comhpháirtithe Tionscadail: Asociación INNOVALIA (an Spáinn), INESC TEC (an Phortaingéil), Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (Éire), EMEC (an RA), EMERGE (an Spáinn), TECHNOPOLE BREST IROISE (an Fhrainc), Marine South East (an RA), Happy Ventures (Maracó).

Dáta tosaith : Cuireadh tús leis sa cheathrú ráithe den bhliain 2017. Dáta críochnaithe: Ráithe 4, 2021. Buiséad: €224,008 Síneadh ama beartaithe: Dáta tosaith : meastachán le deimhniú, Ráithe 1, 2022: Dáta críochnaithe: Ráithe 4, 2023/Ráithe 1 2024, Buiséad €64,000

Acraim: DELTA LADY. Clár: INTERREG Europe. Téama: Forbairt Gheilleagrach.

Achoimre ar an Tionscadal: Dírítear sa togra Cultúir ar barr uisce i ndeilteanna abhann in River Deltas ar ionstraimí beartais a shainmhíniú trínar féidir acmhainní sheirbhís éiceachóras Delta a chothú i gcomhair forbairt gheilleagrach réigiúnach. Ba chóir go soláthrófaí tograí inláimhsithe sa tionscadal Interreg chun bearta lena dtacaítear le forbairt gheilleagrach a chur i bhfeidhm go réigiúnach bunaithe ar cháilíochtaí áitiúla agus réigiúnacha a úsáid. I gCorcaigh is iad Eochail agus an Dubhabhainn a mheasfar. Cuireadh an plean gníomhaíochta tionscadail do réigiún Chorcaí i gcrích agus ghlac Rúnaireacht INTERREG an AE leis, cuireadh tús le hobair le gach ceann de na bearta a sholáthar agus cuirfear críoch leis faoi Ráithe 3, 2023.

Comhpháirtithe Tionscadail: cúige na Freaslainne agus Ollscoil Twente (an Ísiltír), Páirc Náisiúnta Réigiúnach Camargue (an Fhrainc), Danube Delta National Institute for Research and Development (an Rómáin), Council of Chambers of Commerce of Valencia (an Spáinn), ART-ER and Po Delta Park (an Iodáil) agus Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Dáta tosaith : Ráithe 3, 2018. Dáta críochnaithe: Ráithe 3, 2023 (Gníomhaíochtaí sna chéad 3 bliana agus cur i bhfeidhm sa 2 bhliain dheireanacha.). Buiséad: €181,500 (Ráta deontais 85%).

Acraim: HYBES. Clár: INTERREG NPA. Téama: Éifeachtúlacht Fuinnimh agus Fuinneamh In-athnuaite.

Achoimre ar an Tionscadal: Tá deontas €100,000 (65% cistithe ag an AE agus 35% trí cistiú meaitseála trí am foirne) faighte ag Comhairle Contae Chorcaí in éineacht le 3 chomhpháirtí Eorpacha eile (Éire, an Iorua agus an tSualainn) chun togra tionscadail a fhorbairt maidir le ‘Crios Dícharbónaithe’. Tá sé beartaithe go bhforbrófar cur i bhfeidhm iomlán tionscadail thar Ráithe 1 agus Ráithe 2 den bhliain 2022 agus go gcuirfear isteach é i gcomhair cistithe faoin INTERREG Clár imeall thuaidh agus Artach. Is iad na réimsí ar a ndírítear sa togra ná réitigh fuinnimh hibridigh d'fhoirgnimh, iompar, soghluaisteacht agus bonneagar.

Comhpháirtithe Tionscadail: Comhairle Contae Chorcaí, Nordland Research Institute (an Iorua), Umea Municipality (an tSualainn) & NCE Insulations (Corcaigh, Éire)

Dáta tosaith : Ráithe 1, 2022. Dáta críochnaithe: Ráithe 3, 2022 Buiséad: Comhairle Contae Chorcaí €20,00 (Ráta deontais 65% Ciste ERDF €14,000) – Buiséad Iomlán an Tionscadail €100,000

Meastar go bhforbrófar roinnt iarratas tionscadail nua agus go gcuirfear isteach iad le linn 2022 mar fhreagairt ar ghairmeacha cláir ón AE atá sceidealaithe le bheith seolta i mbliana.

BONNEAGAR FORBARTHA GEILLEAGRAÍ

Cuireann Comhairle Contae Chorcaí réimse roghanna réadmhaoine ar fáil, lena n-áirítear talamh, láithreáin, aonaid agus deasca sealáiochta ar fud an Chontae chun tacú le tionscnaimh forbartha geilleagraí d'fhiontair reatha agus éiritheacha. In 2021, tháinig ardú breise ar an spéis sna roghanna seo tar éis géarchéim gheilleagraich na 7-10 mbliana roimhe sin agus cuireadh roinnt díolachán agus foirgneamh i gcrích. Tá aonaid le ligean ar cíos nach mór áitithe go hiomlán.

Spás cistine tráchtála lánfheistithe atá ar fáil ar cíos in aghaidh na huairé is ea Food Incubation Kitchens Charraig Uí Leighin, CIK, agus tá siad ag leanúint de shaoráid atá saor agus úrscothach a sholáthar d'fhiontair bia atá ag iarraidh fás. Cé gur bheag úsáid a baineadh as in 2020 mar gheall ar shrianta COVID, tháinig fás ollmhór air in 2021 sa mhéid gurbh é sin an bhliain ba rathúla ó osclaíodh an tsaoráid agus bhain líon ollmhór gnólachtaí nua bia leas as an tsaoráid den chéad uair.



Cuireann Comhairle Contae Chorcaí saoráidí deisce sealáiochta, oifig a bhfuil a ndoras féin acu agus seomraí oiliúna/cruinnithe inár ríomh-ionaid ar fud an chontae. Tacaíonn an Chomhairle leis an tionscadal ríomh-ionaid trí sholáthar díreach i mBeantraí, Mainistir Fhear Maí, Eochail agus Maigh Chromtha agus i bpáirtíocht le heagraíochtaí pobail agus leis an earnáil phríobháideach in ionaid eile ar fud an Chontae.



Deontais Atosaithe Gnó

Le linn 2021 chuir an Stiúrthóireacht riar Scéim na nDeontas Atosaithe Gnó i gcrích. Cuireadh cistiú ar fáil ón DBEI chun cuidiú le gnólachtaí inráitithe atosú agus bearta cosanta COVID a chur i bhfeidhm tar éis na dianghlása tosaigh. Bhí 4 scéim éagsúla ann go bunúsach.

Nuair a cuireadh clabhsúr ar an scéim bhí €34M bronnta agus íoctha. Seo é an miondealú

DEONTAS ATOSAITHE: €10.7M do 3252 ÍOCÓIRRÁTAÍ

RESTART GRANT PLUS €17.6M do 3608 ÍOCÓIR RÁTAÍ

**BREISIÚ do THITHE TÁBHARNE
FLIUCHA 40% €0.6M do 341 ÍOCÓIRRÁTAÍ**

**BREISIÚ LEIBHÉAL 3 DEN
DIANGHLASÁIL 30% €5.1M do 3484 ÍOCÓIRÍ
RÁTAÍ**

IOMLÁN: €34M

Scéim Cúnaimh do Ghnólachtaí Beaga i gcomhair COVID (SBASC) Ráithe 1 & Ráithe 2

Thug an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta dhá Scéim Cúnaimh Gnó spríochdhírthe eile isteach de réir mar a leanadh de shrianta COVID. Mar thoradh ar na scéimeanna seo, íocadh €1.259m sa bhreis le 326 gnólacht a bhí beag den chuid is mó.

Deontais a íocadh	449	€1.255M
-------------------	-----	---------

Scéim suíochánra agus oiriúintí amuigh faoin aer

D'éascaigh Comhairle Contae Chorcaí soláthraithe áitiúla fáilteachais agus turasóireachta le hiarratas a chur isteach i gcomhair cistiú deontais faoin scéim nua suíochánra agus oiriúintí amuigh faoin aer ag Fáilte Ireland atá dírithe ar chúnamh a thabhairt don earnáil lena n-acmhainn béilí a sholáthar amuigh faoin aer a fheabhsú.

Bhí deontais suas le €4,000 (uasmhéid 75%) ar fáil faoin scéim chun tacú le gnólachtaí fáilteachais agus béilí amuigh faoin aer a éascú don samhradh in 2021. Lorgaíodh iarratais ar chistiú ó ghnólachtaí aonair turasóireachta agus fáilteachais ina ndíoltar bia lena chaitheamh san áitreabh, lena n-áirítear óstlanna, taitneamhachtaí, caiféanna, bialanna agus tithe tábhairne. Leathadh an scéim amach ina dhiaidh sin chun tithe tábhairne fliucha a áireamh. Ba é aidhm na scéime ná cur le hobair Chomhairle Contae Chorcaí anuraidh chun tacú le gnólachtaí agus leanúint de na heispéirís ite béilí amuigh faoin aer ar fud an chontae a fheabhsú ar bhealach rialaithe agus inrochtana.

Clúdaíodh costais ar bhoird don taobh amuigh, scáthanna fearthainne, sciatha/scáthláin ghaoithe, díonbhrait agus seastáin do phlandaí taobh amuigh faoin scéim. Ní mó do chaiteachas a bheith tabhaithe idir an 1 Aibreán 2020 agus an 30 Meán Fómhair 2021.

Deontais a íocadh	449	€1.255M
-------------------	-----	---------

Moil Dhigiteacha Nuálaíochta Tuaithe

Aithníonn Comhairle Contae Chorcaí féidearthachtaí suntasacha maidir lena geilleagar tuaithe a neartú trí mhoil dhigiteacha nuálaíochta tuaithe a fhorbairt ar aon dul le huailmhianta arna mionsonrú sa Straitéis Náisiúnta um Chianobair. Tá sé de chumas acu feidhmiú mar bhealaí chun bailte agus sráidbhailte a athnuachan, foirgnimh agus bonneagar atá ann cheana féin a athúsáid, custaiméirí agus éileamh a sholáthar do sheirbhísí áitiúla agus spás oibre ardchaighdeán a chur ar fáil do chianoibrithe.

In 2020 agus 2021, rinne Comhairle Contae Chorcaí Straitéis Forbartha Mol inar soláthraíodh treochlár chun líonra mol a fhorbairt ar fud an chontae. Tá an straitéis seo mar bhonn le suíomhanna oiriúnacha agus foirgnimh atá ar fáil a shainaithe lena bhforbairt mar spásanna comhoibre, suíomhanna eile, spásanna leaindeála tapúla agus saoráidí oibre cliste. Sainaithear Pointí Nasctha Leathanbhanda oiriúnacha i gcomhair moil phobail freisin agus fiontraíochta iontu freisin.

De bharr na n-athruithe ar dhearcchá i leith na cianoibre san earnáil phríobháideach agus ar an gcleachtas a bhaineann léi chomh maith le beartas san earnáil phoiblí i dtreo samhail chumaisc, leanfar leis an éileamh ar spás moil.

I mí Iúil 2021, bronnadh cistiú ar Chomhairle Contae Chorcaí chun dhá shaoráid i mBeantraí agus Mainistir Fhear Maí a uasghrádú. Bronnadh €150,000 (€75,000/suíomh) tar éis d'iarratas a bheith curtha isteach mar fhreagairt ar ghairm don chlár cistithe Connected Hubs Call ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail. Críochnófar an t-uasghrádú i mBeantraí i Ráithe 1, 2022 agus soláthrófar leibhéal feabhsaithe éifeachtúlacht fuinnimh sna saoráidí chomh maith le hionaid chianoibre bhreise, agus crios tiomnaithe do mhic léinn laistigh de R-Ionad Bheantraí. Táthar ag súil go gcríochnófar an obair i Mainistir Fhear Maí faoi dheireadh Ráithe 2, 2022 agus go gcuirfear córas téimh uasghráidithe agus spás breise deisce oifige ar fáil ann.

Rinneadh iarratais in 2021 faoin Scéim um Athnuachan Uirbeach agus Sráidbhaile i gcomhair tograí a bhain le moil i bhfoirgnimh leabharlainne na Rátha agus an Chóibh agus mol arna fhorbairt ag an bpobal i gCoiscéim na Caillí.

OIFIGÍ FIONTAIR ÁITIÚLA CORCAÍ THIAM THUaidH AGUS CHORCAÍ THEAS

Oifigí Fiontair Áitiúla (Corcaigh Theas agus Corcaigh Thiam agus Thuaidh)

Díríodh sa ghníomhaíocht in 2021 ar chúinsí leanúnacha COVID-19 mar aon le dúshláin roimh ghnólachtaí mar gheall ar an mBreatimeacht agus saincheisteanna eile. Tá ról suntasach comhlíonta ag Oifigí Fiontair Áitiúla Chomhairle Contae Chorcaí i dtaca le tacaíochtaí bunriachtanacha a sholáthar don lucht gnó i gContae Chorcaí. Díríodh go háirithe sa ghníomhaíocht ar roinnt tairiscintí ar leith:

- Dearbhán le haghaidh Trádáil ar Líne
- Seirbhísí Meantóireachta/Comhairleacha
- Seimineáir Ghréasáin Oiliúna ar Líne
- An Breatimeacht
- Saincheisteanna Glasa agus Aeráide

(Clárúil arís)

Mar thoradh ar an aistriú go miondioltóireacht ar líne, bhí cúnamh suntasach ag teastáil ó líon ollmhór cliantchuideachtaí agus úinéirí gnólachtaí lena suíomhanna gréasáin a bhainistiú agus straitéis margaíochta digítí a fhorbairt. Is minic gur cuideachtaí iad seo nár theastaigh láithreacht ar líne uathu roimhe sin agus dá bhrí sin bhí easpa eolais acu féin maidir le siopa ar líne a réachtáil nó na meán shóisialta a bhainistiú. Cé nach raibh an t- éileamh céanna ar an Dearbhán le haghaidh Trádáil ar Líne agus a bhí in 2020, bhí éileamh mór fós air chomh maith le héileamh mór ar oiliúint tacaíochta i réimsí na Meán Sóisialta, an Optamaithe Innil Cuardaigh, agus an Táirgthe Ábhair ar Líne.

(Clárúil arís)

Cuireadh cúnamh ar fáil trí na Seirbhísí Meantóireachta agus Comhairleacha inar cuireadh dearcthaí agus smaointe úra in iúl do na faighteoirí. Bhí éileamh mór ann i rith na bliana agus cuireadh seirbhísí meantóireachta na n-oifigí fiontair áitiúla ar fáil do 958 faighteoir le linn na bliana.

(Clárúil arís)

Cuireadh seirbhísí ar fad na nOifigí Fiontair Áitiúla ar fáil saor in aisce do rannpháirtithe, lena n-áirítear an oiliúint ar líne agus na seimineár gréasáin ar fad, agus leanadh de seo i rith na bliana 2021.

(Clárúil arís)

Tharla an Breatimeacht nuair a d'fhág an RA an AE in 2020 agus tháinig deireadh leis an tréimhse aistrithe ina dhiaidh sin ar an 31 Nollaig 2020. Tá an-éiginnteacht ann do ghnólachtaí Chorcaí mar thoradh air seo i dteannta shaincheisteanna na paindéime agus na n-impleachtaí fadtréimhseacha atá fós le tarlú.

(Clárúil arís)

Mar chuid den iarracht i dtaca leis an athrú aeráide, tugadh scéim nua darbh ainm Green for Micro isteach in 2021. Dearadh é seo chun cuidiú agus comhairle a thabhairt do mhicrithionscadail ionas gur féidir leo ullmhú do gheilleagar ísealcharbóin na todhchaí a bheidh níos éifeachtúla ó thaobh acmhainní de.

(Clárúil arís)

Féadann na nithe seo a leanas a bheith mar thoradh ar na beartais 'ghlasa' ghnó seo:

- Coigilteas ardaithe costais
- Éifeachtúlacht acmhainne feabhsaithe (mar shampla: níos lú fuinnimh, uisce agus ábhar a úsáid)
- Lorg comhshaoil agus astaíochtaí gás ceaptha teasa laghdaithe
- Deiseanna maidir le luachanna níos airde agus luachanna breise ar tháirgí agus seirbhísí
- Rochtain mhéadaithe ar chustaiméirí agus íomhá chorparáideach fheabhsaithe
- Seasmhacht mhéadaithe maidir le tionchair an athraithe aeráide

(Clárúil arís)

Príomh-mhéadrachtaí d'Oifigí Fiontair Áitiúla Chontae Chorcaí

- Cúnamh deontais €1.15M faofa
- Cláir oiliúna á bhfáil ag 3,224 duine
- Meantóireacht á fáil ag 958 duine.
- 273 Dearbhán le haghaidh Trádáil ar Líne faofa.

(Clárúil arís)

An Turasóireacht/Tionscadail Chaipitil Turasóireachta:

Leanadh de ról Chomhairle Contae Chorcaí chun tacú le feidhmiú Visit Cork i gcomhar le Comhairle Cathrach Chorcaí i dtaca le tairiscint Chorcaí a chur chun cinn.

Fáilte Ireland

Slí an Atlantaigh Fhiáin: Táthar ag obair faoi láthair le Fáilte Ireland chun 2 Phlean Forbartha maidir le hEispéireas Cinn Scríbe (Destination Experience Development Plans, nó DEDPs). Áirítear na nithe seo leis na nuashonruithe:

(Clárúil arís)

- Tá cruinnithe de chuid an Grúpa forfheidhmithe na dtrí leithinis VEDP fós á réachtáil ina bpléitear an t-eolas is deireanaí maidir le bearta.
- Táthar fós ag plé West Cork Maritime Coast DEDP (lena gcuimsítear an stráice ó Chionn tSáile go Béal an Dá Chab) le Comhairle Contae Chorcaí agus sainaithnítear muid mar cheannasaí nó mar chomhpháirtí i dtaca le cuid de na bearta a sholáthar.

(Clárúil arís)

Sean-Oirthear na hÉireann:

- Táthar ag obair go fóill le Fáilte Ireland chun an Plean Forbartha maidir le hEispéireas Cinn Scríbe a fhorbairt, lena gcuimseofar Cathair Chorcaí, Cuan Chorcaí agus limistéar Oirthear Chorcaí i gcoitinne. Thug Fáilte Ireland faisnéis do Chomhairle Contae Chorcaí ar fhorbairt an phlean seo agus tá an próiseas comhairliúcháin le páirtithe leasmhara ábhartha ag dul ar aghaidh i gcónaí.

(Clárúil arís)

Eaglais Choláisteach Mhuire, Eochail: Seoladh an tionscadal Guthanna Naomh Mhuire i mí an Mheithimh 2021. Chistigh Fáilte Ireland €200,000 chun léiriú intí an fhoirgnimh a fheabhsú go mór agus chuir Aonad Turasóireachta Chomhairle Contae Chorcaí cistiú comhfhreagrach 25% ar fáil.

(Clárúil arís)

Scéim Deontais Caipitil Fáilte Ireland i gcomhair Tionscadail Turasóireachta ar Scála Mór

Carr Cábla agus Ionad Cuairteoirí Oileán Baoi a fhorbairt: Fuair Comhairle Contae Chorcaí faomhadh pleanála i mí na Samhna 2021 chun leanúint den tionscadal ach coinníollacha ón mBord Pleanála a chomhlíonadh. Áireofar leis an bhforbairt atá beartaithe dhá charr cábla a oibreofar go neamhspleách ar a chéile, piolóin tacaíochta, foirgneamh le haghaidh stáisiún tiomána ar an mórthír agus foirgneamh le haghaidh stáisiún tiomána don turas fillte ón oileán, foscadán agus saoráidí leithris ar an oileán, ionad cuairteoirí agus bloc leithris ar an mórthír agus saoráidí feabhsaithe.

(Clárúil arís)

Clár Cistithe Fáilte Ireland um Bailte Cinn Scríbe Turasóireachta: D'éirigh le Baile Bheantraí lena iarratas ar chistiú ó Fáilte Ireland i mí Mheán Fómhair 2019 agus bainfidh sé leas as infheistíocht €500,000 ó Fáilte Ireland agus cistiú comhfhreagrach 25% ó Chomhairle Contae Chorcaí. Ceapadh Comhairleoirí Deartha tar éis idirbheartaíocht dhíreach chun réitigh dheartha a chur ar fáil agus soláthar an tionscadail a bhainistiú ar an láthair. Agus é faoi réir pleanála, táthar ag súil go soláthrófar an tionscadal faoi mhí Iúil 2023.

(Clárúil arís)

Ardáin Fháilte Éireann le haghaidh Ionaid Saoráidí Gníomhaíochta Uisce Fáis: Chuir Comhairle Contae Chorcaí dhá iarratas isteach i gcomhair Trá Gharraí Lúcáis agus Trá an Chaisleáin Chria i mí na Nollag 2020 le haghaidh cistiú faoin tionscnamh seo ag Fáilte Ireland. Fuair Comhairle Contae Chorcaí faomhadh chun dul ar aghaidh le tionscadal an Chaisleáin Chria. Ní bheifear ag leanúint le tionscadal Gharraí Lúcáis i láthair na huaire. Áireofar leis an ionad saoráide sa Chaisleán Cria spásanna feistis, taisceadáin stórála, cithfholcadán taobh istigh agus taobh amuigh, áiteanna cruinnithe, etc. Beidh an tsaoráid arna tógadh faoi úinéireacht, á bainistiú agus á cothabháil ag Comhairle Contae Chorcaí. Réachtálfar an próiseas soláthair chun comhairleoirí deartha an Chaisleáin Chria a fhostú in 2022.

(Clárúil arís)

An tEolas is Deireanaí ar an Bhonneagar Turasóireachta

Conair Mhichíl Uí Choileáin: Forbraíodh Conair Mhichíl Uí Choileáin lena n-áireofar níos mó ná 140 comhartha a chur suas chun príomhphointí spéise i saol Mhichíl Uí Choileáin a nascadh, lena n-áirítear Cloich na Coillte, Béal na Bláth agus Cill Mhuire. Cuireadh suas comharthaí ar fad na conaire faoi dheireadh mí Lúnasa 2021 agus seoladh an chonair i mí Mheán Fómhair 2021. Oibreoidh an tAonad Turasóireachta le Ceantar Bardasach Iarthar Chorcaí in 2022 chun margaíocht a dhéanamh ar an gconair.

(Clárúil arís)

Caisleán Mhala: I gcomhairle le réimse leathan páirtithe leasmhara pobail, fuarthas comhairleoirí chun dearadh ginearálta scéime a ullmhú do Dhiméin Chaisleán Mhala, Páirc Bhaile Mhala agus don Teach Spá. Dearfar agus soláthrófar na hoibreacha ar bhealach céimnithe Tá sé mar phríomhghné den phlean an rochtain idir Lár Bhaile Mhala, Caisleán Mhala, Teach Spá agus Páirc Bhaile Mhala agus an limistéar máguaird a fheabhsú in éineacht le comharthaí le cuairteoirí a spreagadh níos mó ama a chaitheamh ann agus féachaint thart ar réigiún Thuaisceart Chorcaí i gcoitinne. Tá an áit súgartha agus ag an rochtain ag Tailte Chaisleán Mhala a bhaineann léi, an carrchlós agus athchóiriú an gharraí dhaingin san áireamh, críochnaithe anois agus tá siad ar oscailt don phobal.

(Clárúil arís)

Staidéar Féidearthachta ar an nGlasbhealach idir Dún Garbhán agus Mala: Fuair Comhairle Contae Chorcaí, Comhairle Contae Phort Láirge agus Comhairle Cathrach Phort Láirge cistiú breise le gairid ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt faoin gCiste um Cháin Charbóin 2020 le haghaidh féidearthacht, pleanáil agus réamhdhearadh oibreacha maidir leis an bhféidearthacht síneadh a chur leis an nglasbhealach mar atá faoi láthair idir Dún Garbhán agus Mala. D'aontaigh an Roinn costas iomlán an staidéir féidearthachta a chistiú, arb é sin €361,238 (cáin san áireamh). Bronnadh cistiú deontais €80,000 ar gach ceann den dá chomhairle roimhe sin. D'aontaigh Comhairle Contae Chorcaí agus Comhairle Contae Phort Láirge glacadh le comhaontú Alt 85 a bhfeidhmeoidh Comhairle Contae Chorcaí mar cheannasaí ar an staidéar féidearthachta dá réir. Tar éis do mheasúnú a bheith déanta ar na tairiscintí, ceapadh an forthairgeoir a roghnaíodh chun tabhairt faoin staidéar féidearthachta agus táthar ag súil go gcuirfear i gcrích é faoi dheireadh Ráithe 2, 2022.

(Clárúil arís)

Camden Fort Meagher: Níor osclaíodh Camden Fort Meagher don phobal in 2021. Tá pleananna ar bun ullmhú le Camden Fort Meagher a athoscailt roimh thús shéasúr 2022.

An Glasbhealach idir Mainistir na Corann agus Eochail: Fuair Comhairle Contae Chorcaí cistiú iomlán ón Rannóg Iompair, Turasóireachta agus Spóirt chun an Glasbhealach idir Mainistir na Corann agus Eochail a thógáil. Críochnaíodh obair chun an fásra ar an líne a ghlanadh. Tá roinnt oibreacha athdhromchlaithe á ndéanamh faoi láthair. Cuireadh tús le hobair ar an dearadh mionsonraithe freisin. Táthar ag súil go gcuirfear an tógáil i gcrích faoi lár na bliana 2023.

Youghal Eco Boardwalk (Éicea-Clhárchosán Eochaille): Cuireadh Céim II d'Éicea-Clhárchosán Eochaille i gcrích agus tá an clárchosán iomlán ar oscailt don phobal. Cuireadh síneadh 1.2km leis an gclárchosán a bhí ann cheana féin, ó Thrá an Chaisleáin Chria go Ceann an Bhóthair. Tá bealach díreach 5km do choisithe ar fáil sa chlárchosán críochnaithe ó Cheann an Bhóthair go lár Bhaile Eochaille

Tacaíochtaí Margaíochta

Munster Vales: Ceann scribe turasóireachta bríomhar is ea Munster Vales atá mar nasc idir na contaetha Corcaigh, Port Láirge, Tiobraid Árann agus Luimneach agus ina bhfuil na sliabhraonta Sléibhte an Chomaraigh, Sléibhte Chnoc Mhaoldomhnaigh, na Gaibhlte, an Sliabh Riabhach agus Sliabh an Nóglaigh. Tá Comhairle Contae Chorcaí ag leanúint de thacaíocht airgeadais a chur ar fáil chun margaíocht a dhéanamh ar an mbranda seo.

Tá tacaíocht mhargaíochta curtha ar fáil ag Comhairle Contae Chorcaí do na heagraíochtaí seo a leanas chomh maith: Visit Cork, Éicea-chlárchosán Eochaille, Séipéal Coláistíoch Mhuire, Conair Gairdín Iarthar Chorcaí, Feachtas Tar Ar Ais Chionn tSáile, Cumann Turasóireachta agus Forbartha an Ghleanna Ghairbh, Comharghrúpa Ealaíon Abhainn na Baoi, Cormorant Films (chun clár Gaeilge léiriú faoin Dubhabhainn do TG4) agus Cumann Turasóireachta agus Forbartha Bheanntaí.

Féilte/Imeachtaí

Rinne Rannán Turasóireachta na Stiúrthóireachta um Fhorbairt Gheilleagrach, Fiontraíochta agus Turasóireachta bainistíocht ar na hiarratais a fuarthas faoi na sruthanna cistithe seo a leanas:

An Ciste um Fhorbairt Gheilleagrach: Tacaíocht airgeadais arbh fhiú €75,000 í san iomlán do 3 fhéile/imeacht ar scála mór: Féile Cheoil Iarthar Chorcaí (imeachtaí fíorúla agus líon beag imeachtaí aghaidh ar aghaidh), Cork Harbour Festival (féile fhíorúil) agus Cork Choral Festival (féile fhíorúil).

Ciste le haghaidh Féilte Áitiúla: faomhadh cistiú €47,950 san iomlán do 18 bhféile. Mar gheall ar COVID-19 ní raibh ach 7 bhféile in ann imeachtaí aghaidh ar aghaidh a reáchtáil. Baineadh úsáid as ciste barrachais chun cuidiú le féilte áirithe suíomh gréasáin a fhorbairt. Imeachtaí Oiliúna Féile: d'eagraigh Comhairle Contae Chorcaí sraith seisiún oiliúna sa mhargaíocht dhigiteach ar líne chun eagraithe féilte i mí Eanáir agus mí na Samhna 2021 agus soláthraíodh imeacht oiliúna um 'Fhorbairt Féilte' i mí na Nollag 2021.

Gníomhaíochtaí ar tugadh fúthu mar fhreagairt ar COVID-19:

An aip Thurasóireachta ‘Explore Cork’

Aip thurasóireachta is ea an aip ‘Explore Cork’ a d’fhorbairt an tAonad Turasóireachta sa Stiúrthóireacht um Fhorbairt Gheilleagrach, Fiontraíochta agus Turasóireachta i gcomhar leis an Stiúrthóireacht um TFC agus seoladh í i mí na Bealtaine 2021. Áirítear léi os cionn 850 áit le feiceáil agus rudaí le déanamh i gCorcaigh.

Tá an aip saor in aisce ar fáil anois i 4 theanga (an Béarla, an Ghaeilge, an Fhraincis agus an Ghearmáinis). Is féidir í a íoslódáil ó aipmhargaí Apple agus Google Play agus tá sí ar fáil trí bhrabhsálaí gréasáin freisin ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Chorcaí. Is é ‘Explore Cork’ an chéad aip den chineál seo le bheith forbartha ag Údarás Áitiúil in Éirinn agus cruthaíodh í sna sála ar rath na léarscáile gréasánbhunaithe ‘Rediscover Cork County GIS Tourism Map’ a seoladh sa samhradh in 2020 mar thionscnamh faoin tionscadal ACT.

Forléargas ar ghníomhaíocht mhargaíochta na haipse Explore Cork in 2021		
Gníomhaíocht	Mionsonraí	Dátaí
Feachtas Fairsing Fógraíochta Priontáilte	Nuachtáin áitiúla agus réigiúnacha, forlíontaí um shaoirí sa bhaile agus foilseacháin turasóireachta ar leith	dátaí éagsúla idir mí na Bealtaine agus mí
	Nuachtáin áitiúla agus réigiúnacha, forlíontaí um shaoirí sa bhaile agus foilseacháin turasóireachta ar leith	Dheireadh Fómhair
Fógraíocht ar an raidió	Urraíocht a dhéanamh ar Cork Diary ar 96fm i mí an Mheithimh 2021 agus urraíocht a dhéanamh ar Cork Diary C103 idir mí an Mheithimh agus mí Lúnasa 2021	Meitheamh-Lúnasa
Léiriú Físeáin	Físeán réamhfhógra 30 soicind léirithe: https://www.you-tube.com/watch?v=n3OYYrXs-8 Físghrafaic faisnéise 1 nóim 30 soicind léirithe: https://www.youtube.com/watch?v=M8wdFSUctk8	Meitheamh
Láithreach ar imeachtaí ar líne	Tech Fest: Both tiomnaithe Explore Cork Comhdháil Asia Matters: craoladh aip réamhfhógra Explore Cork i láthair lucht mór féachana	25-27 Bealtaine
Feachtas Clár Fógraí	Sna háiteanna seo a leanas: an Ráth, Eochail, Mala, Droichead na Bandan, Maigh Chromtha, Timpeallán an Aerfoirt i dtreo Chionn tSáile, Tivoli, Dún Mánmhaí	Dátaí éagsúla idir mí na Bealtaine agus mí Lúnasa
Sócmhainní fisiciúla margaíochta	Scaipeadh cártaí promóisin a raibh cruth pubaill orthu ar thaitneamhachtaí turasóireachta agus óstlanna ar fud Chathair Chorcaí agus Chontae Chorcaí	Samhradh 2021
Feachtais fógraíocht sna meáin shóisialta	Facebook: <ul style="list-style-type: none"> Feachtas 1: 14 Meitheamh-14 Iúil Feachtas 2: 4 Lúnasa–3 Meán Fómhair Instagram: <ul style="list-style-type: none"> Feachtas 1: 14–21 Meitheamh Feachtas 2: 6 Iúil-3 Meán Fómhair Google Adverts <ul style="list-style-type: none"> Feachtas: 6 Iúil-3 Meán Fómhair 	Dátaí éagsúla idir mí an Mheithimh agus mí Mheán Fómhair

Coiste um Beartais Straitéiseacha Uimh. 4 – Turasóireacht

Bhuail an Coiste um Beartais Straitéiseacha Turasóireachta le chéile ceithre huair in 2021 agus réachtáladh gach ceann de na cruinnithe trí Microsoft Teams.

Cuireadh na nithe seo a leanas i láthair an choiste um beartais straitéiseacha in 2021:

- An t-eolas is deireanaí maidir le gníomhaíocht Visit Cork, Jeremy Murray, Visit Cork.
- An t-eolas is deireanaí maidir le tionscnaimh reatha Sean-Oirthear na hÉireann inar cuireadh béim ar Oirthear Chorcaí, Mary Houlihan, Failte Ireland.
- Taispeántas den aip Explore Cork , Kathryn White agus Dan Mitchell, Vitamin Cornwall.
- An t-eolas is deireanaí maidir le tionscnaimh chistithe le gairid de chuid Failte Ireland curtha in iúl go gonta, Rose Carroll, Oifigeach Forbartha Turasóireachta, Comhairle Contae Chorcaí.
- An t-eolas is deireanaí maidir le tionscnaimh thurasóireachta le gairid, lena n-áirítear an aip Explore Cork, curtha in iúl go gonta, Rose Carroll, Oifigeach Forbartha Turasóireachta, Comhairle Contae Chorcaí.
- Eurovelo 1 - leas d'Iarthar Chorcaí - John Slattery, Innealtóir Sinsearach, an Oifig Dearthóireachta Réigiúnach agus Áitiúil.
- Taispeántas den bhróisiúr digiteach West Cork Digital Brochure – Seamus Heaney, Ceannasaí Visit Cork agus Jeremy Murray, Treoirchúntóir Tiontúcháin, Visit Cork.
- An t-eolas is deireanaí maidir le tionscnaimh thurasóireachta reatha ag Comhairle Contae Chorcaí – Tuisceart Chorcaí – Mary Hayes, Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, Ceantair Bhardasacha Cheann Toirc/Mhala agus Mhainistir Fhear Maí.
- An t-eolas is deireanaí maidir leis an aip Explore Cork', lena n-áirítear gníomhaíocht mhargaíochta agus anailísíocht – Rose Carroll, Oifigeach Forbartha Turasóireachta.
- An t-eolas is deireanaí maidir le forbairt agus seoladh Chonair Mhichíl Uí Choileáin - James Dwyer, Innealtóir Sinsearach Feidhmiúcháin, Oibríochtaí Ceantar Bardasach agus Forbairt Tuaithe.

PLEAN FIONTRAÍOCHTA AN IARDHEISCIRT

Maidir le Plean Fiontraíochta Réigiúnach an Iardheiscirt, díríodh i gcuid mhaith den ghníomhaíocht in 2021 ar an bPlean a chríochnú go dtí 2020 agus plean athbhreithnithe a ullmhú go dtí 2024. In 2021 foilsíodh an tuairisc dheiridh ar dhul chun cinn de Phlean Fiontraíochta Réigiúnach an Iardheiscirt go dtí 2020 lenar tugadh an leagan seo de Phlean Fiontraíochta Réigiúnach an Iardheiscirt chun críche. Rangáíodh bearta sna ceithre chatagóir thíos le go bhféadfadh an Coiste Stiúrtha measúnú deiridh a dhéanamh ar leibhéal an chuir i bhfeidhm a baineadh amach le linn na tréimhse idir 2019 agus 2020 a chur i láthair:

Críochnaithe: Mheas an Coiste gur cuireadh na bearta seo i gcrích go hiomlán laistigh de scóip agus saolré Phlean Fiontraíochta Réigiúnach an Iardheiscirt go dtí 2020.

Tús curtha le bearta ach tuilleadh oibre ag teastáil: Mheas an Coiste gur cuireadh tús leis na bearta seo agus go ndearnadh dul chun cinn suntasach leo le linn shaolré an Phlean, cé nár cuireadh i gcrích iad, agus go leanfar leo toisc gur minic a bhíonn tréimhse soláthair tionscadail níos faide ná tréimhse an phlean féin.

Níor cuireadh tús le bearta: Mheas an Coiste nár cuireadh tús leis na bearta seo fós nó nach ndearnadh dul chun cinn dóthanach leo laistigh de scóip agus saolré Phlean Fiontraíochta Réigiúnach an Iardheiscirt go dtí 2020.

Plean Fiontraíochta Réigiúnach an Iardheiscirt	
Líon Iomlán Beart	23
Críochnaithe	8
Tús curtha leis an mbeart ach tuilleadh oibre ag teastáil	12
Níor cuireadh tús leis an mbeart fós	3

Cheap an Rialtas Coiste Stiúrtha nua a bhfuil ionadaí ón earnáil phróibháideach ag déanamh cathaoirleacht air. Is í Patricia Quane, iarLeasuachtarán Astellas, atá ar scor, an Cathaoirleach san Iardheisceart.

Agus Plean Fiontraíochta Réigiúnach an Iardheiscirt á chur le chéile go dtí 2024, thug an Roinn Fiontar, lena n-áirítear Cathaoirligh na gCoistí Stiúrtha Réigiúnacha, ionadaithe ó ghníomhaireachtaí, bainisteoirí clár agus príomheagraíochtaí eile a ndéantar ionadaíocht dóibh sna Coistí Stiúrtha Réigiúnacha, faoi bhabhta seisiún comhairliúcháin tosaigh le príomhpháirtithe leasmhara. Tugadh faoi chuid mhaith den obair nuair a bhí srianta COVID-19 i bhfeidhm agus bhí ar an gCoiste Stiúrtha Réigiúnach bualadh le chéile i seisiún fhíorúla. Chuir Coiste Stiúrtha an Iardheiscirt Foireann um Sholáthar Cláir ar bun don phróiseas ina ndréachtófaí an plean go dtí 2024 faoi stiúir chathaoirleach an Choiste Stiúrtha.

Dírítear sa Phlean Fiontraíochta Réigiúnach nua seo don Iardheisceart go dtí 2024 ar an todhchaí agus tá sé bunaithe ar roinnt tosaíochtaí, lena n-áirítear:

- An t-éiceachóras fiontraíochta ar fud an réigiúin a neartú,
- Poitéinseal na fiontraíochta digití agus na mol nuálaíochta sa réigiún a uasmhéadú,
- Tacú le heagraíochtaí braisle san Iardheisceart,
- An réigiún a fhorbairt mar eiseamláir de Tháirgeadh Bia inbhuanaithe agus Teicneolaíocht Talmhaíochta den chéad scoth,
- Glacadh leis na deiseanna a bhaineann le Gníomhú ar son na hAeráide, agus
- Soláthar seasta daoine cumasacha sa réigiún a chinntiú.

Trí chomhoibriú réigiúnach leanúnach, comhroinnt eolais agus dearcadh atá dírithe ar réitigh, is féidir athrú réadúil agus marthanach a dhéanamh don Iardheisceart agus don téarnamh geilleagrach náisiúnta comhchoiteann trí na bearta sa Phlean seo.



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

Airgeadas



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

AIRGEADAS

Tá an Rannóg Airgeadais freagrach as bainistíocht fhoriomlán airgeadais acmhainní Chomhairle Contae Chorcaí. Tá na híocaíochtaí ar fad i measc a cuid dualgas, lena n-áirítear íocaíochtaí le creidiúnaithe, íocaíochtaí párolla, aisíocaíochtaí iasachta agus préimheanna árachais. Tá an Rannóg freagrach as taifeadtaí airgeadais a choinneáil, comhlíonadh a chinntiú i dtaca le tuarascálacha agus tuairisceáin airgeadais agus maoirseacht ar bhainistíocht ioncaim lena n-áirítear deontais agus fóirdheontais rialtais. Áirítear lena cuid dualgas rátaí tráchtála a bhailiú, árachas, mótarcháin, bainistiú fiachais ar iasachtaí tithíochta agus comhairle agus maoirseacht i dtaca le soláthar.

Tá an Rannóg freagrach as na nithe seo a leanas freisin:

- Obair chun an Buiséad Bliantúil a ullmhú agus a chur i láthair (€348m, 2021)
- Clár Caipitil Trí Bliana (€998m, 2021-2023)
- Ráiteas Airgeadais Bliantúil

Agus í i mbun oibre, téann an Rannóg Airgeadais i dteagmháil le Comhaltaí Tofa agus i gcomhairle le Stiúrthóireachtaí agus Oifigí eile ar bhonn rialta. Forbraíonn agusforfeidhmíonn sí beartais agus struchtúir airgeadais do Chomhairle Contae Chorcaí agus soláthraíonn sí seirbhísí tacaíochta don eagraíocht. Áirítear leis na príomhaonaid laistigh den Rannóg Airgeadais:

- Iasachtaí Tithíochta
- Párolla
- Íocaíochtaí
- Árachas
- Soláthar
- Cuntasaíocht Airgeadais
- Cuntasaíocht Bhainistíochta
- Mótarcháin
- Rátaí agus Bailiú íocaíochtaí
- ar Áiteanna Cónaithe Príobháideacha Neamhphríomha
- Bainistíocht Chiste

Rátaí Tráchtála

Bailíodh €100.4M san iomlán in 2021 trí Rátaí Tráchtála maidir le timpeall 12,450 oidhreachtán ar fud Chontae Chorcaí. Cuireadh €1m den tsuim seo i leataobh lena úsáid i gCiste Forbartha Geilleagraí na Comhairle. Cuir €0.95M eile i leataobh i gcomhair Chiste Forbartha Baile na Comhairle, a dearadh chun cuidiú leis na Ceantair Bhardasacha chun tacú le forbairt baile áitiúil.

Mar fhreagairt ar thionchar dian COVID-19 agus na srianta a bhaineann leis ar an earnáil tráchtála, thug an Rialtas scéim eile um tharscaoileadh atá níos teoranta don chéad Ráithe den bhliain 2021. Ba le hÍocóirí rátaí sna hearnálacha Fáilteachais, Siamsaíochta, Fóillíochta, Miondíoltóireachta, Sláinte agus Cúraim Leanaí a bhain an scéim athbhreithnithe den chuid is mó. Leathadh an scéim seo ina dhiaidh sin chun an dara agus an tríú ráithe den bhliain 2021 a chuimsiú. Bhí timpeall 41% de na hÍocóirí rátaí ar fad cáilithe agus cuireadh €16.74m ina gcuid cuntas.

Cuireadh scéim eile a bhí ní ba spríodchírthe i bhfeidhm don ráithe dheiridh den bhliain 2021. Ba le gnólachtaí sna hearnálacha Fáilteachais, Fóillíochta agus Turasóireachta a bhain an tarscaoileadh seo den chuid is mó. Bhí timpeall 13% d’Íocóirí rátaí i dteideal an tarscaoileadh seo a fháil agus cuireadh €2.33m san iomlán ina gcuid cuntas. Cuireadh suim €19.07m san iomlán i gcuntais rátaí in 2021.

Chuaigh an Oifig um Bailiú Rátaí i dteagmháil le hÚinéirí gnólachtaí le linn na bliana chun roghanna agus socruithe solúbtha íocaíochta a phlé agus chun comhairle a thabhairt maidir leis na tacaíochtaí ábhartha éagsúla a bhain le COVID-19 a bhí ar fáil.

Mótarcháin

Lean Rannóg Mótarchánach na Comhairle de sheirbhísí poist a sholáthar do Chontae Chorcaí agus Cathair Chorcaí le linn na bliana 2021, chomh maith le seirbhísí cuntair trí choinní éigeandála le linn thréimhsí dianghlasála leibhéal 5 COVID-19 agus gnáthchoinní cé is moite de sin. Tá seirbhísí cuntair ag feidhmiú go hiomlán trí choinní amháin ó mhí Lúnasa 2021 agus tá bosca poist ar an láthair mar rogha bhreise chun iarratais phráinneacha a eisiúint an lá dár gcionn. Tháinig ardú ar iarratais tríd an bpost le linn 2021 agus ba ar an gcaoi sin a próiseáladh formhór na n-idirbheart in Oifig Mótarchánach Chorcaí. In 2021, bailíodh €13.5m mar tháilí Mótarchánach agus aistríodh an t-ioncam seo chuig an rialtas láir. Chuir an Oifig Mótarchánach 86,929 idirbheart i gcrích in 2021 agus eisíodh 59,050 diosca mótarchánach san iomlán. I dteannta athnuachaintí mótarchánach, phléigh an Oifig Mótarchánach le saincheisteanna mótarchánach nach féidir a láimhseáil ar líne faoi láthair, lena n-áirítear plátaí trádála, aisíocaíochtaí, feithiclí díolmhaithe, fiosrúcháin ón nGarda Síochána agus ó aturnaetha agus clárúcháin leantóirí.

Árachas

Coinníonn agus bainistíonn an Rannóg Árachais na beartais éagsúla árachais atá i bhfeidhm lena chinntiú go bhfuil cumhdach leordhóthanach ann le haghaidh na rioscaí a thagann chun cinn sa réimse leathan oibríochtaí den Chomhairle. Tá

beartais i bhfeidhm freisin chun sócmhainní Chomhairle Contae Chorcaí a chosaint.

Faigheann an rannóg seo gach éileamh maidir le Dlíteanas Poiblí agus Dlíteanas Fostóra agus oibríonn sí le hárachóir na Comhairle, Comhlachtaí Poiblí na hÉireann, chun na héilimh seo a láimhseáil.

Iasachtaí Tithíochta

Déanann an Housing Loans Collection Unit (an tAonad Bailithe Iasachtaí Tithíochta) maoirseacht ar bhailiú íocaíochtaí ar iasachtaí tithíochta i dtaca le réimse cineálacha iasachtaí agus oibríonn sé le hiasachtaithe a bhfuil deacracht acu lena n-aisíocaíochtaí morgáiste chun a riaráiste a laghdú tríd an Mortgage Arrears Resolution Process (Próiseas Réitithe Riaráiste Morgáiste).

Tá COVID-19 tar éis tionchar suntasach a bheith aige ar acmhainn iasachtaithe áirithe a n-aisíocaíochtaí míosúla a dhéanamh. Mar thoradh ar an rogha síneadh ama a chur le sosanna morgáiste go dtí 2021 agus ar an tríú síneadh ama a fógraíodh mar rogha i mí Eanáir 2021, bhí iasachtaithe in ann a gcuid íocaíochtaí a chur ar fionraí suas go dtí 12 mhí ar a mhéad gan ús a fhabhrú ar na híocaíochtaí a cailleadh. Faoi dheireadh na bliana, bhí figiúr carnach de 118 iarratas próiseáilte i gcomhair sos tosaigh agus lean 69 de na hiarratasóirí seo de shíneadh ama a chur lena sos go dtí tréimhse shosa amháin eile ar a laghad.

D'ainneoin an tionchair a bhí ag géarchéim COVID-19, soláthraíodh roinnt réitigh fadtréimhseacha ar mhorgáistí neamh-iniompartha le linn na bliana 2021. Rinneadh athstruchtúrú ar 21 iasacht Úinéireachta Roinnte agus bhí iasachtaithe reatha a raibh deacrachtaí acu in ann úinéireacht 100% a lorg ar a dteaghaisí tríd an gCothromas Cíosa ar a réadmhaoin a fháil agus aisíocaíochtaí a shocrú ar leibhéal inacmhainne. Cuireadh trí chás Morgáiste go Cíos i gcrích in 2021 freisin, inar ceadaíodh d'úinéirí teaghaise a raibh deacrachtaí suntasacha airgeadais acu fanacht ina dteaghaisí trí úinéireacht a aistriú go toilteanach chuig an Údarás Áitiúil agus tionóntaí tithíochta sóisialta a dhéanamh díobh féin. Lena chois sin, laghdaíodh an líon iasachtaí tithíochta go dtí 4, laghdú ó 8 ag deireadh 2021.

Iarratais ar fhaisnéis faoi reachtaíocht Éireannach agus Eorpach

Le linn na bliana 2021 fuair an Stiúrthóireacht Airgeadais 23 iarratas Saorála Faisnéise agus dhá iarratas faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) agus d’fhreagair sí do na hiarratais sin.

Soláthar

Tá an Rannán Soláthair ag leanúint de chomhairle agus treoir a chur ar fáil d'fhoireann na stiúrthóireachta agus de chúnamh a thabhairt do cheannaitheoirí chun an soláthar lena bhfuil an luach is fearr a fháil thar ceann na Comhairle.

Tá an rannán fós ina chainéal idir comhlachtaí náisiúnta soláthair agus an Chomhairle agus léirmhíníonn siad agus scaipeann siad reachtaíocht agus treoracha d'fhoireann na Comhairle.

Coinníodh agus nuashonraíodh lárthaisclann teimpléad agus treoirdhoiciméad le linn 2021 agus i dtreo dheireadh na bliana chuir an Rannán Soláthair tús le Tairseach Sholáthair nua a chuirfear ar Thairseach Foirne na Comhairle. Táthar ag súil go gcuirfear obair ar an Tairseach nua i gcrích agus i bhfeidhm go luath sa bhliain 2022 agus go gcuirfear leabharlann doiciméad teimpléadach agus treorach soláthair ar fáil inti ar mhaithe le baill foirne a mbíonn baint acu le hoibreacha, earraí agus seirbhísí a sholáthar thar ceann na Comhairle.

D'fhreastail baill foirne den Rannán Soláthair ar roinnt fóram d'Oifigigh Soláthar, seimineáir ghréasáin náisiúnta agus Ceardlanna Soláthair lena gcuid eolais agus scileanna féin a nuashonrú. Ghlac baill foirne páirt i roinnt de na fóraim sin a bhain go sonrach lena ról agus lena réimse oibre féin.

Tá Soláthar Poiblí Glas mar phríomhchúram ag an rannán, mar a bheidh as seo amach, agus oibreoidh an rannán i gcomhar le baill foirne den Stiúrthóireacht lena chinntiú go leanfaidh an Chomhairle dá cuspóirí um ghníomhú ar son na haeráide a chomhlíonadh trí uasoiliúint leanúnach agus oiliúint a chur ar fáil maidir le soláthar glas.

Sliocht as Dréachtráiteas Airgeadais Bliantúil 2021:		
Cuntas Ioncaim	2021	2020
Caiteachas Iomlán	363,453,616	386,081,711
Ioncam Iomlán	392,427,841	410,177,623
Barrachas na nAistrithe ón mbliain roimhe sin	28,974,225	24,095,912
Aistriú chuig Cúlchistí	28,909,081	24,017,971
Barrachas/(easnamh) foriomlán don BHLIAIN	65,144	77,941
Cúlchiste Tosaigh @ 1 Eanáir 2021	7,530,107	7,452,166
Cúlchiste Deiridh @ 31 Nollaig 2021	7,595,251	7,530,107
Ráiteas ar Staid an Airgeadais	2021	2020
Sócmhainní Dochta	7,407,762,426	7,326,395,437
Obair idir Lámha agus Réamhspeansais	364,344,861	233,009,062
Féichiúnaithe Fadtéarma	152,744,946	154,911,445
Sócmhainní Reatha		
Stoc	711,207	626,649
Féichiúnaithe Trádála agus Réamhíocaíochtaí	115,378,871	110,794,081
Infheistíochtaí Bainc	280,387,927	194,644,030
Airgead sa Bhanc	2,817,244	5,061,565
Airgead faoi Bhealach	35,930	35,930
Iomlán na Sócmhainní Reatha	399,331,178	311,162,255
Dlíteanais Reatha		
Rótharraingt Bhainc	0	0
Creidiúnaithe agus Méideanna Fabhraithe	206,857,217	138,949,891
Glansócmhainní Reatha	206,857,217	172,212,364
Creidiúnaithe (Méideanna dlite tar éis aon bhliana amháin)		
Iasachtaí Iníoctha	299,703,940	290,935,587
Éarlaisí In-aisíoctha	20,882,934	19,510,685
Eile	33,685,725	29,860,090
	354,272,600	340,306,362
Glansócmhainní	7,763,053,595	7,546,221,946



Oibríochtaí Ceantar Bardasach agus Forbairt Tuaithe



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

OIBRÍOCHTAÍ CEANTAR BARDASACH AGUS FORBAIRT TUAITHE

Ceantair Bhardasacha

Bunaíodh an Stiúrtóireacht um Oibríochtaí Ceantar Bardasach agus Forbairt Tuaithe in 2014 d'fhonn an ról glactha ag Ceantair Bhardasacha chun freastal ar shaoránaigh Chontae Chorcaí a threisiú. Cuireann na Ceantair Bhardasacha réimse leathan seirbhísí ar fáil,

lena n-áirítear Maoir Scoile a sholáthar, páirceáil bhaile, srianadh bruscair agus glanadh sráideanna a reáchtáil agus reiligi agus áiteanna súgartha a chothabháil. Tá na Ceantair Bhardasacha freagrach freisin as tionscadail arna gcistiú trí scéim deontais náisiúnta a sholáthar, lena n-áirítear an Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, an Scéim um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh agus CLÁR. In 2021, bhíodas in ann leanúint de thacaíocht a thabhairt do thart ar 600 grúpa mar gheall ar an gciste um Leithdháileadh Ginearálta Bardasach agus tacaíodh lena lán tionscadal a rangáítear faoi Dheontais Chonláiste, Deontais Chaipitil agus Scéimeanna Conartha Pobail. Tá Rannóg na nAiltirí, an tSeirbhís Leabharlainne agus an tSeirbhís Ealaíon mar chuid den stiúrtóireacht freisin.

Leithdháileadh Ginearálta Bardasach, 2021

In 2021 ba é €1.8m an Leithdháileadh Ginearálta Bardasach agus leithdháileadh thart ar €1.7m ar an gCiste Pobail.

- Droichead na Bandan/Cionn tSáile – €152,182
- Iarthar Chorcaí – €169,200
- Mainistir Fhear Maí – €232,500
- Carraig Uí Leighin – €188,598
- Cobh – €187,244
- Maigh Chromtha - €231,303
- Ceann Toirc/Mala – €280,400
- Oirthear Chorcaí – €241,300

Scéim an Chiste Caipitil

53 Eagraíocht rannpháirteacha
€609,000 caite.

Scéim an Chiste Conláiste

374 Grúpa i ngach ceann de na 8 gCeantar Bhardasacha
€645,445 caite.

Conarthaí Pobail

Rinne an Chomhairle conradh pobail le 135 grúpa - Bailte Slachtmhara den chuid is mó.
€415,182 caite.

An tionscadal ACT - Activating County Towns

Faoin tionscadal ACT, dhírigh Comhairle Contae Chorcaí ar 23 baile ar fud Chontae Chorcaí d'fhonn a chinntiú go bhféadfaidís leas a bhaint as sraith beart arna ndearadh chun muinín a thabhairt do na hearnálacha gnó, miondíola agus pobail trí chistiú atá spriodhártha dá dtugtar tús áite.

Bhí comhaltaí tofa, baill foirne ón gCeantar Bardasach, ó Oibríochtaí Bóthair, ó na Stiúrtóireachtaí um Thurasóireacht agus Forbairt Gheilleagrach agus ionadaithe ó na Comhlachais Tráchtála, na Comhairlí Pobail, Coistí na mBailte Slachtmhara, an Garda Síochána agus ionadaithe gnó agus turasóireachta mar chuid de na Foirne Baile. Ar fud na 8 gCeantar Bhardasacha áiríodh leis na tionscadail:

Spásanna i gcomhair béilí amuigh faoin aer a sholáthar.

Críochnaíodh an obair chun na sráideanna a chur in oiriúint d'áiteanna i gcomhair béilí amuigh faoin aer in Castle Hotel, in TP Cotter agus in Fitzgerald's Café. Suiteáladh binsí picnice breise in Fitzgerald's Square béilí amuigh faoin aer a éascú sa chuid seo den bhaile.



Forscáthanna sráide a shuiteáil.

Dírítear sa tionscadal seo ar an Centre Block sa Phasáiste a athnuachan agus ar chuspóir nua a chur leis trí spás clúdaithe pobail amuigh faoin aer a chur ar fáil. Beidh an spás seo ina chuidiú le trádáil faoin aer a éascú, beocht a chur i lár an bhaile agus 'am fanachta' cuairteoirí ar an mbaile a mhéadú trí áit faoi scáthlán agus suíochánra breise a sholáthar. Tá an scáthbhrat inghiorraithe suiteáilte anois agus tá na soithí plandaí agus an suíochánra ar na bacáin.



Oibreacha feabhsaithe sa ríocht poiblí

Suíochánra agus soithí plandaí a shuiteáil in áiteanna ar fud bhaile Mhainistir na Corann in Páirc Baby's Walk, Páirc Middleton Lodge, Riverside Way agus Carrchlós Bailick.



Múrphictiúir

Tá na Stoney Steps lonnaithe an-ghar do phríomhbhealach Chionn tSáile agus chuir Comhlachas Turasoireachta agus Gnó Chionn tSáile smaoinemh faoi bhráid Oifig Comhairle Chionn tSáile na céimeanna a phéinteáil. Bhí comhairleoirí Cheantar Bardasach Dhroichead na Bandan-Chionn tSáile go mór i bhfách leis an smaoinemh agus chuir siad a séala le cistiú don tionscadal. Ba iad Splattervan na healaíontóirí a roghnaíodh agus roghnaigh siad Anne Bonny mar phearsa stairiúil ón gceantar agus chuaigh siad i mbun comhairliúchán pobail le haghaidh scéalta agus smaointe faoina saol. Rinneadh na hoibreacha i mí an Mheithimh 2021 agus is léir go bhfuil tóir orthu i measc mhuintir na háite agus turasóirí agus gur píos ealaíne suntasach sa bhaile iad.



Ardáin banna ceoil faoi dhíon

Díríodh sa tionscadal seo ar chlúdach síondíonach a shuiteáil don chuid den pháirc thart ar an ardán banna ceoil agus moladh é ar dtús ag cruinnithe de chuid choiste an tionscadail ACT i gCarraig Uí Leighin. Ba í Clr Marcia D'Alton, Cathaoirleach Cheantar Bardasach Charraig Uí Leighin a sheol an forscáth go hoifigiúil ar an 29 Lúnasa 2021. Táthar tar éis áit lárnach a dhéanamh de i gCarraig Uí Leighin agus tá scóip ann i gcomhair imeachtaí faoin aer, cruinnithe pobail, ceolchoirmeacha ar scála beag, etc. san am atá le teacht.



Áirítear seastáin nua rothar agus tionscnaimh nua pháirceála leis na tionscadaileile.

Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte Rinn an Scidigh, Feabhsú na Ríochta Poiblí

In 2021, d'aontaigh Comhairle Contae Chorcaí, i gcomhar leis an bpobal, dearadh le haghaidh tionscadal ríochta poiblí ag Rinn an Scidigh. Cisteofar na hoibreacha seo trí Shochar Pobail €1m ag eascairt ó Chead Pleanála Chialafort Chorcaí. Thug an Chomhairle faomhadh iomlán don iarratas pleanála de Chuid 8 ar an 27 Meán Fómhair 2021 agus tá AECOM Consultants ag céim an mhiondeartha leis anois. Tá sé beartaithe tús a chur leis na hoibreacha in 2022.

Ionad Pobail Rinn an Scidigh

Fuair Ionad Pobail Rinn an Scidigh €100,000 ón Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, 2019 lena athfhorbairt. Feabhsófar éifeachtúlacht fuinnimh agus rochtain agus uasghrádófar na hurláir agus an chistin san ionad mar gheall ar na hoibreacha. Mar thoradh ar shrianta tógála ag baint le COVID-19, níor cuireadh tús leis na hoibreacha seo go dtí 2021. Táthar ag súil go gcríochnófar an tionscadal in 2022.

Coolagown

Fuarthas cistiú €165,000 in 2020 faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte chun feabhsuithe ríochta poiblí ar bhealaí isteach agus ar chroílár an tsráidbhaile lena n-áirítear limistéar coisithe/páirceála dhá fheidhm, comharthaí agus cláir eolais. Ceapadh conraitheoir in 2021 agus cuireadh tús le hoibreacha soilsithe poiblí. Suiteáladh soilsiú poiblí agus fálta teorann. Críochnaíodh líniú don bhealach isteach ón N72. Críochnófar an moilliú tráchta, na cosáin agus an t-athdhromchlú bóthair ar fad eile in 2022.

Dún ar Aill

Fuarthas cistiú €145,000 in 2019 faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte chun gníomhaíochtaí ríochta poiblí lena n-áirítear soithí nua plandaí, suíochánra saincheaptha, athchóiriú agus uasghrádú crann, troscán nua sráide, mionfheabhsuithe bóithre agus scéim péinteála. Cuireadh an tionscadal trí Phróiseas Pleanála Chuid VIII in 2021, lena n-áirítear rannpháirtíocht pobail agus cuireadh tús le hoibreacha ríochta poiblí i mí na Nollag 2020. Leanfar le hoibreacha ríochta poiblí eile ar Chrois Churrach na hInse, Turnpike Cross agus an Phríomhshráid/Acomhal Bhóthar an Chlochair in 2022.

Coill an Ghleanna Bhodhair

D'éirigh le hiarratas ar chistiú chun athsholáthar trí dhroichead coisithe i gCoill an Ghleanna Bhodhair, Cill la a éascú agus leithdháil an Roinn €36,000 ar an tionscadal seo. Críochnaíodh an dearadh mionsonraithe. Faomhadh deontas breise €10,000 ón Scéim Feabhsaithe Sráidbhailte, 2021 arna reáchtáil ag an gComhairle ag cruinniú an Cheantair Bhardsaigh i mí na Nollag.

Eaglais Choláisteach Mhuire, Eochail:

Eispéreas cuartaíochta tumthach is ea Voice of St Mary's ag Eaglais Choláisteach Mhuire agus seoladh é in 2021. Is féidir éagsúlacht meán léirmhíneach a úsáid le páirt a ghlacadh in 'Voices of St Mary's' agus le breathnú ar bhrí agus tábhacht na láithreach.

Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte - Beart luathaithe mar fhreagairt ar COVID-19

In 2020, léiríodh i leagan amach na Scéime Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte an staid maidir le COVID-19 agus cuireadh trí bhabhta cistithe luathaithe beart chun tacú le hoibreacha sa ríocht phoiblí a bheadh ina gcuidiú ag freagairt an phobail agus gnólachtaí ar COVID-19. D'éirigh le trí thionscadal cistiú a fháil. Mar gheall ar shrianta ag baint le COVID-19, cuireadh tús le hoibreacha ar na tionscadail seo in 2021 agus tá siad ar fad críochnaithe anois.

Baile na Martra

Faomhadh deontas €25,000 faoi Bhearta Luathaithe na Scéime Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, 2020 chun forbairt siúlbealaigh línigh ó shráidbhaile Bhaile na Martra feadh Bhóthar Droichead na Scuab go dtí bealach isteach Ionad Saoire/Foraoiseachta Bhaile na Martra a pháirtchistiú.

Old Bridewell Gaol, Eochail

D'éirigh leis an gComhairle agus fuair sí deontas €38,000 i gcomhair comhthogra idir Comhairle Contae Chorcaí, Bailte Slachtmhara Eochaille agus Tesco Eochaille chun gairdín pobail ag Old Bridewell Gaol, Bóthar an Mhuilinn, Eochail a fhorbairt. Cuimseofar sa tionscadal gairdín pobail geataithe lena n-áirítear úllord uirbeach, ceapóga ardaithe, suíochánra agus clós.

Crois an Bharraigh

Bronnadh €36,000 ar Cheantar Bhardasach Dhroichead na Bandan-Chionn tSáile i gcomhair oibreacha forleagain ar Crossbarry Ambush Memorial Park (Páirc Chuimhneacháin Luíochán Chrois an Bharraigh). Cuireadh na hoibreachaí gcrích i mí Lúnasa 2021.

Bun an Tábhairne

Bhain an togra le bearta spriocdhírthe chun nascacht agus rochtain a fheabhsú sa sráidbhaile, chun líon na gcustaiméirí agus chun gníomhaíocht gheilleagrach mhéadaithe a éascú. Áiríodh leis na bearta seo feabhsúchán ar chuid den bhalla iarnróid sa bhealach isteach go Bun an Tábhairne, tob-ollphubail i gcomhair féilte a cheannach, binsí don Ghairdín Pobail a cheannach agus seastáin rothar a cheannach.

An Pasáiste – Centre Block

Dírítear sa tionscadal seo ar an Centre Block sa Phasáiste a athnuachan agus ar chuspóir nua a chur leis trí spás clúdaithe pobail amuigh faoin aer a chur ar fáil. Beidh an spás seo ina chuidiú le trádáil faoin aer a éascú, beocht a chur i lár an bhaile agus 'am fanachta' cuairteoirí ar an mbaile a mhéadú trí áit faoi scáthlán agus suíochánra breise a sholáthar. Tá an scáthbhrat inghiorraithe suiteáilte anois agus tá na soithí plandaí agus an suíochánra ar na bacáin.

Páirc Phobail Charraig Uí Leighin

Díríodh sa tionscadal seo ar chlúdach síondíonach a shuiteáil don chuid den pháirc thart ar an ardán banna ceoil agus moladh é ar dtús ag cruinnithe de chuid choiste an tionscadail ACT i gCarraig Uí Leighin. Ba í Clr Marcia D'Alton, Cathaoirleach Cheantar Bardasach Charraig Uí Leighin a sheol an forscáth go hoifigiúil ar an 29 Lúnasa 2021. Táthar tar éis áit lárnach a dhéanamh de i gCarraig Uí Leighin agus tá scóip ann i gcomhair imeachtaí faoin aer, cruinnithe pobail, ceolchoirmeacha ar scála beag, etc. san am atá le teacht. Tugadh an tionscadal conaire/raoin sa Pháirc Phobail chun críche i mí Mheán Fómhair nuair a suiteáladh raon reatha hibrídeach. Is léir go bhfuil an-tóir ar an raon reatha, agus is áit shábháilte do reathaithe agus bogshodairí le haclaíocht a dhéanamh.

Clár Cumarsáide

Suiteáladh clár cumarsáide i bPáirc Phobail Charraig Uí Leighin i mí an Mheithimh 2021. Bíonn clár chumarsáide ina gcuidiú le háiteanna súgartha a dhéanamh níos oiriúnaí do pháistí a bhfuil neamhord de chuid speictream an uathachais orthu. Féadann páistí ar gach leibhéal cumais iad a úsáid chun bacainní teanga a shárú agus spreagtar súgradh samhlaíoch tríothu freisin.

An Scéim um Fheabhsú Sráid-dreacha faoin Scéim Athnuachana Bailte agus Sráidbhailte, 2021

Leithdháileadh €320,000 ar Chomhairle Contae Chorcaí chun tacú le haghaidheanna siopaí agus aghaidheanna sráideanna a uasghrádú agus a fheabhsú i 6 bhaile contae tríd an Scéim um Fheabhsú Sráid-dreacha. Ba iad seo na 6 bhaile:

- Maigh Chromtha
- Droichead na Bandan
- An Pasáiste
- Mainistir Fhear Maí
- Baile Chaisleáin Bhéarra
- An Ráth

An Ciste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe

2020 An Ciste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe i mBaile Mhistéala.

Oibreacha a cuireadh chun cinn in 2021 faoin scéim Ciste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe i mBaile Mhistéala. Áirítear na réimsí seo a leanas le scóip an tionscadail:

- Cearnóg King, Sráid Sheoirse,
- Sráid King., an choill taobh thiar de
- Kingston College agus New
- Market Square.



Leanfar de na hoibreacha in 2022.

2021 An Ciste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe - Mainistir Fhear Maí

I Mainistir Fhear Maí, treoríodh Comhairle Contae Chorcaí soláthar Tionscadail Athnuachana i gcomhair Lár Bhaile Mhainistir Fhear Maí agus díreofar ar athúsáid oiriúnaitheach agus inbhuanaithe foirgneamh stairiúil agus folamh i lár an bhaile agus ar fheabhsuithe ríochta poiblí agus conláiste lena dtacófar le hathnuachan gheilleagrach, shóisialta, chultúrtha agus fhisiciúil Mhainistir Fhear Maí.

Soláthrófar athnuachan ar scála mór i Mainistir Fhear Maí tríd an tionscadal seo trí idirghabhálacha spriocdhírthe chun lár an bhaile a athbheochan agus é a chur chun cinn mar ionad tábhachtach beoga, inmharthana ina bhfuil éagsúlacht agus iomaíocht. Mar gheall ar an bpaindéim dhomhanda COVID-19, fágadh drochiarmhairtí suntasacha sóisialta agus geilleagracha ar cheantair thuaithe. Tá na tograí tionscadail atá mar chuid den iarratas seo freagrúil do na saincheisteanna seo agus forbraíodh iad ó iompraíochtaí sóisialta agus geilleagracha a athraíodh agus a d'eascair as na saincheisteanna seo.

Beidh soláthar an tionscadail faoi stiúir Chomhairle Contae Chorcaí i gcomhpháirtíocht le Avondhu Blackwater Partnership CLG. D'oibrigh an Chomhairle go han-dlúth le Avondhu Blackwater Partnership CLG chun an t-iarratas cistithe a chur isteach agus tugann sí aitheantas don chaidreamh oibre comhoibríoch i gcoitinne a raibh cistiú rathúil deontais faoin gCiste Athghiniúna agus Forbartha Tuaithe €1,540,000 ann dá bharr.



Scéim Feabhsaithe Sráidbhailte

I measc na sráidbhailte a bhain tairbhe as an scéim in 2021 bhí:

- Cluain Droichead
- Béal Átha an Cheasaigh
- An Gleanntán
- Cill Ia
- Droichead na Scuab
- Baile an Teampaill Theas
- An Geata Bán

Tionscadail Chistithe CLÁR in 2021, Ceann Toirc/Mala

Cuireadh tionscadail CLÁR 2020 i gcrích in 2021 agus suiteáladh cosáin nua, trasrian coisithe agus rampaí ag Scoil Náisiúnta Chill Bhraín (€45,000). Críochnaíodh carrchlós nua agus oibreacha, comharthaíocht agus marcanna bóithre gaolmhara ag Scoil Náisiúnta an Bhaile Theas (€45,448), agus suiteáladh comharthaí luais digiteacha agus rampaí moillithe ag sráidbhaile Chaisleán an Mhaignéaraigh (€12,600). D'éirigh le hiarratais Chumann Forbartha Choiscéim na Caillí (€50,000 i gcomhair oibreacha lena n-áirítear trasrian coisithe, moilliú tráchta agus feabhsúcháin ar pháirceáil san áit súgartha) agus Forbairt Pobail Chnoc na Graí (€49,999.50 faofa i gcomhair gairdín na gcéadfaí in Fairfield).



Maigh Chromtha

D'éirigh le Coiste Forbartha Pobail Bhaile na Graí faoi Bheart 2 de CLÁR 2020 agus fuair siad deontas €22,540 i gcomhair Pháirc agus Áit Súgartha Bhaile na Graí chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

- Colbhaí a sholáthar agus a shuiteáil
- Tarramhacadam chuig an gcarrchlós
- Crainn a chur
- Láthair chuimhneacháin ina bhfuil suíocháin a chruthú
- Raca agus scáthlán rothar a shuiteáil





D'éirigh le hiarratas a chuir Comhairle Contae Chorcaí in éineacht le Bailte Slachtmhara Shráid an Mhuilinn isteach chun Páirc Pailneoirí Shráid an Mhuilinn a fheabhsú agus a athchóiriú i dtionscadail faoi Bheart 2 de CLÁR 2021. D'éirigh leis an tionscadal seo chun an Pháirc Pailneoirí a athfhorbairt mar spás poiblí ina bhfuil suíocháin faoi dhíon agus bronnadh deontas €48,375 air. Reáchtáladh cruinniú ar an láthair chun an tionscadal seo a chur chun cinn agus críochnófar é in 2022.



Tionscadail Eile Tionscadal Bhéal na Bláth

Reáchtálfar comóradh céad bliain Mhichíl Uí Choileáin i mí Lúnasa 2022. Chun an ócáid shuntasach náisiúnta a chomóradh agus chun an gnátheispéireas cuartaíochta a fheabhsú, cuireadh grúpa oibre ar bun ag Comhairle Chorcaí chun breathnú ar an suíomh, i dteannta an chúla stairiúil lena fháil amach céard is féidir a dhéanamh chun an láthair a fheabhsú. Tá baill foirne Ailtreachta, Oidhreachta, Seandálaíochta agus ó na Ceantair Bhardasacha i measc chomhaltaí an ghrúpa oibre.

Reáchtáladh comhairliúchán fairsing pobail leis an gCoiste Áitiúil um Chomóradh Mhichíl Uí Choileáin de réir mar a rinneadh dul chun cinn leis an tionscadal seo. Reáchtáladh comhairliúchán freisin le hionadaithe ón Roinn Cosanta, ó Roinn an Taoisigh, ó Oifig na nOibreacha Poiblí agus ón Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán maidir le haon tionscadal féideartha atá le cur chun cinn. Tá an tionscadal á rialú ag cód deartha agus chuidigh an Dr Finola Kane, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, in éineacht le Damien Shiels, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, leis an gcód deartha seo a fhorbairt. Cuirfear an tionscadal seo chun cinn faoi Alt 38 faoi na hAchtanna um Bóithre agus cuimseofar leis bearta moillithe tráchta a thabhairt isteach ar an L2211-0 in aice le Leacht Cuimhneacháin Mhichíl Uí Choileáin ag Béal na Bláth, Contae Chorcaí.

Tá Roinn an Taoisigh, an Roinn Cosanta agus an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán ag tacú leis an tionscadal seo mar chuid de Chlár Dheich mBlíana na gCuimhneachán.

Rinneadh iarratas faoi Alt 38 den Acht um Thrácht ar Bhóithre 1994 chun bearta moillithe tráchta a thabhairt isteach in aice le Leacht Cuimhneacháin Mhichíl Uí Choileáin trí leithead an charrbhealaigh a laghdú, an dromchla agus marcanna bóthair a athnuachan, spásanna páirceála breise a chur ar fáil agus oibreacha gaolmhara a dhéanamh. Foilsíodh an t-iarratas sin agus cuireadh ar fáil é lena iniúchadh ag an bpobal ón 13 Nollaig 2021 agus ba é an 14 Eanáir 2022 an dáta deiridh le haghaidh aighneachtaí. Tá tuairisc ar an iarratas seo faoi Alt 38 á hullmhú lena faomhadh faoi láthair.

Tionscadal Athchóirithe Áit Súgartha Mhaigh Chromtha

Bhí an áit súgartha agus athchóiriú na háite súgartha mar príomhthosaíocht uasghrádaithe ag an Aire agus leithdháileadh cistiú faoi TDF 2021 don tionscadal seo. Bhí an áit súgartha bhunaidh beagnach 25 bliain d'aois ach bhí caighdeán agus sonraíocht cuid de na gnéithe inti chomh hard sin go rabhamar in ann iad a choinneáil, a athphéinteáil agus a athchóiriú. Bhí líon dreapadóireachta, aonad spraoi ilchineálaigh do pháistí beaga agus móraonad spraoi ilchineálaigh do pháistí móra i measc na mball nua a suiteáladh. Athchóiríodh agus athphéinteáladh na limistéir shuíochánra freisin. Cuireadh matra dromchla nua ar an tsaoráid iomlán freisin. Glanadh amach fásra fiáin gar don áit súgartha le go mbeidh rochtain iomlán ar an tsaoráid seo. Cuireadh suas comharthaí nua freisin. Bhain Comhairle Contae Chorcaí an tseanáit súgartha amach, dhear sí agus thóg sí an tsaoráid nua trí leithdháileadh €20,000 ar Cheantar Bardasach Mhaigh Chromtha in éineacht le cistiú €16,131 a fuarthas ón Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige faoi scéim deontais caipitil 2021.

Cistíodh na costais eile don tionscadal trí Oibríochtaí agus Forbairt Tuaithe Cheantair Bhardasacha Chomhairle Contae Chorcaí. Ba í an chuideachta áitiúil Carrigadrohid-Browne Brothers Site Services Ltd an príomhchonraitheoir don áit súgartha seo agus rinne duine dá bhfostaithe, arb as Maigh Chromtha é agus ag a bhfuil an-chleachtadh ar an gceantar, an dearadh. Críochnaíodh an t-athchóiriú ar an áit súgartha i lár mhí na Samhna 2021 agus tá an áit súgartha nua-athchóirithe ar oscailt don phobal ó shin i leith. Osclóidh Clr Gillian Coughlan, Méara Chorcaí,



an áit súgartha nua-athchóirithe seo i Maigh Chromtha, ina ndearnadh uasghrádú suntasach ar an tsaoráid agus inar suiteáladh gnéithe nua in ionad na seancheann, go hoifigiúil ar an 8 Feabhra 2022.

Áit Súgartha Chaisleán Mhala

I mí Lúnasa 2021 cuireadh críoch le roinnt tionscadail thábhachtacha bhardasacha amhail Áit Súgartha Chaisleán Mhala, a críochnaíodh ar chaighdeán an-ard agus ar áis nua í ar chuir an pobal fáilte chroíúil roimpi. Tá an-tarbhú ag baint leis an tionscadal seo d'áitritheoirí agus cuairteoirí araon i Mala agus is céim eile chun tosaigh é i bhforbairt Chaisleán Mhala mar áis agus mar cheann scríbe tábhachtach.



Bóthar Ceangail Cheann Toirc

D'oscail Clr Gillian Coughlan, Méara Chontae Chorcaí, Michael McGrath TD, an tAire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus Tim Lucey, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Chorcaí an bóthar ceangail nua €1.95m seo i gCeann Toirc i mí na Samhna 2021. Tá nascacht agus rochtain nua ar fáil don bhaile mar gheall ar an mbóthar nua seo agus beidh ról rithábachtach aige mar cheangal leis an scoil náisiúnta nua atá á tógáil ar Bhothar an Mhuilinn



Clárchosán Dhroichead Mhala

Tá Clárchosán nua Dhroichead Mhala ar oscailt anois do choisithe agus rothaithe agus tiocfaidh laghdú mór ar agaí turais agus sruth tráchta timpeall an bhaile trí na lánaí breise tráchta mar gheall air. Rud atá tábhachtach ná gur feabhsaíodh an tsábháilteacht do choisithe agus rothaithe go mór agus gur cuireadh naisc níos fearr ar fáil idir limistéar deisceartach cónaithe an bhaile agus lár an bhaile ag an am céanna.



Bhuail The West Cork Islands Interagency (Idirghníomhaireacht Oileáin Iarthar Chorcaí), a ndearna Comhairle Contae Chorcaí cathaoirleacht uirthi, le chéile ceithre huairé in 2021.

Bronnadh deontais €43,000 faoi scéim deontais The West Cork Islands Community (Pobal Oileáin Iarthar Chorcaí) ar naoi dtionscadal ar na hoileáin áitrithe.



Ionad Pobail Fhaoide



Deontas caipitil ó Ceantar Bardasach Iarthar Chorcaí chun cuidiú le troscán agus feistis

Oscailt oifigiúil Ballineen & Enniskeane Heritage Trail (Conair Oidhreachta Bhéal Átha Fhínín agus Inis Céin) ag an Méara Linehan Foley

Bhí Ceantar Bardasach Linehan Foley an-sásta nuair a thug an Méara Linehan Foley cuairt orthu ar an 9 mí an Mheithimh chun Conair Oidhreachta Bhéal Átha Fhínín agus Inis Céin a oscailt go hoifigiúil, ar conair í a cistíodh faoi Scéim Feabhsaithe Sráidbhailte Cheantair Bhardasacha Iarthar Chorcaí.



Clárchosán Eochaille, Céim II

Críochnaíodh agus osclaíodh 1.2km breise den chlárchosán idir an Caisleán Cria agus Ceann an Bhóthair in 2021. Tá siúlbealach leanúnach 5km cois farraige ann anois ó lár Bhaile Eochaille go Ceann an Bhóthair.



AN RANNÓG AILTIRÍ

Tá ról ríthábhachtach ag an Rannóg Ailtirí chun dearadh maith agus feasacht ar an ailtireacht a chur chun cinn laistigh de Chontae Chorcaí. Lean siad d'ionchur sárluachmhar a chur ar fáil maidir le dearadh roinnt mhaith tionscadal in 2021. Comhairliúchán/Faisnéis a thabhairt, Foirgnimh a Ullmhú, Dearadh Intí & Dearadh Uirbeach, ón mbunchoincheap trí na céimeanna éagsúla pleanála, soláthair agus riaracháin ar an gconradh tógála go dtí cur i gcrích an tionscadail, Leabharlanna agus Foirgnimh Cathartha eile.

Tugtar breac-chuntas thíos ar chuid de na príomhthionscadail lena raibh baint ag Rannóg Ailtirí an Chontae:

Leabharlann Chionn tSáile

Faoi thionscadal Leabharlann Chionn tSáile páirtscartálfar agus athchóireofar foirgneamh an tseanmhuilinn trí urlár ocht mbá ón 19ú haois déag ar Chearnóg na hEaglaise, Cionn tSáile a páirtscartáil, agus cuirfear síneadh leis.



Teach Cúirte agus Teach Anraith Eochaille

Sa dara ráithe den bhliain 2021, Chuir an Rannóg Ailtirí soláthar foirne fo-shainchomhairleoirí i gcrích chun cuidiú leis an iartheach cúirte agus an t-iartheach anraith ar Chearnóg an Mhargaidh san Eochaille a athfhorbairt. I measc feidhmeanna eile, coinneofar bailiúchán iomráiteach Pat Lynch san foirgneamh. Faoin gceathrú ráithe den bhliain 2021, bhí oibreacha fairsinge imoscailte soláthartha ag an bhfoireann sa dá fhoirgneamh agus bhí tograí acoimre curtha i gcrích don tionscadal roimh fhoilsiú an togra ag baint le Cuid VIII.



Amharclann Halla an Bhaile, Mala

Baineann tionscadal Halla Baile Mhala le cnuasach struchtúr atá faoi chosaint ar Phríomhshráid Mhala a athdhéanamh go hiomlán.



Teach Solais Eochaille (Céim II)

I gcomhar le Joseph Mackey Architects, fuair Céim II de thionscadal Teach Solais Eochaille faomhadh pleanála Cuid VIII sa tríú ráithe den bhliain 2021. Soláthrófar leis seo ardán féachana starrmhaide nua greamaithe de bhonn an tí solais atá ann cheana féin, ag cur leis na hoibreacha feabhsaithe atá críochnaithe cheana féin agus cuspóir nua a chur leis an struchtúr suathinseach seo mar cheann scríbe ann féin.



Conairí Inis Píc

Dhear an Rannóg Ailtirí oibreacha cothabhála agus uasghrádaithe ar na cosáin, na conairí agus na dromchlaí bóthair ar Inis Píc. Críochnaíodh na hoibreacha i mí na Nollag 2021 le tacaíocht cistithe ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail mar atá agus ón Scéim comhoibríoch um Bonneagar Caithimh Aimsire Lasmuigh ag Fáilte Ireland. Tá cáilíocht na rochtana, an treoshuímh agus na gluaiseachta reatha ar fud an oileáin feabhsaithe mar gheall ar na hoibreacha seo agus beidh sé seo mar thaca leis an líon cuairteoirí a mhéadú.



Amharclann agus Leabharlann Mhaigh Chromtha

Briery Gap Cultural Centre a thugtaí ar Amharclann agus Leabharlann Mhaigh Chromtha, atá suite i lár bhaile Mhaigh Chromtha agus tá an Rannóg Ailtirí ag forbairt an tionscadail seo ón mbliain 2016. Beidh leabharlann bhardasach nua a mbeidh rochtain iomlán uirthi agus amharclann 217 suíochán mar aon le spás beáir ar leithligh agus spásanna tacaíochta coimhdeacha san fhoirgneamh uathúil ilchineálach taitneamhachtaí den scoth seo. Críochnaíodh céim an saindeartha in 2020 agus eisíodh le haghaidh tairisceana é sa cheathrú ráithe den bhliain 2020. Ceapadh Cumnor Construction mar phríomhchonraitheoirí i Ráithe 4, 2021 agus cuirfear tús leis an tógáil i Ráithe 1, 2022. Déanfar na hoibreacha scartála ar dtús. Táthar ag súil go gcríochnófar é sa tríú ráithe den bhliain 2023.



Leabharlann Mhainistir na Corann

Rinneadh staidéar féidearthachta agus cuireadh isteach é le haghaidh faomhadh cistithe sa cheathrú ráithe den bhliain 2020. Rinneadh oibreacha éigeandála sa dara ráithe den bhliain 2021 chun an cúpóla a chobhsú agus a chosaint. Tá pacáiste oibreacha caomhnaithe á fhorbairt agus cosnófar creatlach stairiúil an phríomhfhoirgnimh dá bharr.



Eaglais na hÉireann, Maigh Chromtha

Chruthaigh an Rannóg Ailtirí togra chun an foirgneamh a athfhorbairt agus a chlaochlú ina spás solúbtha pobail ina bhféadfaí réimse taispeántas, taibhíthe agus cruinnithe a reáchtáil. Chinnteofaí cosaint don foirgneamh sa todhcháí dá bharr seo agus chuirfí spás ar fáil atá ag teastáil go géar chun tacú le hacmhainneacht ealaíon agus chultúir an bhaile. Foilsíodh Pleanáil Chuid VIII i mí na Nollag 2021 agus tá céim an chomhairliúcháin phoiblí ar bun faoi láthair. Tá cistiú faoi Thionscnaimh na mBailte Stairiúla á lorg le haghaidh pacáiste oibreacha éigeandála chun an foirgneamh a chosaint ar bhonn sealadach go dtí gur féidir clár iomlán oibreacha a chistiú agus a sholáthar.



Damba Muilinn/Ríocht Phoiblí Bhaile Mheasaigh, Maigh Chromtha

Tá sé mar aidhm ag na hoibreacha beartaithe an ceantar ginearálta a fheabhsú ar roinnt bealaí. Áirítear leis na feabhsuithe seo conláiste poiblí a chruthú laistigh den tarrae trí shiúlbealach coisithe, athchumrú feabhsaithe don charrchlós atá ann cheana féin chun cúig spás eile a chur ar fáil, spás poiblí nua agus feabhsaithe faoin aer, siúlbealach nua cois abhann a shuiteáil, scairdeáil iascaireachta inrochtana agus láthair picnic faoin aer. Bronnadh Faomhadh Phleanála do Chuid VIII sa cheathrú ráithe den bhliain 2021.




Ríocht Phoiblí South Square, Maigh Chromtha

Sa togra seo táthar ag iarraidh tairbhe a bhaint as athfhorbairt amharclann agus leabharlann Briery Gap atá in aice láimhe agus Maigh Chromtha a ullmhú don timpeallacht nua "iar-seachbhóthair" trí deiseanna a chruthú beocht a chur sa príomhcheantar arís. Áirítear leis plás ardaithe aonair a mbeidh an dá chearnóg theorannaithe mar chuid de - tábla tráchta á sholáthar i gceann amháin díobh agus an bealach isteach ar Briery Gap sa cheann eile. Áireofar leis na hoibreacha leithead an charrbhealaigh a laghdú, cosáin a leathnú agus spásanna atá ann cheana féin do ghluaiстеáin a athchumrú. Áireofar leo freisin pábháil, suíochánra, tírdhreachú agus soilsiú ardchaighdeán. Bronnadh pleanáil Chuid VIII go rathrúil don scéim sa cheathrú ráithe den bhliain 2021.



Foirgnimh Ghráinseach Chaisleán Mhala

Tá staidéar féidearthachta forbartha ag Rannóg Ailtirí Chomhairle Contae Chorcaí agus cuirfidh sí aighneacht isteach go luath i gcomhair pleanáil Chuid VIII. Is iad cuspóirí an tionscadail ná: na foirgnimh feirme stairiúla a chaomhnú agus a athchóiriú, áiteanna sna foirgnimh feirme a chur ar fáil chun críocha turasóireachta agus tráchtála, tréscailteacht coisithe a mhéadú ó Mhala go tailte Chaisleán Mhala, leithris phoiblí agus áiseanna feistis inrochtana a sholáthar, áiseanna a sholáthar do bhaill foirne Chomhairle Contae Chorcaí agus áiseanna a sholáthar chun tacú le hobair bhaill foirne Chomhairle Contae Chorcaí atá ag obair taobh amuigh ar thailte Chaisleán Mhala. Cruthófar coimpléacs nua foirgneamh iontach mar gheall ar athchóiriú Fhoirgnimh Ghráinseach Mhala agus éascófar imeachtaí agus féilte faoin aer i Mala dá bharr. Cruthófar deiseanna nua gnó, lena n-áirítear caifé ina mbeidh suíocháin taobh amuigh. Tarraingeofar aird ar an oidhreacht trí spás taispeántais.



Ríocht Phoiblí Bhaile Mhistéala

Cuimsítear le scóip Ríocht Phoiblí Ceathrú Sheoirseach Bhaile Mhistéala Sráid an Rí., Sráid Sheoirse., Cearnóg an Mhargaidh Nua, agus Coill Choláiste Kingston. Cinnfear tairiscint fhoirmiúil ar Fhoireann Deartha Ildisciplíneach d'Fheabhsú Ríochta Poiblí Cheathrú Sheoirseach Bhaile Mhistéala in 2022. Tá na foirne deartha ildisciplíneach agus faoi stiúir dearthóir uirbeach/aitire tírdhreacha. Áirítear le príomhbhaill na bhfoirne: Innealtóirí Sibhialta, Sainchomhairleoirí Oidhreachta agus Caomhantais agus Sainchomhairleoir Turasóireachta.



Stáisiún Dóiteáin Cheann Toirc

Críochnaíodh tógáil ar stáisiún dóiteáin nua ar Shráid Percival, Ceann Toirc, Co. Chorcaí sa cheathrú ráithe den bhliain 2021 trí chur chuige iomlánaíoch comhoibríoch tras-rannach inar oibríodh go dlúth leis an tseirbhís dóiteáin agus le páirtithe leasmhara eile. Dhear Rannóg Ailtirí na Comhairle an tionscadal i gcomhar le hinnealtóirí OCSC agus thóg HG Construction é.



SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE

I mí Eanáir 2021 bhí srianta seirbhíse leibhéal 5 fós i bhfeidhm sa tSeirbhís Leabharlainne agus níor ceadaíodh ach seirbhísí gafa sa teach agus seirbhísí ar líne le linn Ráithe 1 in 2021. Osclaíodh gach leabharlann (seachas Leabharlann Mhainistir Fhear Maí mar gheall ar oibreacha suntasacha uasghrádaíthe foirgnimh) ar an 2 Meitheamh 2021. Cuireadh Mobile West i seirbhís arís ar an 31 Bealtaine. Cuireadh tús leis na seirbhísí soghluaiste eile arís i Ráithe 4 nuair a soláthraíodh na feithiclí nua.. Cuireadh tús le seirbhís shínte ón 20 Meán Fómhair - brabhsáil, suíochánra, rochtain ar ríomhairí pearsanta, spásanna staidéir - laistigh de na treoirlínte sláinte poiblí lena n-áirítear scaradh sóisialta agus caitheamh masc. Cuireadh tús arís le seirbhísí iomlána do scoileanna, tithe altránais agus ionaid chónaithe eile. D'eisigh Seirbhís Leabharlainne Chontae Chorcaí beagnach 1 milliún earra in 2021. Thug muintir Chontae Chorcaí 379,696 cuairt ar a leabharlanna áitiúla le linn na 7 mí a rabhamar ar oscailt (níor athosclaíodh Leabharlann Mhainistir Fhear Maí ná trí leabharlann taistil go dtí mí na Nollag). Cuireadh 35,828 leabhar nua leis an mbailiúchán: Ficsean = 16,113, Neamhfhicsean = 3,220, Leabhair do Pháistí = 15,584, DVDanna = 911

Áirítear leis na tionscadail leabharlainne ar tugadh fúthu in 2021;

An Plean Forbartha Leabharlann a sheoladh



Sheol Clr Mary Linehan Foley, méara Chontae Chorcaí, Plean Forbartha Leabharlann 2020-2025 Sheirbhís Leabharlainne agus Ealaíon Chomhairle Contae Chorca

3 leabharlann nua shoghluaiste faighte

Flít nua Leabharlann Soghluaiste. Tá trí leabharlann nua shoghluaiste curtha leis an bhflít ag Seirbhís Leabharlainne agus Ealaíon Chomhairle Contae Chorcaí chun cuidiú le freastal ar dhíograiseoirí leabhar ar fud an chontae. Tá na trucaillí úrscothacha á dtabhairt isteach in ionad feithiclí i dtuaisceart, oirthear agus deisceart Chorcaí a bhfuil le hinfheistíocht €592,000 ón gComhairle sna sála ar an trucaill leabharlainne shoghluaiste nua a cuireadh isteach in ionad an tseanchinn chun freastal ar Iarthar Chorcaí in 2017. Tá leabharlanna soghluaiste mar dhlúthchuid de Sheirbhís Leabharlainne agus Ealaíon Chontae Chorcaí le tamall fada agus oibríonn trucaillí ar bhealach ar a bhfuil timpeall 340 pointe seirbhíse, lena n-áirítear scoileanna, tithe altranais, ionaid cúraim lae, ionaid soláthair dhíriú agus naíolanna mar aon le bailte, sráidbhailte agus tithe i ngach cearn den chontae.

Thóg Primo Coach Builders, cuideachta atá lonnaithe in Uíbh Fhailí, na trí fheithicil nua seo d'aon ghnó. Tá an iliomad gnéithe iontacha iontu amhail Wi-Fi ar bord, soilsiú céadfach agus scáileáin taispeána dhigiteacha 43 orlach chun aird a tharraingt ar imeachtaí agus seirbhísí áitiúla atá ar fáil. Tá rochtain iomlán ar na trucaillí do chathaoirí rothaí agus tá scáthbhrait 2 mhéadar ar an taobh amuigh chun foscadh a thabhairt do chustaiméirí agus iad ag dul isteach sa leabharlann nó ag teacht amach aisti.



Forbairtí nua leabharlainne i nDroichead na Bandan, Cionn tSáile agus Ceann Toirc

Críochnaíodh an leabharlann nua i nDroichead na Bandan ag deireadh 2021 agus bhí sí réidh lena hoscailt ar an 12 Eanáir 2022. Chuir an Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail cistiú €140,000 ar fáil don chóras 'My Open Library' ('Mo Leabharlann Oscailte') agus do threalamh digiteach eile.



Cuireadh tús le athchóiriú agus athoiriúnú Fhoirgneamh an Mhúilinn i mí Iúil 2021 agus táthar ag súil go gcríochnófar an leabharlann nua lena feistiú ag deireadh 2022/tús 2023.



Rinne Clr Gillian Coughlan, Méara Chontae Chorcaí agus Heather Humphreys, an tAire Forbartha Tuaithe agus Pobail comhcheiliúradh ar thús oifigiúil na n-oibreacha ar an tsaoráid nua úrscothach leabharlainne i gCionn tSáile.

Athchóiriú Leabharlann Mhainistir na Corann agus Leabharlann Mhainistir Fhear Maí

Rinneadh oibreacha éigeandála ar chúpóla Leabharlann Mhainistir na Corann le linn an tsamhraidh in 2021 lena chosaint ar dhamáiste stoirme. Athosclaíodh Leabharlann Mhainistir Fhear Maí go luath i mí na Nollag 2021 tar éis oibreacha suntasacha uasghrádaithe agus athchóirithe mar chuid de shuiteáil na feidhme 'Mo Leabharlann Oscailte'. B'ionann an cistiú ón Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus €189,000 san iomlán.

Forbairt Leabharlann Eochaille

Fógraíodh cistiú Athghiniúna Tuaithe €4 i mí Aibreáin 2021 chun leabharlann nua a fhorbairt in Eochail.



Clr Mary Linehan Foley, Méara Chontae Chorcaí, in Eochail

Feabhsú seirbhísí ar líne agus digiteacha

Aitheantas mar Leabharlanna Aoisbháúla - chuir Baile Mhistéala, Eochail, an Cóbh, Baile Chaisleáin Bhéarra agus Beantraí a gcuspóir aoisbháúla isteach agus gheobhaidh siad cairt aoisbháúil dá bharr sin, céim eile ar an mbealach chun stádas aoisbháúil a bhaint amach.

SEIRBHÍS LEABHARLAINNE DO PHÁISTÍ, DAOINE ÓGA AGUS SCOILEANNA:

Reáchtáladh roinnt tionscnamh lena n-áirítear:

- Preab isteach go ham scéalaíochta
- First Five Little Library Tionscnamh
- Summer Stars (Réaltaí Samhraidh)
- Newstart
- One Count One Book
- Tá tábhacht I eis an obair @ an leabharlann lonchuimsiú sóisialta
- Oiliúint maidir le feacht litearthachta

Féile Litríochta do Dhéagóirí

Bhuail Ciara Smyth, Adiba Jaigirdar, William Hussey agus Louise O'Neill, údair leabhar do dhéagóirí, le daltaí idirbhliana ó chúig scoil ar fud Chontae Chorcaí i mí na Samhna mar chuid den Fhéile nua Litríochta do Dhéagóirí a tugadh isteach in 2021. Pléadh téamaí amhail ionchuimsiú, éagsúlacht agus glacadh le daltaí idirbhliana ó Choláiste na Toirbhirte i nDroichead na Bandan, Hamilton High School i nDroichead na Bandan, Coláiste Mhainistir na Corann, Davis College i Mala, Pobalscoil Charraig Uí Leighin agus Pobalscoil Chionn tSáile. Dáileadh na leabhair ar fad ar scoileanna go luath i mí Mheán Fómhair agus bhuail na daltaí leis na húdair i mí na Samhna. Ba iad Éire Chruthaitheach agus Words Will a chlistigh é seo.



Change Worlds, clár litríochta LADTA+ Chomhairle Contae Chorcaí.

Seoladh na tionscnaimh eile seo fresin:

Cártaí 'JAM'

Tá baint ag Seirbhís Leabharlainne agus Ealaíon Chomhairle Contae Chorcaí anois leis an tionscnamh Cárta JAM, córas lena ligtear do dhaoine a bhfuil deacrachtaí foghlama agus bacainní cumarsáide acu nóiméad foighne a iarraidh nuair a theastaíonn sé uathu. D'fhorbair NOW Group an tionscnamh seo chun tacú le daoine a bhfuil deacrachtaí foghlama acu mar bhealach discrídreach chun ligean do dhaoine ag a bhfuil aon deacracht cumarsáide acu nóiméad foighne ('Just A Minute') a iarraidh agus iad i mbun ghnáthchúraimí an tsaoi. Tar éis oiliúint foirne, tá teastas creidiúnaithe ag Seirbhís Leabharlainne Chomhairle Contae Chorcaí anois ó NOW Group.



Sa ghrianghraf ag seoladh an tionscnaimh Cárta JAM ag Seirbhís Leabharlainne agus Ealaíon Chomhairle Contae Chorcaí bhí, ó chlé go deas: Clr Gillian Coughlan, Méara Chontae Chorcaí, Emer O'Brien (Leabharlannaí Contae) agus Tim Lucey, Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae Chorcaí.


Techsteps:

Cistiú le haghaidh 14 tháibléad chliste aoisbháúla ACORN. Forbraítear na gléasanna Android seo go sainiúil chun bheith aoisbháúil agus tá comhéadan cuíchóirithe acu a fhágann go bhfuil sé éasca iad a úsáid ó thaobh rochtana agus nascleanúna de. Beidh clár píolótach ar fáil inár gCraobhacha aoisbháúla (Mainistir Fhear Maí, Baile Mhistéala, an Cóbh, Eochail, Baile Chaisleáin Bhéarra, Beantraí agus an leabharlann taistil) ón 20 Deireadh Fómhair 2021 agus cuirfidh baill foirne leabharlainne teagasc aghaidh ar aghaidh ar fáil ag am céanna.

Fás chun cinn é

Clár náisiúnta is ea "Fás chun cinn é" chun cuidiú le leathmhilliún duine #KeepWell trína mbia féin a chur ag fás. Is comhpháirtíocht é seo idir Éire na Sláinte agus Leabharlanna Éireann" trí thionscnamh Rialtas na hÉireann Keep Well agus tá sé mair aidhm aige tacú le leathmhilliún duine ar fud na hÉireann taitneamh a bhaint as an réimse leathan buntáistí a bhaineann le bia a chur ag fás sa bhaile.

Cheap an tSeirbhís Leabharlainne Ambasadóir GIF agus foireann tacaíochta chun dul i gcomhairle le LGMA/Grow It Yourself in am don seoladh ar an 23 Márta. Ansin d'eagraigh siad seachadadh na bpacáistí síolta chuig HQ agus a ndáileadh tríd an líonra craobhacha agus cur chun cinn an tionscnaimh trí na meáin shóisialta, na meáin áitiúla agus an líonra craobhacha, lena n-áirítear comhoibriú le Teach Bhaile Uí Mhaolmhuaidh agus Darina Allen. Glacadh 100% leis an gclár.



SEIRBHÍS EALAÍON

Bhí bliain thar a bheith gnóthach ag Seirbhísí Ealaíon Chomhairle Contae Chorcaí in 2021. Rinneadh dul chun cinn le hobair chun seirbhísí agus clár áirithe a athdhearadh chun dul i ngleic leis na dúshláin ag baint le bearta sábháilteachta poiblí COVID-19. Ó mhí Eanáir, ghlac an Oifig Ealaíon freagracht as Clár Éire Chruthaitheach na Comhairle a riar agus i mí an Mheithimh ghlac sí le bainistíocht agus riar na Scéime chun Tacú le Taibhithe Beo ag an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.

Is í an Scéim Deontas Ealaíon príomhchóras na Comhairle chun tacaíocht a thabhairt d'earnáil na n-ealaíon sa chontae. Tacaítear le hobair an iliomad grúpaí deonacha ealaíon, grúpaí amharclannaíochta, cóir, grúpaí scríbhneoirí, féilte, eagraíochtaí óige, eagraíochtaí míchumais agus comhionannais, ealaíontóirí aonair agus ionaid ealaíon tríd an Scéim Deontas Ealaíon.

2021 Cistiú díreach

Áiríodh leis an Scéim Deontas Ealaíon leithdháiltí i gcomhair na n-iaratas ginearálta, sparánachtaí ealaíontóirí agus Ealaíontóirí sna Scoileanna. Fuair 72 eagraíocht ealaíon agus 9 n-ealaíontóirí aonair tacaíocht.



Clár gníomhartha ealaíon ar líne na paidéime

- Cúrsaí scríbhneoireachta ar líne
- An artist by my side: Ealaíona agus ceardaíocht ar líne
- Léamha ar líne ag údair

Clár Éire Chruthaitheach ag Comhairle Contae Chorcaí, 2021

Tionscnamh uilerialtais, cultúr bhunaithe is ea Éire Chruthaitheach ina gcuirtear béim ar thábhacht na cruthaitheachta daonna d'fholláine an duine aonair, an phobail agus an náisiúin. Tá sé de chúram ar Chomhairle Contae Chorcaí Clár Éire Chruthaitheach i gContae Chorcaí a bhainistiú agus a sholáthar.

I gclár 2021, soláthraíodh níos mó ná 80 tionscadal, ceardlann, foilseachán, taibhiú agus taispeántas cruthaitheach ar fud Chontae Chorcaí. Reáchtáladh na tionscadail seo ar an láthair agus ar líne araon agus freastalaíodh ar lucht spéise 32,657 duine.

Áiríodh leis na buaicphointí:

- Mar gheall ar an gcistiú ó Éire Chruthaitheach bhí Seirbhís Leabharlaine agus Ealaíon an Chontae in ann Féile nua Litríochta do Dhéagóirí a sholáthar ina raibh imeachtaí le húdair, deiseanna scríbhneoireachta agus folláineag daltaí meánscoile agus daoine óga i gContae Chorcaí. Bhí na húdair a scríobhann d'aosaigh óga Caroline O'Donoghue, Louise O'Neill, Adiba Jaigirdar, Ciara Smyth agus William Hussey ann.
- On the Wireless, sraith closchlár faisnéise cúig pháirt léirithe ag Tadhg Ó Meachair agus Joanna Hyde ina dtarraingítear aird ar ghnéithe éagsúla de chlár Chomhairle Contae Chorcaí maidir le cruthaitheachtseanaoise. Chuir Jimmy Crowley agus Eve Telford, ceoltóirí le COVID Care Concerts, clár ceoil agus scéalaíochta i láthair cónaitheoirí aosta i suíomhanna cúraim timpeall an chontae.
- Sa tionscadal Cork Dresser Project, a d'éascaigh saíneolaí béaloidis Michael Fortune, tugadh cuireadh do dhaoine den phobal íomhánna a roinnt agus labhairt faoin ról a bhí ag an drisiúr ina dteach sa bhaile agus sa saol. Rinneadh féilire ar fáil ina raibh íomhánna ón Cork Dresser Project agus cuireadh ar fáil é do rannpháirtithe agus don phobal.
- Tionscnamh eile de chuid Éire Chruthaitheach is ea Cruinniú na nÓg atá mar an lá náisiúnta ainmnithe anois chun cruthaitheacht daoine óga a cheiliúradh. Reáchtáladh é seo i mí an Mheithimh mar chuid de chlár bliantúil Éire Chruthaitheach. Coimisiúnaíodh 15 ceardlann agus taibhiú nua ar líne in 2021 i gcomhréir le bearta dianghlásaíochta agus cuireadh ar fáil iad do pháistí agus daoine óga.

An Scéim chun Tacú le Taibhithe Beo Áitiúla

D'fhógair an Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán scéim nua chun tacú le taibhithe beo i gceantair áitiúla i mí na Bealtaine. Rinneadh an Scéim chun Tacú le Taibhithe Beo Áitiúla (LLPPS), atá mar chuid den phacáiste beart €50M chun tacú leis an earnáil taibhithe bheo tráchtála ar fud na hÉireann mar fhreagairt ar COVID-19, a roinnt ina dhá chlár: LLPPS1 i gcomhair imeachtaí arna reáchtáil idir mí na Bealtaine agus mí Dheireadh Fómhair agus LLPPS 2 i gcomhair imeachtaí arna reáchtáil suas go dtí an 31 Nollaig. Chuir an Roinn cistiú €290,000 ar fáil i gcomhair níos mó ná 180 cur i láthair a chuir beocht i spásanna poiblí inár bpríomhbhailte contae agus i suíomhanna tuaithe ina raibh níos mó ná 15,000 sa lucht féachana agus inar tacaíodh le hioncam 650 taibhealaíontóir gairmiúil, léiritheoir imeachtaí agus pearsanra léirithe coimhdeach.

Oíche Chultúir

Glacann Comhairle Contae Chorcaí ról comhordaithe agus bainistíochta ag Oíche Chultúir, ceiliúradh náisiúnta ar na hEalaíona. In 2021 reáchtáladh Oíche Chultúir Dé hAoine, 17 Meán Fómhair. Glacadh cur chuige nua i leith an clársceidealaithe trí aird a dhíriú ar ocht mbaile ainmnithe inar cuireadh deiseanna ar fáil cur chuige níos forbarthaí a ghlacadh ó thaobh eagraíochtaí deonacha éagsúla a thabhairt le chéile chun cuspóir comhchoiteann a bhaint amach. Ba iad na bailte a roghnaíodh don imeacht ná Carraig Uí Leighin, an Cóbh, Mainistir na Corann, Mala, Droichead na Bandan, Mainistir Fhear Maí, Cloich na Coillte agus Maigh Chromtha. I measc na dtorthaí bhí 91 imeacht sna hocht mbaile ainmnithe agus i sé shuíomh eile. Meastar gur fhreastail 4,500 ar imeachtaí fisiciúla agus thart ar 3,000 ar imeachtaí ar líne. Sárthaispeántas ab ea an t-imeacht do 640 ealaíontóir agus taibheoir agus chaith 118 oibrí deonach níos mó ná 3,000 uair an chloig ag obair air.



Ealaín Phoiblí

Coimisiún COVID an Mhéara nochtaithe

Coimisiúnaíodh an saothar ealaíne seo le Liam Lavery agus Eithne Ring le linn théarma Clr Ian Doyle mar mhéara, agus nochtadh an saothar críochnaithe sa Ráth.

Per Cent for Art Programme - dul chun cinn

Rinneadh dul chun cinn suntasach le clár ealaíne poiblí na Stiúrthóireachta Tithíochta.

- Áiríodh leis na príomhéachtaí a baineadh amach in 2021: grúpa stiúrtha ealaíne poiblí na Stiúrthóireachta Tithíochta a bhunú
- Creat coimisiúnaithe a fhorbairt agus painéal ealaíontóirí a chur le chéile
- An chéad sciar de na coimisiúin a chur chun cinn ag tosú le hEastát Gharrán na Feá i gCloich na Coillte. Cuireadh tús le hobair ar an gclár Per Cent for Art ar an N22

Na healaíona sna leabharlanna

Clár Ealaíon an tSamhraidh

Soláthraíodh Clár Ealaíon Samhraidh na Leabharlann ar líne mar gheall ar shrianta COVID. I measc na mbuaicphointí a coimisiúnaíodh go speisialta bhí Zine-making, greannáin le himill infhillte do pháistí, scríbhneoireacht chruthaitheach do dhéagóirí, tarraingt manga, An intreoir maidir le autodesk agus féinphortráidí meán measctha; Cé? Cad? Cén fáth? Cár? Sraith de cheithre ghearrscannán, a chruthaigh Will Flanagan, ina measctar sorcas comhaimseartha

Foilseacháin scríbhneoireachta chruthaitheacha a seoladh in 2021

- Foilsíodh ón tobar. Siúlóid sa tráthnóna agus gearrscéalta eile mar an 17ú heagrán de dhíolaimgearrscéalta bhliantúil na Comhairle
- Foilsíodh Poems from my 5k, díolaim dánta faoin teorainn dianghlásála 5 chiliméadar. Ba iad Bernard O'Donoghue, Mary Noonan agus Matthew Geeden na moltóirí.

Reachtáladh Féile Leabhar na bPáistí le linn mí Dheireadh Fómhair agus mí na Samhna

- Reachtáladh 67 imeacht le húdair agus maisitheoirí i mbunscoileanna, sruthaíodh 50 imeacht fíorúil chuig scoileanna agus reachtáladh 17imeacht duine ar dhuine.

Rannpháirtíocht phoiblí agus shóisialta sna healaíona

Clár amharc-ealaíon samhraidh bliantúil is ea Macroom Visual agus reachtáiltear é i gcomhcheangal le Ceantar Bardasach Mhaigh Chromtha

- An taispeántas grúpa ag saothrú páirc fholamh le healaíontóirí gairmiúla lonnaithe i gCeantar Bardasach Mhaigh Chromtha arna choimeád ag Dermot Browne, Halla an Bhaile, Maigh Chromtha, Lúnasa
- Amárach an Domhnach, seó aonair Miriam O'Connor ag Halla an Bhaile, Maigh Chromtha, Meán Fómhair

Social Circus:

- Thug Tumble Circus, tá lonnaithe i mBéal Feirste, taispeántais ag Ionad Soláthair Dhírih Riverside, MaighChromtha agus ag Ionad Soláthair Dhírih Chaisleán an Driseáin i mí Mheán Fómhair.
- Rinne Circus Factory, atá lonnaithe i gCorcaigh ceardlanna le leanaí eisimirceach i Maigh Chromtha, Sráidan Mhuilinn, Cloich na Coillte agus Mala

Poetry Town

Ba i nDroichead na Bandan a reachtáladh baile filíochta 2021, tionscnamh náisiúnta a d'fhorbair Éigse Éireann chun tacú le dlúthchlár imeachtaí agus iad a chomhordú i nDroichead na Bandan thar thréimhse ocht lá i mí Mheán Fómhair. Cuireadh grúpa stiúrtha áitiúil le chéile ar a raibh baill foirne ó Leabharlann Dhroichead na Bandan, ón Oifig Ealaíon agus ó Creative Bandon. Bhí dlúthbhaint ag Matthew Geden, scríbhneoir cónaithe na Comhairle, leis an tionscnamh agus choimisiúnaigh Éigse Éireann dán chun an baile a cheiliúradh.

West Cork Fit- up theatre Festival

Mar gheall ar bhearta leanúnacha sábháilteachta poiblí ag baint le COVID, d'úsáid Féile drámaíochta crochta Iarthar Chorcaí struchtúr pubaill oscailte in aon suíomh amháin i mBéal an Dá Chab chun samhail mhalartach taibhithe a fhorbairt. Cuireadh naoi ndrámá agus 28 taibhiú i láthair i láthair san iomlán idir an 20 Iúil agus an 1 Lúnasa.

Oideachas

BEAG Early Years Arts

Tionscadal comhpháirtíochta is ea an tionscadal taighde luathbhlianta seo a forbraíodh i gcomhpháirtíocht le Comhairle Contae Chorcaí, Graffiti Theatre agus FSS Theas. D'éagmais na féidearthachta é a chuir ar fáil ar an láthair, tá na healaíontóirí ag forbairt tionscadail nua pháisteláraithe agus modhanna nua soláthair. Cuireadh ionadaí as coiste cúraim leanaí Chomhairle Contae Chorcaí leis an ngrúpa stiúrtha. I measc na bhforbairtí a rinneadh le gairid, earcaíodh ealaíontóirí nua i gcomhair oiliúna sa chlár.

Sparánacht Dearcán

Sparánacht bhliantúil is ea é seo chun tacú le forbairt ghairmiúil déantóirí ceardaíochta i gContae Chorcaí. Tugtar deis don iarratasóir rathúil le Dearcán céim shuntasach a thabhairt chun tosaigh ina g(h)airm chruthaitheach, bíodh sé/sí ina c(h)éimí nua, ina g(h)nólacht nua-thionscanta nó ina g(h)airmí ag a bhfuil taithí na mblianta. Ba í Sara Leslie, déantóir ó Iarthar Chorcaí, a fuair an sparánacht in 2021.

Ealaíona Óige

Lean scannánóirí óga Chorcaí de chlár oiliúna a sholáthar mar mheán lena mbaineann a lán disciplíní, óscríbhneoireacht scrípte go léiríú. D'fhéadfaí a mhaíomh gur cuireadh an rochtain is oscailte ar fáil ann ó thaobh rannpháirtíochta daoine óga sna healaíona de. Chuir scannánóirí óga Chorcaí tionscadail rathúla ar fáil i Mala, Baile an Chollaigh, Maigh Chromtha, Baile Mhístéala agus Mainistir na Corann. Clár cumaisc ab ea iad d'imeachtaí ar líne agus duine ar dhuine. In 2021 cheap an Oifig Ealaíon Elena Horgan mar a céad

déantóir scannán ar a raibh freagracht speisialta as tacú le rochtain daoine óga ar an scannánaíocht.

CLÁR CONTAE AOISBHÁUIL CHORCAÍ



Clár aoisbháuil Chontae Chorcaí

2000 Dáileadh Senior Play Packs tríd an nGréasán Bailte Aoisbháula i mí na Bealtaine 2021

Chuaigh an tAonad Aoisbhá i gcomhar le Éire na Sláinte agus Aonad Sláinte agus Folláine Chomhairle Contae Chorcaí, a threoraigh an tionscadal. Thairg an tAonad Aoisbhá bealaí dáileacháin a eagrú trínár n-ocht gCoiste Aoisbhá Baile. Ghlac gach ceann de na hocht gCoiste Aoisbhá Baile leis an tasc na boscaí a dháileadh ina raibh beathadán éan, síolta éan, tráth na gceist, leabhar dathúcháin aireachais agus pionsaíil dathadóireachta agus paca cártaí imeartha.



National Age Friendly Parking Space Guide (Treoir Náisiúnta maidir le Spásanna Páirceála Aoisbháula).

Threoraigh Contae Chorcaí an tsamhail deartha i gcomhair Spásanna Páirceála Aoisbháula Náisiúnta. Seoladh é seo in 2021 agus tá sé mar an tsamhail deartha náisiúnta do Bhaile Aoisbháula ar fud na hÉireann



Reáchtáladh Seachtain an Aosaithe Dhearfaigh ón 27 Meán Fómhair go dtí an 1 Deireadh Fómhair. Ba é 'Reconnecting Communities by Reframing Ageing' an téama i mbliana. Tá ocht mbaile aoisbháúla ar fud an chontae - Droichead na Bandan, Beantraí, an Ráth, an Cóbh, Cionn tSáile, an Pasáiste, Baile an Mhanaigh, Sráid an Mhuilinn agus Baile Mhistéala - agus bhí an feachtas i mbliana an-tráthúil de réir mar a dhéantar pleananna chun filleadh ar bhonn céimnithe ar ghníomhaíochtaí a bhraith daoine go mór uathu.

Mar chuid de Sheachtain an Aosaithe Dhearfaigh, tairgeadh cistiú do bhailte aoisbháúla Chontae Chiarraí trí chlár aoisbháúil na Comhairle chun 'Singing for the Brain' a leathadh amach. Tionscnamh is ea 'Singing for the Brain' atá á reáchtáil ag Cúram Sláinte Pobail Chorcaí agus Chiarraí ina dtugann teagascóirí oilte seisiúin sheachtainiúla amhránaíochta a bhfuil sé mar aidhm acu an chuimhne a spreagadh agus a fheabhsú trí chleachtaí gutha agus rannpháirtíocht sa cheol.



Seoladh an phodchraolta Voices of Experience, Seachtain an Aosaithe Dhearfaigh

Mar chuid de Sheachtain an Aosaithe Dhearfaigh, d'eisigh Comhairle Contae Chorcaí podchraoladh speisialta freisin, 'Voices of Experience', ina raibh scéalta aeráide daoine scothaosta inar cuireadh síos ar a ngnáth-thaithí laethúil pearsanta ar aeráid ag athrú le himeacht na mblianta. Cuirtear comhthéacs an-soiléir ar fáil sna scéalta pearsanta seo maidir leis an athrú aeráide, ar saincheist chasta é.



Lá na nDaoine Scothaosta, Dé hAoine, 1 Deireadh Fómhair, 2021



Chuaigh Niall Healy, Cathaoirleach Chomhaontas Aoisbhá Chontae Chorcaí agus Liz Maddox, Cathaoirleach Comhairle na nDaoine Scothaosta i bpáirt le Gillian Coughlan, Méara, chun fáilte a chur roimh Lá na nDaoine Scothaosta Dé hAoine, 1 Deireadh Fómhair 2021.

**Clár Chomhairle Contae Chorcaí um Thithe Aoisbháúla Folláine.
Seoladh Chlár Chomhairle Contae Chorcaí um Thithe Aoisbháúla Folláine.**



Tá Comhairle Contae Chorcaí ar na naoi n-údarás áitiúla in Éirinn a ghlac páirt i dtionscnamh nua ina ndírítear ar thacaíocht a thabhairt do dhaoine scothaosta chun fanacht ina gcónaí ina dtithe agus ina bpobal féin. Tionscadal dhá bhliain is ea an Clár um Thithe Aoisbháúla Folláine atá á chistiú ag Sláintecare agus Aoisbhá Éireann. Tá sé mar aidhm aige freastal ar suas le 4,500 teach ar fud na hÉireann le linn an ama sin. Is féidir rochtain ar réimse tacaíochtaí tithíochta, sláine agus sóisialta a thabhairt do dhaoine fásta scothaosta agus dá dteaghlaigh sa chlár freisin. Is féidir le duine ar bith atreoruithe a dhéanamh ach toiliú an rannpháirtí a fháil nó féadann rannpháirtithe iad féin a atreorú chuig an gclár más mian leo. Is féidir atreoruithe a dhéanamh chuig an gclár ach glao a chur ar an Oifig Náisiúnta um Thithe Aoisbháúla Folláine ar 046 909 7417 nó trí ríomphost.

Casann Comhairle Daoine Scothaosta Chomhairle Contae Chorcaí le chéile arís!



D'inis Liz Downes, ball de Chomhairle Daoine Scothaosta Chomhairle Contae Chorcaí dúinn faoi theacht le chéile lena CDS chun an tSeachtain um Aosú Dearfach a cheiliúradh, chuir sí cúpla grianghraf ar fáil freisin.



'Bhí tráthnóna álainn againn lenár baill aoisbháula CDS a rinne ceiliúradh ar an tSeachtain um Aosú Dearfach. Bhí tae beag againn in óstán áitiúil Gharrán na Giúise. Bhí 50 ball i láthair. Bhí sé go hálainn na daoine scothaosta a fheiceáil i mbun cainte agus sciotaíola agus ag canadh in éineacht le Kathleen a dhéanann 'canadh le haghaidh na hinchinne' leis a n-grúpa seo'.

BEANNTRÁÍ



Ó chlé go deas: May Collins, Hazel Vickery & Ray O'Callaghan a sheol an Treoir Eolais.



Coiste Baile Aoisbháuil Bheanntaí

Chuir Coiste Baile Aoisbháuil Bheanntaí Treoir Eolais ar fáil agus chuir siad eolaire ar fáil lena n-áirítear uimhreacha áitiúla do na nithe seo a leanas:

eaglaisí, seirbhísí tacsáí agus iompair, grúpaí sóisialta, radharceolaithe, línte cabhrach áitiúla agus náisiúnta, cógaslanna, dochtúirí, ionaid cúraim sláinte, seirbhísí tréidliachta agus suíomh na ndífhibrileoírí sa baile.

Dúirt Winnie O'Sullivan ó Choiste Baile Aoisbháuil Bheanntaí "Tá sé thar a bheith tábhachtach go mbeadh uimhreacha/seirbhísí áitiúla ar fáil. Tá an bhileog eolais seo tábhachtach do gach duine, go háirithe do dhaoine scothaosta, anois nach ndéantar leabhair teileafóin a dháileadh go huathoibríoch ar úinéirí líne talún a thuilleadh."

An Coiste um Beartais Straitéiseacha

Bhuail an Coiste um Beartais Straitéiseacha Ealaíon agus Cultúir le chéile ar líne ceithre huairé in 2021 chun roinnt tionscnaimh beartais a phlé agus a chur chun cinn, lena n-áirítear:

- An Plean Forbartha Leabharlann: 2020 – 2025
- Forbairt Beartais Ealaíne Poiblí
- Suirbhé ar Thionchar COVID ar na hEalaíona
- Oibríochtaí Éire Chruthaitheach
- Oidhreacht & Comórthaí
- An Ghaeilge

Áiríodh roinnt Tosaíochtaí Comhaontaithe don Tadhcháí freisin mar seo a leanas:

- Straitéis nua sa Chomhairle maidir le Forbairt na nEalaíon
- An Ghaeilge a chur chun cinn agus a fhorbairt
- Forbairt beartais oidhreachtacha cultúrtha
- Ionchuisiú agus éagsúlacht i mbeartas cultúir

Teicneolaíocht faisnéise agus chumarsáide



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE AGUS CHUMARSÁIDE

Is é ról na stiúrthóireachta TFC soláthar iontaofa slán seirbhísí TFC a chinntiú chun tacú le hobair na comhairle. Braitheann an Chomhairle ar bhonneagar agus seirbhísí TF níos mó mar gheall ar bhealaí nua-aimseartha oibre agus claochluithe digiteacha. Tugtar breac-chuntas sa chuid seo ar roinnt tionscnaimh agus tionscadail TFC a cuireadh i bhfeidhm in 2021 chun tacú le leis na seirbhísí seo agus chun iad a chothabháil agus a fheabhsú.

COVID-19

Leanadh den chianobair mar cheanglas in 2021. Tá ríomhairí glúine agus ceadchomharthaí boga ag formhór ár mball foirne oifigbhunaithe lena chinntiú gur féidir leo rochtain shlán a fháil ar chórais ghnó agus comhaid a theastaíonn uathu chun obair a dhéanamh ón mbaile. Tá gutháin bhoga á leathadh amach agus is féidir le baill foirne cianrochtain a fháil ar a ngutháin deisce dá bharr.

Bhí sé mar thosaíocht in 2021 ár bhfeidhmiúlacht i dtaca le cruinnithe fíorúla a fheabhsú agus tá sé mar aidhm againn an tsolúbthacht is mó is féidir a chur ar fáil lasmuigh den láthair, ar an láthair agus i gcruinnithe hibrideacha. Uasghrádaíodh an teicneolaíocht i seomraí cruinnithe agus i seomraí na comhairle agus/nó cuireadh teicneolaíocht nua ann ina háit chun comhtháthú lenár mbogearraí cruinnithe fíorúla. Rinneadh measúnuithe i seomraí cruinnithe i limistéir na gCeantar Bardasach agus tá pleananna i bhfeidhm le go mbeidh níos mó saoráidí ag feidhmiú i gcomhair ciancruinnithe/cruinnithe hibrideacha.

Críochnaíodh tionscadal uasghrádaithe bonneagair chriticiúil go rathúil trí líonra limistéir stórála (SAN) nua a shuiteáil. Tá acmhainn níos seasmhaí agus níos inscálaithe ann anois a bhfuil le díchoimisiúnú an tseanlíonra limistéar stórála agus leis an aistriú chuig an ardán nua agus réiteofar fadhbanna stórála a bhíodh ann roimhe seo dá bharr. Rinneadh dul chun cinn le roinnt tionscadail teicneolaíochta athnuachana córais agus feidhmchláir eile le linn na bliana agus tháinig laghdú ar rioscaí slándála agus inúsáidteachta a bhaineann le comhphárteanna dá bharr.

Slándáil TFC

Bhí a lán ama agus acmhainní ag teastáil chun ár seasamh slándála a chothabháil agus chun freagairt d'fholáirimh nua. Tá méadú suntasach tagtha ar bhagairtí fioscaireachta agus bogearraí éirice agus áirítear leis na freagairtí srianta agus oiliúint nua a thabhairt isteach chun feasacht a spreagadh ar rioscaí cibearshlándála i measc baill foirne.

Éachtaí eile in 2021

- Réitigh an deasc freastail TF 19,195 glao go rathúil
- Eisiódh tairseach nua deisce freastail don fhoireann
- An iliomad uasghráduithe feidhmchláir agus bogearraí
- Inlíon nua foirne a fhorbairt agus a eisiúint
- Feabhsuithe ar rialú slándála
- Measúnuithe déanta ar Wi-Fi snabailte
- Tacaíocht don mhol digiteach
- Uasghráduithe GCN i gcomhair suíomhanna seachtracha.



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

Seirbhísí Corparáideacha



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

SEIRBHÍSÍ CORPARÁIDEACHA



Oifig Mhéara Chontae Chorcaí

Bhí Clr Mary Linehan Foley ó mhí an Mheithimh 2020 go mí an Mheithimh 2021. Toghadh Clr Gillian Coughlan ina Méara i mí an Mheithimh 2021 agus fágfaidh sí in oifig go dtí mí an Mheithimh 2022. Leanadh ar aghaidh le hóráidí, seoltaí agus imeachtaí don Mhéara i rith 2021 trí MS Teams, glaonna Zoom agus ábhar réamhthairfeadta. Reáchtáladh Gradaim Phobail an Mhéara i searmanas ar líne den chéad uair agus bhí deis ann aird a tharraingt ar an tsárobair á déanamh ar fud an chontae na hearnálacha pobail agus deonacha.

Áirítear le buaicphointí na bliana cácas do mhná a bhunú, físeán a thairfeadadh i gcomhair dheireadh thréimhse Clr Mary Linehan Foley mar mhéara, an aip Explore Cork a sheoladh, físeán cuimhneacháin 9.11 agus roinnt cuairteanna ag ambasadóirí chuig Halla an Chontae.

Lean an méara de chomhchathaoirleacht a dhéanamh ar an bhFóram Idirghníomhaireachta um Fhreagairt Tacaíochta Pobail in 2021 a chomhordaigh an fhreagairt áitiúil ar an ngéarchéim COVID. Bhí os cionn 20 eagraíocht stáit agus áitiúil éagsúil ar fud an chontae san fhóram. Reáchtáladh 18 cruinniú den Fhóram Idirghníomhaireachta um Fhreagairt Tacaíochta Pobail in 2021.

Cruinnithe Comhaltaí Tofa

An Chomhairle Iomlán

Cruinnithe na Comhairle Iomláine a reáchtáladh in 2021	21
Cruinnithe speisialta a reáchtáladh in 2021	4
Dáta an Chruinnithe Bliantúil 2021	25 Meitheamh 2021
Fógra Tairisceana a Fuarthas in 2021	74


COVID-19

Tar éis do reachtaíocht a bheith tugtha isteach chun freastal fíorúil a cheadú ag cruinnithe na Comhairle Iomláine, reáchtáladh cruinnithe na Comhairle Iomláine. trí Microsoft Teams go dtí an Cruinniú Bliantúil ar an 25 Meitheamh, arbh é sin an chéad chruinniú hibrídeach ar ar fhreastail comhaltaí ar an láthair agus go fíorúil. Reáchtáladh cruinnithe tríd an bhformáid hibrídeach don chuid eile den bhliain 2021.

Seirbhísí Digiteacha

Bliain ghnóthach eile ab ea 2021 do sheirbhísí ar líne. Rinneadh 78,520 iarratas ar sheirbhísí ar líne agus chláraigh beagnach 10,000 le haghaidh cuntas ar an tairseach www.yourcouncil.ie. Faoi dheireadh 2021 bhí 42,781 duine cláraithe ar an tairseach san iomlán. Soláthraíodh 96 seirbhís nua ar líne in 2020.

Seirbhísí ar líne nua forbartha in aghaidh na bliana



Áirítear leis na seirbhísí ar líne a soláthraíodh in 2021 -

- Cuid 8, Páirc Phoiblí Bhaile Deasumhan
- Seirbhís Tuairiscithe Saoráidí don Chomhshaoil
- Seirbhís ar líne don tionscadal From the Well
- Comhairliúchán maidir leis an Dréacht-Phlean Forbartha Contae
- Comhairliúchán maidir leis an Scéim Ranníocaíochta
- Cuid 8 Phlean Feabhsúcháin Iompair agus Ríochta Poiblí Dhroichead na Bandan
- Foirm i gcomhair gearáin lasmuigh de ghnáthuaireanta
- Ciste Éigeandála Pobail COVID-19, Babhta 2
- Córas Bainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta 2021
- Athbhreithniú ar an bPlean Bliantúil um Sholáthar Seirbhísí
- Seirbhís Ceapachán i gcomhair Pleanála 2021
- Srianadh madraí - Find a Case
- Comhairliúchán maidir le Nascphointí Leathanbhanda
- Deontas Oifig na Gaeilge
- Cuid 8, Tailte an Tí Spá
- Suirbhé aiseolais ar oiliúint maidir le féilt
- Cuntas ar Bhailiúcháin Oifig an Airgid
- Seirbhís um iarratais Atarnaetha
- Áirithintí ar imeachtaí leabharlainne
- Cuid 8 Plean Feabhsúcháin Iompair agus Ríochta Poiblí Charraig Uí Leighin
- Comórtas filíochta 5K
- Draoi Cabhrach na seirbhísí ar líne
- Suirbhé ar an Míchumas, 2021
- Scéim Cúnamh Gnó COVID
- Cruinniú na nÓg, iarratas ar líne
- Foirm na Measúnachta Tionchair ar Chosaint Sonraí
- Clár taifid cruinnithe na gcomhaltaí tofa
- Próiseas iarratais na hoibre cumaisc
- Próiseas iarratais na hoibre cumaisc
- Rianaire Tithíochta

Nuálaíocht agus Dearadh Seirbhíse

Tá an fhoireann Service rePublic ag leanúint de nuálaíocht ar fud na Comhairle a chur chun cinn. Eisítear feasacháin mhíosúla chun aird a tharraingt ar fheasacht agus ar fhorbairt nua ar fud na réimsí seirbhíse.

Uasdátú Comhairle Contae Chorcaí do mhí na Bealtaine 2021 maidir le nuáil



Gníomhaíochtaí nua agus seirbhísí ar líne i mí na Bealtaine

- Athbheithniú ar an bplean corparáideach - comhráite leis an bhfoireann
- Fógra maidir le fógra dóiteáin don Chomhshaoil
- Ciste Pobail Meabhairshláinte
- Deontas Éire Ildánach
- Comhairliúcháin phoiblí
 - Idirghabhálacha maidir le hIompar Inbhuanaithe an Oileáin Bhig
 - Halla Baile Mhala
 - Plean Feabhsaithe Iompar agus Fearainn Phoiblí Charraig Uí Leighin
 - Dhá comhairliúchán poiblí Alt 38 i nDroichead na Bandan

Má tá scéal maidir le nuáil agat gur mian leat a roinnt ar an usadátú seo, seol ríomhphost go customerportal@corkcoco.ie




Tá 37,969 duine cláraithe lenár dtairseach www.yourcouncil.ie agus tá próiseáil déanta ar 154,496 iarratas ar sheirbhís ar líne.

Is féidir le Service rePublic, Seirbhísí Corparáideacha cabhrú leat dul ar líne - le Suirbhéanna, Comórtais, Iarratais Deontais nó Maoinithe, Gearáin nó Iarratais ar Sheirbhís, Comhairliúcháin Phoiblí nó Aighneachtaí (e.g. Codanna 8). [Seol iarratas ar sheirbhís ar líne chugainn ar Dhais](#)

Rinne an fhoireann Service rePublic athbheithniú bliantúil ar an bPlean Corparáideach agus bhain siad úsáid as meascán de dhearadh seirbhíse, éirim ghnó agus modhanna traidisiúnta tuairiscithe. Léirítear sa ghraf seo a leanas soláthar chuspóirí an Phlean Bhliantúil um Sholáthar Seirbhísí don bhliain 2020 de réir théamaí an Phlean Chorpáidigh.

Stádas Cuspóirí ASDP 2020 de réir Théamaí an Phlean Chorpáidigh



Úsáideadh cur chuige deartha seirbhíse i gcomhráite le baill foirne faoine dtaithí ag soláthar an Phlean Chorpáidigh.

Céard a dúirt an fhoireann



Cothromaíocht oibre is saoil níos fearr

Léirigh an fhoireann buíochas as na feabhsuithe suntasacha ar an gcothromaíocht oibre is saoil nuair a bhí siad in ann oibriú ón mbaile. Do bhaill foirne a mbíonn taisteal fada le déanamh acu agus baill foirne le daoine óga sa teaghlach, buntáiste ollmhór a bhí sa tsolúbthacht a bhaineann le bheith ag obair ón mbaile. Is mian leis an gcuid is mó den fhoireann meascadh den obair ón mbaile agus den obair oifige a bheith acu. D'airigh roinnt daoine a gcomhghleacaithe uathu le linn na dianghlása.

Luach dearfach na Comhairle a léiriú

Mhóthaigh formhór na foirne gur tháinig feabhas ar dhearcadh an phobail ar an gComhairle le linn na bliana seo caite. Seirbhísí a choinneáil ag feidhmiú sna cúinsí is dúshlánaí, an tseirbhís Ghlaio an Phobail a sholáthar chomh maith le bheith ag tacú agus ag feabhsú ceantair áitiúla agus bailte, chabhraigh siad seo ar fad le tionchar dearfach na Comhairle a dhéanamh níos feiceálaí ná mar a bhí roimhe seo. Léirigh an fhoireann sé seo i gcúpla bealach éagsúil. Cuireadh luach na Comhairle agus a seirbhísí i bhfráma nua i súile an phobail agus na foirne iad féin trí idirghníomhú leis an bpobal i mbealaí úra, seirbhísí agus tacaíochtaí nua a sholáthar agus a bheith mar chrann taca feiceálach agus seasmhach le linn ghéarchéim COVID.

“Bhí Glao an Phobail ina eiseamláir iontach de chomhbhá na Comhairle agus ar an dea-obair a dhéanann sí”

“Chuaigh an méid oibre a dhéanann an Chomhairle go mór i bhfeidhm orm”

“Tá taithe phearsanta agam ar an obair dhearfach a dhéanann an Chomhairle trí ghaol scothaosta”

TÉAMAÍ COMHRÁ AGUS AN PLEAN CORPARÁIDEACH

01	Ár muintir	<ul style="list-style-type: none"> • Buíochas nua don phost • Cothromaíocht oibre is saoil níos fearr • Deiseanna níos fearr luach nua a chur isteach san obair • Foireann ag mothú buíoch agus go bhfuil siad ag fáil tacaíochta
02	Pobail Láidre Ionchuimsitheacha	<ul style="list-style-type: none"> • Ár gcaidreamh leis an bpobal a léiriú • Feiceálacht níos airde ar luach obair na Comhairle i súile an phobail • Nuáil trí bhealaí nua chun idirghníomhú le daoine
03	Beocht leanúnach eacnamaíoch	<ul style="list-style-type: none"> • Nuáil trí bhealaí nua chun idirghníomhú le daoine • Ár gcaidreamh leis an bpobal a léiriú
04	Comhshaoil agus Aeráid	<ul style="list-style-type: none"> • Ag cur feabhas ar bheith áitiúla agus spásanna
05	Toilleadh le haghaidh fáis	<ul style="list-style-type: none"> • Ár gcaidreamh leis an bpobal a léiriú • Feiceálacht níos airde ar luach obair na Comhairle i súile an phobail • Ag cur feabhas ar bheith áitiúla agus spásanna
06	Cáilíocht Seirbhíse	<ul style="list-style-type: none"> • Feiceálacht níos airde ar luach obair na Comhairle i súile na foirne • Feiceálacht níos airde ar luach obair na Comhairle i súile an phobail
07	Rialachas agus Daonlathas	<ul style="list-style-type: none"> • Feiceálacht níos airde ar luach obair na Comhairle i súile na foirne • Nuáil trí bhealaí nua chun idirghníomhú le daoine • Nuáil trí bhealaí nua oibre
08	Cumarsáid	<ul style="list-style-type: none"> • Nuáil trí bhealaí nua chun idirghníomhú le daoine • Ár gcaidreamh leis an bpobal a léiriú
09	Nuáil	<ul style="list-style-type: none"> • Nuáil trí bhealaí nua chun idirghníomhú le daoine • Nuáil trí bhealaí nua oibre • TF ag soláthar Nuála • Deiseanna níos fearr luach nua a chur isteach san obair

Gearáin ó Chustaiméirí

Fuarthas 46 gearán foirmiúil in 2021. Eisíodh freagairt ar 45 de na gearáin seo laistigh den achar ama a cheanglaítear faoin gCairt Custaiméirí, is é sin 15 lá oibre tar éis don ghearán a bheith faighte.

Fuarthas 14 iarratas ar Athbhreithniú Inmheánach in 2021.

Saoráil Faisnéise

Fuarthas 281 iarratas ar shaoráil faisnéise in 2021. As a measc siúd:

- 102 iarratas ar shaoráil faisnéise a bronnadh
- 80 iarratas a bronnadh go páirteach
- 52 iarratas ar shaoráil faisnéise ar diúltaíodh dóibh (áirítear leis na cúiseanna ar diúltaíodh dóibh faisnéis phearsanta tríú páirtithe, taifid san fhearann poiblí, faoi phribhléid dhlíthiúil, íogair ó thaobh na tráchtála de, nach bhfuil á gcoinneáil nó nach ann dóibh)
- 39 iarratas ar shaoráil faisnéise a tarraingíodh siar, agus 5 cinn díobh siúd ar freagraíodh dóibh lasmuigh den tsaoráil faisnéise
- 8 gcinneadh maidir le saoráil faisnéise a cuireadh faoi bhráid Oifig an Choimisinéara Faisnéise le linn na bliana2021.

An tOmbudsman

32 Fuarthas cásanna Ombudsman in 2021.

Cosaint Sonraí

Fuarthas 17 n-iarratas ó dhuine ar a shonraí in 2021.

Tuairisceán bliantúil an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúcháireachta 2021

Thiomsaigh Cinnteoir na Comhairle um Shaoráil Faisnéise Tuarascáil an Tuairisceáin Bhliantúil donChoimisiún Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúcháireachta agus bhí an Rannán um Iniúcháireacht Inmheánach freagrach as Tuarascáil Cóid Caiteachais Phoiblí an Choimisiúin Náisiúnta Maoirseachta agus Iniúcháireachta um Dhearbhú Cáilíochta, 2021 a thiomsú bunaithe ar fhaisnéis arna fáil ó na Stiúrthóireachtaí ar fad.

An Coiste Iniúcháireachta agus Iniúcháireacht Inmheánach

Tá 7 gcomhalta ar an gCoiste Iniúcháireachta (lena n-áirítear 3 chomhalta thofa) agus bhuail siad le chéile cúig huaire in 2021. Mar chuid de chlár oibre an Choiste, chuir an tIniúchóir Inmheánach clár comhaontaithe iniúchtaí ar aghaidh agus rinne an Coiste monatóireacht air. Le linn 2021, chuir an tIniúchóir Inmheánach deich dtuarascáil iniúchóra i láthair an Choiste. Choimisiúnaigh an Rannán Iniúcháireachta Inmheánaí Córas Rianaithe Iniúcháireachta a d'fhorbair foireann Servive rePublic go himmheánach agus lena dtugtar acmhainní monatóireachta agus maoirseachta don Choiste Bainistíocht agus Iniúcháireachta maidir le dul chun cinn ag cur moltaí iniúcháireachta i bhfeidhm.

Ag gach cruinniú, d'iarr an Coiste Iniúcháireachta cuir i láthair ó bhaill den Fhoireann Ardbhainistíochta ar tugadh cuireadh dóibh maidir le gníomhaíochtaí ina stiúrthóireacht, d'athbhreithnigh sé gníomhaíochtaí na gCoistí Maoirseachta Riosca, scrúdaigh sé tuarascálacha Iniúcháireachta Inmheánaí arna gcur i láthair, fuair sé nuashonruithe maidir le dul chun cinn leis an rianaire iniúcháireachta agus fuair sé tuarascálacha mionsonraithe ar chúrsaí airgeadais ón gCeannasaí Airgeadais. Ag an gcruinniú i mí na Nollag, rinne an Coiste athbhreithniú ar Thuarascáil Iniúchóra an Rialtais Áitiúil ar ráiteas airgeadais bliantúil 2020 in éineacht le hIniúchóir an Rialtais Áitiúil.

Bainistíocht Riosca

Táthar ag leanúint de chlár foriomlán rioscaí na Comhairle a choinneáil agus a bhainistiú ar an tairseach CalQRisk ar bhonn leanúnach. Tá 27 riosca ann ar fud 12 chatagóir éagsúla punainne. Tacaítear le Clár Rioscaí na Comhairle trí athbhreithnithe ar chlár riosca na Stiúrthóireachta ag gach cruinniú de chuid an Choiste um Maoirseacht Riosca. In 2021, rinneadh athbhreithniú ar chláir rioscaí na stiúrthóireachtaí seo a leanas:

- Comhshaol
- Seirbhísí Uisce – InnealtóiríContae
- Aturnaetha
- TFC
- Seirbhísí Corparáideacha
- Ceantair Bhardasacha

Leathnaíodh ballraíocht den Choiste um Maoirseacht Riosca chuig gach Stiúrthóireacht. Ó thús 2020, géaraíodh minicíocht chruinnithe an Choiste um Maoirseacht Riosca ó chruinniú gach ráithe go cruinniú gach re mí. Le linn 2021, d'éirigh leis an gCoiste um Maoirseacht Riosca a chuir cruinnithe a reáchtáil go fíorúil.

Tá an Coiste um Maoirseacht Riosca freagrach as tacú le bainistíocht riosca laistigh den Chomhairle agus buaileann sé le hionadaithe roghnaithe ó na stiúrthóireachtaí chun Cláir Rioscaí na Stiúrthóireachtaí aonair a athbhreithniú, agus cuirtear iad seo go díreach le Clár Rioscaí foriomlán na Comhairle. Bhuail an Coiste um Maoirseacht Riosca le chéile cúig huaire le linn 2021 agus reáchtáladh na cruinnithe go fíorúil. Déanann an Foghrúpa Bainistíochta um Fhorbairt Chorparáideach maoirseacht ar obair an Choiste um Maoirseacht Riosca agus déanann an foghrúpa meastóireacht agus athmheasúnú ar gach riosca corparáideach dhá uair sa bhliain.

Ansin cuireann an Foghrúpa Bainistíochta um Fhorbairt Chorparáideach an Clár Rioscaí Corparáideacha faoibhráid na Foirne

Ardbhainistíochta i gcomhair tuilleadh plé agus le hainm a chur leis sa deireadh.

Mar gheall ar an réiteach CalQRisk i gcomhair bainistíocht riosca, is féidir monatóireacht a dhéanamh ar athruithe ar chláir rioscaí agus anailís a dhéanamh ar na cláir rioscaí. De bharr na feidhmiúlachta, is féidir léargas a fháil ar chláir rioscaí agus é a chur i gcomparáid le léargas eile chun bunathruithe ar na deich riosca is mó a thaispeáint.

Ionad Teagmhála, Príomh-lasc-chlár agus Ionad Teagmhála Seirbhísí Custaiméara Fáiltithe in 2021

Rannán/Seirbhís	Líon iomlán glaonna a láimhseáladh	Ríomhphoist a fuarthas
Ionad Teagmhála (Iomlán)	77,622	6,640
Lasc-chlár	78,684	N/B
Lasmuigh de ghnáthuaireanta	3,184	N/B

Ionad Teagmhála Custaiméirí

In 2021 bhain 63% de ghlaonna le Mótarcháin san iomlán agus bhí Cothabháil Tithe sa dara háit ag 22%.

Cuireadh córas ar líne ar bun ar fud thairseach custaiméirí na Comhairle chun coinní Mótarchánach custaiméirí a bhainistiú agus is é an tAonad um Sheirbhísí do Chustaiméirí a bhainistíonn é seo. Láimhseáladh 1,123 íocaíocht cárta creidmheasa san iomlán.

Príomhlasc Halla an Chontae

Is féidir glaonna a fhreagairt agus a aistriú go cianta gan stró leis an gcóras guthán.

Seirbhís lasmuigh de ghnáthuaireanta

Bhí teagmhas aimsire dearg ann, Stoirm Barra, ar an 8 Nollaig 2021. Le linn an teagmhais aimsire seo, láimhseáil an Soláthraí Seirbhíse lasmuigh de ghnáthuaireanta 240 glao.

Oifig na Gaeilge

Is é ról Oifig na Gaeilge a chinntiú go mbíonn Comhairle Contae Chorcaí fáilteach agus tacúil i leith cearta an phobail teagmháil a dhéanamh léi trí mheán na Gaeilge, comhlíonadh leis na hoibleagáidí ábhartha reachtaíochta a chinntiú agus an teanga a chur chun cinn trí oibríochtaí laethúla na Comhairle.

Tá Oifig na Gaeilge fós ag dul i gcomhairle le grúpa sainleasa Gaeilge agus le hionadaithe ón dá réigiún Gaeltachta i gContae Chorcaí, chomh maith le heagraíochtaí eile Ghaeilge.

Reáchtáladh imeachtaí i gcomhair Sheachtain na Gaeilge 2021 ar líne den chuid is mó mar gheall ar shrianta leanúnacha na paindéime COVID. Reáchtáladh na himeachtaí seo i gcomhar le Rannán Leabharlainne agus Ealaíon na Comhairle. Áiríodh leis na himeachtaí seo na nithe seo a leanas:

- Seisiún Scéalaíochta do Scoileanna le Róisín Murphy

- Léamha taifeadta de rainn do pháistí le Paddy O’Brien, scéalaí iomráiteach, á dtionlacan ag físeáin bheochana a chruthaigh Avril O’Brien a eisíodh ar chainéal YouTube Comhairle Chontae Chorcaí agus a roinneadh sna meáin shóisialta.

- Ceardlann ar líníocht ghreannáin do dhaltaí scoile i scoileanna roghnaithe le Aidan Courtney as CoimicíGael, cruthaitheoir greannán dátheangach agus ealaíontóir.

- Físeán de Shiobhán Ní Mhuimhneacháin, údar do pháistí, ag léamh óna leabhar Gaeilge do pháistí, 'An Gadaí Dubh'. Reáchtáladh comórtas ar Twitter i bpáirtíocht leis seo agus bronnadh cóipeanna dá leabhar mar dhuaiseanna.

Lean Oifig na Gaeilge dá hobair le hOifig Ealaíon Chontae Chorcaí tríd an scéim Gaeilge i gcatagóir na n-ealaíon i scéim deontais ealaíon na Comhairle a chistiú.

Chuir sí tacaíocht airgeadais ar fáil freisin chun an díolaim Songs from the Múscraí Gaeltacht le hAcadamh Fódhla, thug sí tacaíocht airgeadais don chatagóir Gearrscannán Gaeilge i bhféile scannánaíochta agus ghlac sí páirt sa phainéal moltóirí don chatagóir seo. Ba é an scannán beochana ‘An Gadhar Dubh’ (The Black Dog) a bhuaigh sa chatagóir seo.

Tá an tOifigeach Gaeilge ag leanúint de pháirt ghníomhach a ghlacadh i ngníomhaíochtaí de chuid Fhoireann Cultúir na Comhairle agus Éire Chruthaitheach chomh maith le páirt a ghlacadh i gCoiste Beartais Straitéiseacha na nEalaíon, an Chultúir agus na dTeangacha a bhuaileann le chéile go ráithiúil.

In 2021 chuir Oifig na Gaeilge ranganna Gaeilge ar líne ar fáil do 120 ball foirne i gcomhar le Coláiste na Rinne chun líofacht sa

teanga a fheabhsú. Reachtáladh na ranganna in dhá sciar agus ar leibhéil éagsúla ó leibhéal TEG A0 (glantosaítheoirí) go B2 (idirmheánach uachtarach).

Coinnítear suíomh gréasáin, tairseach custaiméirí agus seirbhísí ar líne Chomhairle Contae Chorcaí sa chaoi go gcinnteofar go bhfuil an t-ábhar seasta ar fáil sa Bhéarla agus sa Ghaeilge araon.

In 2021 chuir Comhairle Contae Chorcaí lena haschur Gaeilge sna meáin agus sna meáin shóisialta.

Postálacha meán sóisialta as Gaeilge	Nuacht agus Fógraí Poiblí ar an Suíomh Gréasáin as Gaeilge	Preasráitis eisithe go dátheangach chuig na meáin
54	55	30

Tá Oifig na Gaeilge ag leanúint dá comhpháirtíocht le hOifig an Choimisinéara Teanga i dtaca le comhlíonadh Acht na dTeangacha Oifigiúla agus oibleagáidí reachtaíochta gaolmhara eile.

Achtaíodh an tAcht nua Teangacha (Leasú) 2021 i mí na Nollag 2021.

Fodhlite

- Níor glacadh le haon fhodhlite in 2021

Naisc le Limistéir eile Údarás Áitiúil

- Cuairt ar bith in 2021

Bainistiú Réadmhaoine

Tá an Rannóg um Bainistiú Réadmhaoine freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar gach idirbheart réadmhaoine do Chomhairle Contae Chorcaí, agus do na stiúirthóireachtaí bóithre, pleanála agus tithíochta den chuid is mó. In 2021, tugadh na hidirbhearta seo a leanas chun críche:

Líon iomlán Orduithe don bhliain 2021	55			
Líon iomlán Idirbheart don bhliain 2021	461			
	TUAISCEART	DEISCEART	IARTHAR	IDIRBHEARTA SA BHLIAIN GO NUIGE SEO
Talún a fháil, lena n-áirítear NRA	5	12	3	20
Idirbheart um chead slí/ceart bealaigh	11	12	15	38
Idirbheart Léasa/Ceadúnais	6	14	15	35
Idirbheart diúscairtí	23	27	17	67
Tithe a fháil, lena n-áirítear Cuid V /lándéanta (314 teach)	49	145	90	284
Ilghnéitheach	4	8	5	17
(Comórtas tairisceana foirgneamh a fháil, 2 x Céadchlárú, 2 x coigeartú teidil, cealú léasa, comhaontú feistithe, tailte a ligean ar léas in 2021 i gContae Chorcaí, agóid i gcoinne iarratas ar chlárú tailte agus géilleadh léasa)	98	218	145	461

Saoráidí agus Póirtéirí

Tá an rannóg seo freagrach as na foirgnimh ar an gcampas, Halla an Chontae, Ceanncheathrú na Leabharlann Contae, an Mol um Fhás Gnó, an Foirgneamh um Rialú Dóiteáin, an carrchlós il-leibhéal agus limistéir sheachtracha. Láimhseáiltear timpeall 1,400 iarratas chuig an Deasc Chabhrach um Shaoráidí gach bliain.

Tá 15,000 sócmhainn inchothabhála ar an láthair agus áirítear le cothabháil:

- Cothabháil reachtúil, brath dóiteáin, aisréadóirí, soisliú éigeandála, suiteálacha gáis, tástáil leictreachais, ardaitheoirí paisinéirí, cáilíocht uisce, córais sábhála ó thitim, etc.
- Cothabháil choisctheach bheartaithe ar gach córas meicniúil, leictreach agus foirgnimh; amhail aerchóiriú, láimhseáil aeir, téamh agus dáileachán, cosaint ar thintreach, TCI, aláraim ionraidh, rialú rochtana, trealamh cistine, aonaid fhuaraithe, córas bainistíochta foirgneamh, etc.
- Cúltaca i gcomhair cliseadh leictreachais agus tástáil líonra leictreachais
- Giniúint leictreachais leanúnachais gnó, soláthar doibríste cumhachta, tástáil dé-óide ciorcaid iarmharaigh, íomháu teirmeach, tástáil agus cothabháil claochladán agus lascthrealaimh, tástáil coiscis lúibe talmhaithe
- Cigireachtaí reachtúla - Árachas/cigireachtaí Irish Engineering Services
- Planda agus Trealamh Criticiúil Gnó - ardaitheoir paisinéirí, coirí, umair uisce, calraitheoirí, árthaí brú, córas múchta dóiteáin cistine uathobrithe

- An tOifigeach Rochtana – comhairle a chur ar fáil do na hoifigh sin sa Chomhairle atá freagrach as rochtain do chách a chinntiú ar ionaid réadmhaoine faoi úinéireacht (phoiblí) na Comhairle ar fud an chontae chomh maith le rochtain ar limistéir phoiblí de champas halla an chontae abhainistiú.
- Bainistíocht Fuinnimh – oibriúchán éifeachtúil fuinnimh fhoirgnimh champas Halla an Chontae a chinntiú, lena n-áirítear bainistíocht dramhaíola, agus íoslaghdú thionchar an oibriúcháin ar an gcomhshaol a chinntiú.
- Bainistíocht Iónadóireachta – soláthar seirbhíse ardchaighdeán lónadóireachta ag soláthraithe seirbhíse ar conradh a chinntiú don fhoireann, do chomhaltaí tofa agus do phátrúin ar láithreán halla an chontae.
- Bainistíocht Slándála – soláthar timpeallachta sláine oibre a chinntiú don fhoireann, do chomhaltaí tofa agus do dhaoine den phobal ag freastal ar champas halla an chontae trí mheascán de baill foirne phóirtéireachta á bhfostú go díreach agus soláthraithe seirbhíse slándála ar conradh.

Déanann an Rannán Saoráidí obair a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

- Sábháilteacht OHSAS 18001
- Fuinneamh ISO50001, EMAP (Plean Gníomhaíochta um Bainistíocht Fuinnimh),
- NEEAP (Plean Gníomhaíochta Náisiúnta um Éifeachtúlacht)
- Ceangaltais faoin bPlean Gníomhaíochta ar son na hAeráide

Áirítear leis na tionscnaimh eile a críochnaíodh in 2021:

- Oibreacha uasghrádaithe closamhairc ar sheomra cruinnithe sheomra na comhairle chun cruinnithe cumaisc a éascú. Threoraigh Seirbhísí Corparáideacha an tionscadail.
- Athbhreithniú iomlán ar an gcóras bainistíochta foirgneamh agus cur i gcrích oibreacha deisiúcháin chun seasmhacht an chórais a chinntiú trí chúltacaí agus athbhreithniú ar na rialuithe chun éifeachtúlacht fuinnimh a uasmhéadú le linn oibriúcháin a mbeadh coigilteas 8% ann mar thoradh air san ídiú gáis agus leictreachaisaraon (fiú nuair a chuirtear uaireanta oibre breisithe de bharr COVID san áireamh).
- An córas monatóireachta aláram dóiteáin a uasghrádú chun a chinntiú go mbeidh leibhéal ardaithe iomarcaíochta sa chóras i gcomhair oibreacha a d'fhéadfadh a bheith ann sa toadhcháil.
- Forbairt Pleanála Leanúnachais Gnó - chun na córais bhainistíochta agus rialaithe sin a úsáidtear chun oibriúchán leanúnach an champais a chinntiú a shainiú agus a thástáil.
- Bearta cosanta i gcoinne COVID-19 a shuiteáil, lena n-áirítear athruithe ar oibriú córas téimh agus aerála meicniúil mar aon le bainistíocht leanúnach ar shaoráidí oibriúcháin foirgneamh chun rochtain agus oibriúchán sábháilte an champais a chinntiú i gcomhair soláthar seirbhíse don phobal, don fhoireann agus do chomhaltaí tofa.
- Limistéar forhalla a leagan amach i Halla an Chontae i gcomhair cruinnithe de chuid na Comhairle.

Póirtéirí

Soláthraíonn an rannán seirbhíse Fáilteachais agus Eolais chomh maith le feidhm shlándála foireannaithe agus déanann sé rialúchán rochtana, TCI agus córais aláram ionraidh a mhonatóiriú agus a oibriú. Socraíonn an fhoireann seo an seomra cruinnithe agus seiceálann siad trealamh closamhairc chomh maith le seiceálacha laethúla ar rochtain ar na foirgnimh. Lena chois sin, oibríonn an fhoireann seo in éineacht leis an bhFoireann Saoráidí chun leagan amach imeachtaí corparáideacha agus eile a shocrú i bhforhalla Halla an Chontae agus in áiteanna eile san fhoirgneamh.

Cumarsáid agus Margáíocht Chorporáideach

Tacaíonn an Oifig Cumarsáide le cumarsáid corparáideach, caidreamh meán agus gníomhaíocht mhargáíochta sna meáin thraidisiúnta agus nua ag Comhairle Contae Chorcaí. Tá sé mar aidhm ag an Oifig Cumarsáide seirbhíse, gníomhaíochtaí, mianta agus cinntí na Comhairle a chur chun cinn go soiléir, go macánta agus go hoscailte do shaoránaigh agus gnólachtaí.

Forbraíodh clú na hOifige mar fhoine eolais iontaofa thráthúil agus ábhartha thar bhlianta a chuaigh thart roimhe seo agus baineadh úsáid as go hiomlán chun daoine a chur ar an eolas maidir le bearta sláinte poiblí agus chun rochtain ar thacaíochtaí a chur chun cinn i rith na paindéime COVID-19. Áiríodh leis seo tionscnaimh náisiúnta agus áitiúla um fholláine agus scéimeanna deontais do ghrúpaí gnó agus pobail a chur chun cinn.

Na Meáin

Bhainistigh an Oifig Cumarsáide 699 ceist ó na Meáin agus is ardú 9% é sin ón mbliain 2020. Cinntítear go soláthraítear faisnéis thrédhearcach agus chruinn do na meáin trí fhreagairtí agus soiléirithe tráthúla. Eisíodh 261 eisiúint meán in 2021, agus cinntíodh gur cuireadh saoránaigh Chontae Chorcaí ar an eolas faoi imeachtaí agus tionscadail na Comhairle agus gur tugadh fógraí dóibh faoi theagmhais ag dul i gcion ar phobal Chontae Chorcaí, ó theagmhais aimsire déine go fógraí ar an bpaindéim COVID-19 agus leanúnachas seirbhíse le linn srianta. Lena chois sin, dhréachtaigh an Oifig Cumarsáide an iliomad gné-alt fógraíochta, réamhráite, fógraí preasa/raidíó agus feachtas feasachta pobail áitiúla agus chuidigh sí leo freisin.

Feachtais, Imeachtaí agus Teagmhais Ríthábhachtacha

Bhainistigh Oifig Cumarsáide Chomhairle Contae Chorcaí roinnt feachtas agus imeachtaí le linn na bliana agus thacaigh sí leo, lena n-áirítear:

Feachtais:

- Plean Forbartha Contae - rannpháirtíocht phoiblí

- Ag dul i mbun Feachtais Náisiúnta Sláinte Poiblí agus ag cur leo.
- Clár an tionscadail ACT (Activating County Towns)
- Tionscadal Bóithre an N22
- Scéimeanna béilí amuigh faoin aer
- Plean Feabhsúcháin Iompair agus Ríochta Poiblí Charraig Uí Leighin (TPREP)
- An tsraith taibhithe beo Cork Co Co Pops
- Feachtas in aghaidh an bhruscair – Be Proud, Be Sound, Leave No Trace
- An aip Thurasóireachta 'Explore Cork'
- County Cork Economic Monitor
- Your Council Day (Lá doChomhairle) 2021
- Seachtain na hEolaíochta
- An tSeachtain Sábháilteachta Dóiteáin
- Be Summer Ready (Bí Réidh don Samhradh)
- An feachtas idirghníomhaireachta Be Winter Ready (Bí Réidh don Gheimhreadh)
- Bród Chorcaí
- Físeán Cuimhneacháin 9/11
- Check the Register (Seiceáil an Clár)
- Seachtain an Aosaith Dhearfaigh
- Bike Week (Seachtain na Rothar)
- Áit Súgartha Chaisleán Mhala a oscailt
- Trucaíl nua Leabharlainne Taistil a sheoladh
- Comharthaí i gcomhair Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí agus Pleananna Baile um Pailneoirí
- A Real Cork Christmas
- Tionscnaimh charthanachta "soilithe" i Halla an Chontae a chur chun cinn sna meáin shóisialta
- Clár tacaíochta pobail COVID-19 agus Clár Folláine Chomhairle Contae Chorcaí a chur chun cinn
- Fógraí maidir le Bóithre, Uisce agus Sábháilteacht Trá
- Nuashonruithe míosúla/seachtainiúla na gCeantar Bardasach
- Nuashonruithe seachtainiúla faoi na bóithre
- Folúntais phoist ag Comhairle Contae Chorcaí
- Tionscnaimh éagsúla thurasóireacht, oidhreacht, chomhshaoil, leabharlainne agus ealaíon a chur chun cinn agus scaipeadh
- Cistí agus scéimeanna éagsúla de chuid na Comhairle atá ar fáil don phobal a chur chun cinn



Scéim béilí amuigh faoin aer Chomhairle Contae Chorcaí a sheoladh i Maigh Chromtha i mí an Mheithimh 2021.

Aimsir dhian:

- Rabhadh oráiste báistí, Feabhra 2021
- Stoirm Barra, Nollaig 2021

Imeachtaí:

- Ceiliúradh fíorúil Lá Fhéile Pádraig
- Gradaim fhíorúla an Mhéara, 2021
- Seimineár gréasáin ar Gheilleagar Chuan Chorcaí
- Clárchosán Eochaille - oscailt oifigiúil
- Inis Sionnach - oscailt oifigiúil
- Fáiltiú do na rámhaithe Oilimpeacha
- Bóthar Faoisimh Cheann Toirc - oscailt oifigiúil
- Cuairteanna Airí



Páirc an Phobail, Inis Sionnach - oscailt oifigiúil, Iúil 2021



Fáiltiú do theacht abhaile na Foirne Oilimpí Rámhaíochta ag an Ionad Náisiúnta Rámhaíochta, Inis Cara, i mí Lúnasa 2021.

Oifig Mhéara an Chontae sna Meáin

Oibríonn an Oifig Cumarsáide chun aird a tharraingt ar Oifig Mhéara Chontae Chorcaí agus cinntíonn sí go dtapaítear deiseanna don Mhéara ionadaíocht a dhéanamh do shaoránaigh Chontae Chorcaí, i dtaca le himeachtaí agus i dtaca le ceisteanna suntasacha áitiúla/náisiúnta araon.

Chuidigh an Fhoireann Cumarsáide le hOifig an Mhéara le 48 óráid agus/nó script físe a chur ar fáil in 2021, lena n-áirítear teachtaireachtaí físe a thairfeadh nuair ba ghá.

- Dréachtaíodh 25 colún don Mhéara lena bhfoilsíú (gach coicís) in The Examiner.
- Dréachtaíodh 25 colún don Mhéara lena bhfoilsíú (gach coicís) in The Cork Independent.

Cumarsáid i dtaca le Mórreigeandálaí

Glacann Oifig Cumarsáide Chomhairle Contae Chorcaí páirt san Fhoghrúpa Idirghníomhaireachta um Bainistíocht Mórreigeandálaí do Chumarsáid Phoiblí, lena n-áirítear cruinnithe rialta chun deiseanna a shainiú comhoibriú agus eolas a roinnt maidir le sláinte phoiblí agus comhairle eile, e.g. an feachtas Bí Réidh don Gheimhreadh agus comhairle maidir le COVID-19 chomh maith le rannpháirtíocht i gcleachtaí mórreigeandála.

Na Meáin Shóisialta

Tá 69,989 leantóir ag cuntais meán sóisialta Chomhairle Contae Chorcaí. Tá an líon seo leantóirí ag dul i méid go leanúnach agus tá ardú mór tagtha ar an líon taispeántí (an líon uaireanta a fheictear postáil) agus ar an rannpháirtíocht (an méid idirghníomhaíochta le próifílí meán sóisialta na comhairle). Bhain níos mó ná 13.2 milliún taispeánt agus 206,860 rannpháirtíocht le postálacha ar Chainéil Meán Sóisialta Chomhairle Contae Chorcaí in 2021. Is léir ó na harduithe tobanna a tháinig ar rannpháirtíocht agus taispeántí roimh theagmhais aimsire déine agus feachtais feasachta agus lena linn go bhfuil muinín ag an bpobal ionainn mar fhoinsí iontaofa agus thráthúil eolais thábhachtaigh.



Suíomh Gréasáin

Lean an Fhoireann Cumarsáide ag cothabháil Shuíomh Gréasáin Corparáideach Chomhairle Contae Chorcaí sa Bhéarla agus sa Ghaeilge araon agus chinntigh sí go mbeadh rochtain leanúnach air ag daoine ag iarraidh seirbhísí na Comhairle chomh maith le heolas ar an éagsúlacht mhór tacaíochtaí arna bhforbairt do dhaoine aonair agus do ghrúpaí pobail le linn na paindéime COVID-19.

CUMARSÁID INMHEÁNACH

Inlíon

D'oibrigh an Fhoireann Cumarsáide i gcomhar le stiúrthóireacht TFC Chomhairle Contae Chorcaí chun inlíon nua foirne a dheardh agus a fhorbairt chun cuidiú le próiseas cumarsáide inmheánach comhtháite a sholáthar chun tacú le gach réimse de Chomhairle Contae Chorcaí. Seoladh an mol nua foirne in 2021.

Bainistíonn an Oifig Cumarsáide córas inmheánach foláireamh téacs i gcomhair nuashonruithe criticiúla agus fógraí éigeandála do bhaill foirne Chomhairle Contae Chorcaí agus eisíodh 20 teachtaireacht feachtais.



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

Cumarsáid

Figiuirí tiomsaithe idir Eanáir 2021 agus Nollaig 2021

Dearcadh
Dearfach 43%
Diúltach 39% 18%
Neodrach 39%

Freastal
Preas 412m
Ar líne 267m
Teilifís 13m
Raidió 112m

261 NEWS
Nuacht
Preaseisiúint
94% Foilsithe

699
Ceist ó na Meáin a Freagraíodh
Méadú 4%

Oifig an Mhéara
096
Óráid & Colún

Twitter
26,881
Leantóir
4,896,000
Taispeánt

Facebook
31,220
Leantóir
12,073,869
Taispeánt

Instagram
4,012
Leantóir
567,089
Taispeánt

LinkedIn
7,786
Leantóir
561,794
Taispeánt

Líon Iomlán
Amharc
ar Leathanaigh
2,115,633
www.corkcoco.ie/GA

45,124
Úsáideoir Gníomhach
sa Mhí
www.corkcoco.ie/GA

57%
d'Úsáideoirí ag Fáil Rochtana ar Ghléas Móibíleach
www.corkcoco.ie/GA

Coistí um Beartais Straitéiseacha



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

An Coiste um Beartais Straitéiseacha, Uimh. 1

Pleanáil & Forbairt Straitéiseach

An tUas. Michael Lynch, Stiúrthóir Pleanála agus Forbartha Straitéisí

14 Comhaltaí den Chomhairle

Ionadaithe Chomhairle Contae Chorcaí Cathaoirleach: Clr Michael Hegarty, Riarthóir Cruinnithe: Kevin O'Regan
Comhalta
Clr Noel Collins
Clr Michael Hegarty
Clr Liam Madden
Clr Tony O'Shea
Clr Ted Lucey
Clr Michael Paul Murtagh
Clr Frank O'Flynn
Clr Seamus McGrath
Clr Sheila O'Callaghan
Clr Joe Carroll
Clr Bernard Moynihan
Clr Alan Coleman
Clr Frank Roche
Clr James Kennedy

Earnáil	Ionadaí
Talmhaíocht	Billy Cotter
Gnó & Fostóirí	Aiden O'Neill
Comhshaol / Caomhantas	Bernadette Connolly
Forbairt / Tógáil	Michael O'Flynn
Pobal / Obair Dheonach	Carol Harpur
Ionchuimsiú Sóisialta	Tadgh Quill-Manley
Eile	An tOll. Donagh Berry

An Coiste um Beartais Straitéiseacha, Uimh. 2

Comhshaol, Gníomhú ar son na hAeráide & Bithéagsúlacht

An tUas. Louis Duffy, Stiúrthóir Seirbhísí Comhshaoil agus Éigeandála

14 Comhaltaí den Chomhairle

Ionadaithe Chomhairle Contae Chorcaí Cathaoirleach: Clr Anthony Barry, Riarthóir Cruinnithe: Ted O'Leary
Comhalta
Clr Jack White
Clr Kevin Murphy
Clr Anthony Barry
Clr Gerard Murphy
Clr Alan O'Connor
Clr Liam Quaide
Clr Deirdre Kelly
Clr Michael Looney
Clr Audrey Buckley
Clr Sean O'Donovan
Clr Deirdre O'Brien
Clr Ross O'Connell
Clr Cathal Rasmussen
Clr Marcia D'Alton

Earnáil	Ionadaí
Talmhaíocht	Chris Hayes
Gnó & Fostóirí	Cian Murphy
Comhshaol / Caomhantas	Raffaella Valenti Caitríona Courtney
Forbairt / Tógáil	Michael O'Shea
Pobal / Obair Dheonach	Conor O'Brien
Ionchuimsiú Sóisialta	
Eile	Madeleine Murray Proinsias Ó'Tuama

An Coiste um Beartais Straitéiseacha, Uimh. 3

Forbairt Gheilleagrach & Fiontraíocht

Sharon Corcoran, Stiúrthóir um Fhorbairt Gheilleagrach & Fiontraíocht

14 Comhaltaí den Chomhairle

Ionadaithe Chomhairle Contae Chorcaí Cathaoirleach: Clr Frank O'Flynn, Riarthóir Cruinnithe: John Forde
Comhalta
Clr Michael Hegarty
Clr Susan McCarthy
Clr John Paul O'Shea
Clr Kay Dawson
Clr John O'Sullivan
Clr Frank O'Flynn
Clr Pat Hayes
Clr Ann Marie Ahern
Clr Gearóid Murphy
Clr Martin Coughlan
Clr Paul Hayes
Clr James Kennedy
Clr Gerard Murphy
Clr Noel McCarthy

Earnáil	Ionadaí
Talmhaíocht	Jimmy Hosford
Gnó & Fostóirí	Bryan O'Donnell
Ceardchumann	Michael Delargey
Forbairt / Tógáil	Aidan Mangan
Pobal / Obair Dheonach	Owen Hurley
Eile	An Dr Hobbs Martin Corkery Seamus Coffey

An Coiste um Beartais Straitéiseacha, Uimh. 4

Turasóireacht

Sharon Corcoran, Stiúrthóir um Fhorbairt Gheilleagrach & Fiontraíocht

14 Comhaltaí den Chomhairle

Ionadaithe Chomhairle Contae Chorcaí Cathaoirleach: Clr Alan Coleman, Riarthóir Cruinnithe: Rose Carroll
Comhalta
Clr Karen Coakley
Clr Susan McCarthy
Clr Marie O'Sullivan
Clr John O'Sullivan
Clr Deirdre Kelly
Clr Joe Carroll
Clr Pat Hayes
Clr Sean O'Donovan
Clr Alan Coleman
Clr Declan Hurley
Clr Danny Collins
Clr Sean O'Connor
Clr Paul Hayes
Clr Mary Linehan Foley

Earnáil	Ionadaí
Talmhaíocht	
Gnó & Fostóirí	Derry Cronin Aaron Mansworth
Pobal / Obair Dheonach	Doug Lucey
Eile	Josephine ODriscoll Clayton Love Valerie Murphy Eileen O'Shea

An Coiste um Beartais Straitéiseacha, Uimh. 5

Tithíocht

Sharon Corcoran, Stiúrthóir um Fhorbairt Gheilleagrach & Fiontraíocht

14 Comhaltaí den Chomhairle

Ionadaithe Chomhairle Contae Chorcaí Cathaoirleach: Clr Seamus McGrath, Riarthóir Cruinnithe: Fiona Hayes
Comhalta
Clr Noel Collins
Clr Liam Madden
Clr Noel McCarthy
Clr Sinead Sheppard
Clr Anthony Barry
Clr Seamus McGrath
Clr Gillian Coughlan
Clr Patrick Gerard Murphy
Clr Mary Linehan Foley
Clr Ben D'Alton O'Sullivan
Clr Sean O'Connor
Clr Cathal Rasmussen
Clr Danny Collins
Clr Danielle Twomey

Earnáil	Ionadaí
Ceardchumann	Colm J Cronin
Forbairt / Tógáil	Stephen McCarthy Susan R.Cullen
Pobal / Obair Dheonach	Eileen Kelly McCarthy
Ionchuímsiú Sóisialta	Jose Ospina Margarita O'Driscoll

An Coiste um Beartais Straitéiseacha, Uimh. 6

Bóithre & Iompar

An tUas. Pádraig Barrett, Stiúrthóir um Bóithre & Iompar

14 Comhaltaí den Chomhairle

Ionadaithe Chomhairle Contae Chorcaí Cathaoirleach: Clr Declan Hurley, Riarthóir Cruinnithe: Noreen Murphy
Comhalta
Clr Michael Creed
Clr Tony O'Shea
Clr Kevin Murphy
Clr Ted Lucey
Clr Eileen Lynch
Clr Michael Paul Murtagh
Clr Michael Looney
Clr William O'Leary
Clr Deirdre O'Brien
Clr Ann Marie Ahern
Clr Gillian Coughlan
Clr Frank Roche
Clr Declan Hurley
Clr Ben D'alton O'Sullivan

Earnáil	Ionadaí
Talmhaíocht	
Gnó & Fostóirí	Seán Twohig
Ceardchumann	John Bowen
Comhshaol / Caomhantas	An Dr Darren McAdam-O'Connell
Forbairt / Tógáil	Seán Carrigy
Pobal / Obair Dheonach	Bríd Coakley
Ionchuímsiú Sóisialta	Tim Hanley
Eile	An Ceannfort Brendan Fogerty, Aled S. Williams

An Coiste um Beartais Straitéiseacha, Uimh. 7

Ionchuirsiú Sóisialta, Pobal & Forbairt Tuaithe

An tUas. Niall Healy, Oibríochtaí Ceantar Bardasach & Forbairt Tuaithe

14 Comhaltaí den Chomhairle

Ionadaithe Chomhairle Contae Chorcaí Cathaoirleach: Clr John Paul O'Shea Riarthóir Cruinnithe: Carol Conway
Comhalta
Clr Eileen Lynch
Clr Ian Doyle
Clr Audrey Buckley
Clr Bernard Moynihan
Clr Gobnait Moynihan
Clr Marcia D'Alton
Clr Michael Creed
Clr John Paul O'Shea
Clr Kay Dawson
Clr Marie O'Sullivan
Clr Katie Murphy
Clr Liam Quaide
Clr Danielle Twomey
Clr Ben D'alton O'Sullivan

Earnáil	Ionadaí
Ceardchumann	Eddie Mullins
Comhshaol / Caomhantas	Ana Ospina
Pobal / Obair Dheonach	Maire Kelly Pauline O'Dwyer Gavin Falk
Ionchuirsiú Sóisialta	Pat Dooley
Eile	

An Coiste um Beartais Straitéiseacha, Uimh. 8

Na hEalaíona, Cultúr & Teanga

An tUas. Niall Healy, Oibríochtaí Ceantar Bardasach & Forbairt Tuaithe

14 Comhaltaí den Chomhairle

Ionadaithe Chomhairle Contae Chorcaí Cathaoirleach: Clr Patrick Gerard Murphy, Riarthóir Cruinnithe: Ian McDonagh
Comhalta
Clr Karen Coakley
Clr Jack White
Clr Katie Murphy
Clr Sinead Sheppard
Clr Patrick Gerard Murphy
Clr Ian Doyle
Clr William O'Leary
Clr Gobnait Moynihan
Clr Ross O'Connell
Clr Martin Coughlan
Clr Gearóid Murphy
Clr Sheila O'Callaghan
Clr Alan O'Connor
Clr Ben D'alton O'Sullivan

Earnáil	Ionadaí
Gnó & Fostóirí	Kenneth Buckley
Pobal / Obair Dheonach	Colum Cronin Micheal De Buitléir
Ionchuirsiú Sóisialta	Judith Gilbert
Eile	Mary Hegarty Geoff Gould Eamon Lankford Ann Davoren

Aguisíní



Comhairle Contae Chorcaí
Cork County Council

Athbheithníú Bliantúil ar an bPlean um Sholáthar Seirbhíse 2021

Cuspóirí an Plean Bliantúil um Sholáthar Seirbhíse, 2021									
Priomhsheirbhís	Plean Corparáideach, Téama a hAon	Plean Corparáideach, Cuspóir a hAon	Plean Corparáideach, Téama a Dó	Plean Corparáideach, Cuspóir a Dó	Cuspóir den Plean um Sholáthar Seirbhíse	Caighdeán Feidhmíochta	Táscaire Feidhmíochta	Stádas	Trácht
Seirbhísí Corparáideacha - 19 gCuspóir									
Irish Office/Oifig na Gaeilge	1. Ár nDaoine	1.1 Forbairt	8. Cumarsáid	8.3 Féiniúlacht Bhranda	Úsáid mhéadaithe na Gaeilge agus ról an Oifigigh Gaeilge a chur chun cinn	Ranganna Gaeilge leata amach don fhoireann. Rannpháirtíocht a fheabhsú agus tacaíocht a thabhairt do dhá cheantar Gaeltachta.	Ní bhaineann le hábhar	Criochnaithe	
Comhaltai Tofa	1. Ár nDaoine	1.7 Feabhsú	7. Rialachas agus Daonlathas	7.5 Comhaltai Tofa a Chumasú	Ról daonlathach na gcomhaltai tofa a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt dó	Ról daonlathach na gcomhaltai tofa forbartha agus tacaíocht tugtha dó	Ní bhaineann le hábhar	Leanúnach	Tacaíocht leanúnach á tabhairt
Fáil Réadmhaoine, Gníomhaire Diolacháin & Léasaithe	2. Pobail láidre ionchuimsitheacha	2.1 Bailte beoga	2. Pobail láidre ionchuimsitheacha	2.2 Athghiniúint Tuaithe	Cuidiú le mol bailte beoga a chruthú trí chlár um athghiniúint uirbeach	Spricanna na Comhairle le bheith bainte amach faoi 2021	Ní bhaineann le hábhar	Leanúnach	Tacaíocht leanúnach do gach stiúthóireacht ag a bhfuil baint leis na tionscadail seo
Fáil Réadmhaoine, Gníomhaire Diolacháin & Léasaithe	5. Acmhainn Fáis	5.5 Tithíocht	2. Pobail láidre ionchuimsitheacha	2.1 Bailte beoga	Tacaíocht agus cúnaimh a thabhairt don Stiúthóireacht Tithíochta le spricanna na Roinne maidir le Tithíocht Shóisialta a bhaint amach	Spricanna na Roinne le bheith bainte amach faoi mhí na Nollag 2021	Ní bhaineann le hábhar	Leanúnach	Tacaíocht leanúnach don feidhm tithíochta
An Fhoireann um Chlaochlú Seirbhíse	6. Cáilíocht Seirbhíse	6.1 Dearadh Seirbhíse	9. Nuálaíocht	9.1 Nuálaíocht & Dearadh	Cur chuige duineáraithe bunaithe ar dhearadh a úsáid chun seirbhísí a chlaochlú agus príomhcuspóirí a sholáthar ar fud Chomhairle Contae Chorcaí	Uirlisí agus modhanna deartha seirbhíse úsáidte chun tionscadail a sholáthar Tionscadail bunaithe ar dheartha déanta don CPR	Ní bhaineann le hábhar	Leanúnach	Cuspóir leanúnach is ea é seo atá baili gach bliain don fhoireann
An Fhoireann um Chlaochlú Seirbhíse	6. Cáilíocht Seirbhíse	6.2 Claochlú Digiteach	6. Cáilíocht Seirbhíse	6.8 Rannpháirtíocht	Cumhacht seirbhísí digiteacha nithe a sholáthar do shaoránaigh, pobail, gnóilachtaí agus baili foirne ar fud na Comhairle agus an Chontae a threisíú trínár n-ardán seirbhísí ar líne	50 seirbhís dhigiteach soláthartha	Ní bhaineann le hábhar	Leanúnach	Cuspóir leanúnach is ea é seo atá baili gach bliain don fhoireann
An Fhoireann um Chlaochlú Seirbhíse	6. Cáilíocht Seirbhíse	6.3 Próis Nuálacha	9. Nuálaíocht	9.2 Claochlú Digiteach	Freastal ar an éileamh ar sholáthar luathaithe seirbhísí digiteacha, ag freagairt go hacil agus go solúbtha le linn na bliana do sheirbhísí nua nár beartaíodh ach atá rithbhachtach	10 seirbhís nár beartaíodh ach atá rithbhachtach a soláthraíodh in am	Ní bhaineann le hábhar	Criochnaithe	
Iníúchadh Inmheánach	6. Cáilíocht Seirbhíse	6.4 Gnó & Seirbhís	1. Ár nDaoine	1.1 Forbairt	Seirbhís chomhairleach iontaofa gnó a chur ar bun agus a chur chun cinn	Buail le 100% de na foirne sinsearacha aon uair amháin ar a laghad 100% de na hiarratais ar thacaíocht a sholáthar	Ní bhaineann le hábhar	Leanúnach	Faoin mar chuid de shamhail rannpháirtíochta iniúchóireachta leasaithe trí chomhairliúchán le CDG agus curtha i láthair an CE. Cuirfead tús le rannpháirtíochtaí foirmiúla le foirne sinsearacha i Ráite 1, 2022

Irish Office/Oifig na Gaeilge	6. Cáilíocht Seirbhíse	6.9 Soláthar	8. Cumarsáid	8.4 Rannpháirtíocht	Comhlíonadh Acht na dTeangacha agus Scéim Gaeilge Chomhairle Contae Chorcaí a chinntiú	Comhlíonadh Acht na dTeangacha agus na Scéim Gaeilge agus ceisteanna a tháinig chun cinn trí ACT a chur i gcrích	Ní bhaineann le hábhar	Criochnaithe	
Clár Toghthóirí	7. Rialachas agus Daonlathas	7.1 Daonlathas	7. Rialachas agus Daonlathas	7.5 Comhaltai Tofa a Chumasú	Toghchóras agus Clár Toghthóirí á gcothabháil agus cothrom le dáta.	n/b	Ní bhaineann le hábhar	Leanúnach	Nuashonraítear an clár toghthóirí agus an toghchóras ar bhonn leanúnach de réir mar a thagann vótálaithe nua in aois nó mar a bhogann siad chun an cheantair. Leanúnach.
Bainistíocht Riosca Corparáideach	7. Rialachas agus Daonlathas	7.2 Rialachas	7. Rialachas agus Daonlathas	7.3 Bainistíocht Riosca	Comhlíonadh reachtaíochta maidir le RGCS, saoráil faisnéise agus ceanglais eile rialachais a chinntiú agus tacaíocht a thabhairt do bhainistíocht riosca	An comhlíonadh is fearr is féidir le reachtaíocht ábhartha a chinntiú	Ní bhaineann le hábhar	Leanúnach	Leanúnach, ráiteas inghlacthachta riosca á forbairt agus athbheithniú ar an ardán CalQRist agus roghanna breise tuairiscithe á bplé
An Fhoireann um Chlaochlú Seirbhíse	7. Rialachas agus Daonlathas	7.3 Bainistíocht Riosca	7. Rialachas agus Daonlathas	7.2 Rialachas	Beartas na Comhairle um Bainistíocht Riosca Corparáideach a chur i bhfeidhm tríd an gCoiste um Maoirseacht Riosca	Reachtáladh 6 chruinniú den Choiste um Maoirseacht Riosca in 2021 Tugadh faoi athbheithniú ar Chlár Rioscaí na Stiúthóireachta ag gach cruinniú den Choiste um Maoirseacht Riosca	Ní bhaineann le hábhar	Criochnaithe	
Iníúchadh Inmheánach	7. Rialachas agus Daonlathas	7.6 Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí	6. Cáilíocht Seirbhíse	6.4 Gnó & Seirbhís	Próiseas leantach maidir le moltaí iniúchóireachta a chur i bhfeidhm agus tacaíocht a thabhairt dó mar an chéim dheireanach de sholáthar dearbhaite iniúchóireachta	Moltaí stairiúla oscailte a laghdú de 20% faoi dheireadh na bliana	Ní bhaineann le hábhar	Criochnaithe	
Iníúchadh Inmheánach	7. Rialachas agus Daonlathas	7.6 Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí	6. Cáilíocht Seirbhíse	6.4 Gnó & Seirbhís	Plean Iniúchóireachta a Chomhaontú don bhliain 2022	Faomhadh agus ainm curtha leis ag an gCoiste Iniúchóireachta agus ag CE faoi dheireadh na bliana	Ní bhaineann le hábhar	Leanúnach	Comhaontaithe le CE agus cuirfead i láthair an Choiste Iniúchóireachta é ar an 17 Feabhra 2022
Iníúchadh Inmheánach	7. Rialachas agus Daonlathas	7.6 Iniúchóireacht Inmheánach agus an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí	6. Cáilíocht Seirbhíse	6.4 Gnó & Seirbhís	An t-iníúchadh a comhaontú sa Plean Iniúchóireachta a sholáthar, 2021	22 Tuarascálacha, eisíodh 50% de na tuarascálacha deiridh agus 25% de na dréacht-tuarascálacha, bhí 25% acu idir lámha ag deireadh na bliana	Ní bhaineann le hábhar	Criochnaithe	
Caidreamh Poiblí/Poiblíocht	8. Cumarsáid	8.1 Plean	8. Cumarsáid	8.2 Comhoibriú	An Straitéis um Cumarsáid agus Margaiocht Chorpóraideach a chur i bhfeidhm	Ábhar a chruthú atá beartaithe agus ainiúite le cuspóirí corparáideacha, clúdaithe ag na meán, an suíomh gréasáin agus soc eng	C3B: Lion iomlán leantóirí suímh gréasáin agus meán sóisialta ag deireadh 2020	Leanúnach	Straitéis criochnaithe, leagan cló á chur chun cinn, cur i bhfeidhm leanúnach.
Caidreamh Poiblí/Poiblíocht	8. Cumarsáid	8.3 Féiniúlacht Bhranda	8. Cumarsáid	8.4 Rannpháirtíocht	A chinntiú go nglacann an eagraíocht le prionsabail dea-chleachtas maidir le cur i bhfeidhm bhranda na Comhairle.	A chinntiú go nglacann an eagraíocht le prionsabail dea-chleachtas maidir le cur i bhfeidhm bhranda na Comhairle.	Ní bhaineann le hábhar	Leanúnach	Forbraíodh leabhar branda agus rinneadh dul chun cinn maidir le conas na prionsabail seo a chur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta.
An Fhoireann um Chlaochlú Seirbhíse	9. Nuálaíocht	9.1 Nuálaíocht & Dearadh	6. Cáilíocht Seirbhíse	6.3 Próis Nuálacha	Tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt timpeallachta nuálaíochta agus agus straitéis nuálaíochta do Chomhairle Contae Chorcaí trí dearadhseirbhíse, smaointeoireacht deartha, digitú agus éirim ghnó	Lionra nuálaíochta i bhfeidhm Plean Comhaontaithe chun Straitéis Nuálaíochta a fhorbairt	Ní bhaineann le hábhar	Moillithe nó curtha ar aghaidh	Comhaontú ar líonra nuálaíochta agus forbairt straitéise nuálaíochta curtha siar go dtí 2022

An Fhoireann um Chlaiocht Seirbhíse	9. Nuálaíocht	9.3 Éirim Ghnó	6. Cáilíocht Seirbhíse	6.4 Gnó & Seirbhís	Cinnteoireacht fheasach straitéiseach a chumasú trí anaílíocht sonraí agus tuairiscí éirime gnó chun tacú le Straitéisí, Pleananna agus Seirbhísí Chomhairle Contae Chorcaí	15 thuarascáil éirime gnó eile forbartha	Ní bhaineann le hábhar	Críochnaithe	
Atumaetha Contae - 7 gCuspóir									
Dlíthíocht Ard-Chúirte, Cúirte Cuarda agus Cúirte Dúiche	6. Cáilíocht Seirbhíse	6.4 Gnó & Seirbhís	7. Rialachas agus Daonlathas	7.4 Gnó, Seirbhísí & Córais	Seirbhís éifeachtach dlíthíochta a chur ar fáil don Chomhairle mar is gá agus nuair is gá	Caighdeán Gairmiúil	Ní bhaineann le hábhar	Críochnaithe	
Ionadaíocht a dhéanamh don Chomhairle i bpróisis éagsúla reachtúla, e.g. eadránú agus éisteacht ó bhéal	6. Cáilíocht Seirbhíse	6.4 Gnó & Seirbhís	7. Rialachas agus Daonlathas	7.4 Gnó, Seirbhísí & Córais	Ionadaíocht a dhéanamh don Chomhairle ar bhealach éifeachtach agus gairmiúil i bpróisis reachtúla	Caighdeán Gairmiúil	Ní bhaineann le hábhar	Críochnaithe	
Seirbhís chomhairleach dlí a chur ar fáil don lucht ard bhainistíochta agus do Stiúrthóirí Seirbhíse	6. Cáilíocht Seirbhíse	6.4 Gnó & Seirbhís	7. Rialachas agus Daonlathas	7.4 Gnó, Seirbhísí & Córais	Comhairle dlí a chur ar fáil ar bhealach tráthúil agus éifeachtach	Caighdeán Gairmiúil	Ní bhaineann le hábhar	Críochnaithe	
Éadálacha agus Diúsairtí a thiolacadh thar ceann na Comhairle.	6. Cáilíocht Seirbhíse	6.4 Gnó & Seirbhís	7. Rialachas agus Daonlathas	7.4 Gnó, Seirbhísí & Córais	Seirbhís réadmhaoiné éifeachtach agus gairmiúil a chur ar fáil	Caighdeán Gairmiúil	Ní bhaineann le hábhar	Críochnaithe	
